2025/1456

18.7.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1456 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Iúil 2025

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí alúmana chomhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 7 de,

Tar éis dul i gcomhairle leis na Ballstáit,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Tionscnamh

(1) An 21 Samhain 2024, thionscain an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') imscrúdú frithdhumpála i ndáil le hallmhairí alúmana chomhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann' nó 'an tSín') ar bhonn Airteagal 5 'den bhun-Rialachán'. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([2]) ('an fógra tionscnaimh').

(2) Thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú tar éis gearán a chuir Imerys S.A. (an 'gearánach') isteach an 9 Deireadh Fómhair 2024. Rinneadh an gearán thar ceann thionscal alúmana chomhleáite an Aontais de réir bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Ba leor an fhianaise sa ghearán maidir le dumpáil agus díobháil ábhartha dá thoradh sin chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

1.2. Clárú

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/260 ón gCoimisiún ([3]), chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe ('an Rialachán maidir le clárú').

1.3. Páirtithe leasmhara

(4) San fhógra tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara dul i dteagmháil leis chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an gearánach ar an eolas go sonrach mar aon leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, allmhaireoirí aitheanta, soláthraithe agus úsáideoirí, trádálaithe, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an imscrúdaithe agus thug sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh.

(5) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an imscrúdaithe agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

1.4. Barúlacha maidir le tionscnamh

(6) Chonspóidigh allmhaireoir gaolmhar, Reckel GmbH ('Reckel'), oiriúnacht Mheicsiceo a úsáideadh sa ghearán mar mar thír ionadaíoch, agus mhaígh nach bhfuil táirgeadh iomaíoch leordhóthanach aige maidir leis na táirgí a ndearnadh imscrúdú orthu agus nach bhfuil dálaí táirgthe iomchuí aige cosúil leo siúd sa tSín. Molann siad an Bhrasaíl mar rogha mhalartach níos oiriúnaí, i bhfianaise a dálaí amhábhar atá níos inchomparáide le dálaí na Síne.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj.
([2]) IO C, C/2024/7049, 21.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/7049/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/260 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2025 lena gcuirtear allmhairí alúmana comhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne faoi réir a gcláraithe (IO L, 2025/260, 11.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/260/oj).

(7) Thug úsáideoir de chuid an Aontais, RHI Magnesita GmbH, barúil faoin imscrúdú frithdhumpála a thionscnamh, agus cháin sé roghnú Mheicsiceo mar an tír thagarmhairc chun gnáthluach alúmana chomhleáite a chinneadh. D'áitigh sé nach bhfuil táirgeadh iomaíoch leordhóthanach ag Meicsiceo agus nach léiríonn ach dhá tháirgeoir margadh neamh-iomaíoch. Ina theannta sin, chuir sé in iúl nach bhfuil dálaí amhábhar ag Meicsiceo atá cosúil leo siúd sa tSín, a bhfuil cúltaiscí mianraí nach beag aici, rud a thugann le tuiscint go mbeadh an Bhrasaíl ina rogha mhalartach ní b'oiriúnaí de bharr na ndálaí táirgthe inchomparáide ann.

(8) Thug comhlachas úsáideoirí an Aontais, Verband Deutscher Schleifmittelwerke e.V. ('VDS'), barúil faoi thionscnamh an imscrúdaithe frithdhumpála, agus chuir sé in aghaidh roghnú Mheicsiceo mar thríú tír ionadaíoch chun gnáthluach alúmana chomhleáite a chinneadh. D'áitigh VDS go bhfuil Meicsiceo míchuí don ról sin toisc nach dtáirgeann sé méid suntasach den táirge faoi imscrúdú, agus nach bhfuil ach líon beag táirgeoirí ann a úsáideann gráid éagsúla agus amhábhair níos costasaí. Chuir sé in iúl go raibh imní air go mbeadh torthaí saofa mar thoradh ar an rogha sin agus leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeadh ríomhanna dumpála agus díobhála bunaithe ar bhonn oibiachtúil agus cothrom. Mhol VDS go n-úsáidfí an India ina ionad sin mar an tríú tír ionadaíoch, agus chuir sé in iúl go bhfuil timpeallacht táirgthe níos ábhartha agus struchtúir chostais níos iomchuí ag an India atá inchomparáide leo siúd sa tSín, lena n-áirithítear ríomhanna níos cruinne agus níos iontaofa.

(9) D'áitigh úsáideoir de chuid an Aontais, Wester Mineralien GmbH ('Wester'), nach léiríonn an gearán go háititheach go bhfuil dumpáil ag tarlú, toisc go bhfuil sé míchuí Meicsiceo a roghnú mar thír ionadaíoch chun gnáthluach a ríomh. Chuir Wester i dtábhacht nach léirítear an staid go cruinn leis an modheolaíocht a úsáideadh, bunaithe ar an ngnáthluach ríofa ó shonraí Mheicsiceo, toisc nach bhfuil bonn táirgthe substaintiúil agus iomaíoch ag Meicsiceo le haghaidh alúmana comhleáite. Dá bhrí sin, mhol siad deireadh a chur leis na himeachtaí frithdhumpála.

(10) Ag céim thionscnaimh an imscrúdaithe, measadh gur thír ionadaíoch fhéideartha é Meicsiceo toisc gur measadh go raibh an táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh aige. Mar sin féin, is tábhachtach a aithint nach raibh sa chéad bhreithniú ach tús a chur le próiseas críochnúil imscrúdaitheach. De réir mar a chuaigh an t-imscrúdú ar aghaidh, rinneadh rogha an Choimisiúin maidir le tír ionadaíoch a bheachtú agus rinneadh meastóireacht uirthi de réir critéir shonracha de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Na critéir sin, ar a n-áirítear infhaighteacht agus cáilíocht sonraí agus inchomparáideacht na timpeallachta eacnamaíche le hinchomparáideacht na Síne, cuireadh i bhfeidhm go mion iad chun cinneadh cothrom agus cruinn an ghnáthluacha a áirithiú. Mínítear an próiseas sin agus an réasúnaíocht is bun leis an roghnú deiridh go mion i Roinn 3.2.2, rud a chuireann i dtábhacht tiomantas an Choimisiúin trédhearcacht agus déine modheolaíochta a choinneáil ar bun le linn an imscrúdaithe.

(11) Thug roinnt páirtithe barúlacha faoi ríomh na huimhreach rialaithe táirge ('PCN') maidir le saincheisteanna teicniúla áirithe agus saintréithe a bhí in easnamh. Mhaígh roinnt úsáideoirí nach bhfuil gá leis an idirdhealú idir alúmana comhleáite donn den chéad ghrád agus den dara grád a léirítear sa PCN toisc go bhfuil sé nasctha lena bhfuil in ocsaíd alúmanaim (Al_2O_3) agus in ocsaíd iarainn (III) (Fe_2O_3), atá curtha san áireamh ar leithligh cheana féin. Thug an Coimisiún dá aire na barúlacha teicniúla uile a cuireadh isteach. Suíodh san imscrúdú gur idirdhealú saorga é an t-idirdhealú idir alúmana comhleáite donn den chéad agus den dara cáilíocht sa PCN, nach léiríonn sé na caighdeáin aitheanta tionscail agus go bhfuil sé faoi réir léirmhínithe. Dá réir sin, bhí gá le coigeartú ar an PCN maidir le halúmana comhleáite donn. Mheas an Coimisiún, agus comparáid á déanamh idir táirgí, gurb iad na heilimintí criticiúla a bhfuil in Al_2O_3 agus Fe_2O_3, a léirítear i luachanna A1/A2 agus F1/F2 laistigh den PCN. Dá réir sin, cuireadh uimhreacha rialaithe táirgí B2GA2F1 agus B1GA2F1 i gcomparáid le chéile chun an corrlach díobhála a shuí, mar a shonraítear i Roinn 6.1. Maidir leis na saintréithe teicniúla breise a moladh lena gcur san áireamh, thug an Coimisiún dá aire gur ghabh an struchtúr PCN atá ann cheana na saintréithe ábhartha uile go leordhóthanach chun críocha an imscrúdaithe.

1.5. **Sampláil**

(12) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.5.1. *Táirgeoirí de chuid an Aontais a shampláil*

(13) San fhógra tionscnaimh uaidh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn ionadaíochais i dtéarmaí mhéid tháirgeacht agus chainníocht díolacháin an táirge faoi imscrúdú ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 agus ar bhonn a shuímh gheografaigh. Is éard a bhí sa sampla sin dhá tháirgeoir de chuid an Aontais atá lonnaithe in dhá Bhallstát éagsúla. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí le fáil an tráth sin, ba tháirgeoirí sampláilte an Aontais a bhí i gceist le beagnach 50 % den táirgeacht mheasta iomlán agus breis agus 40 % de mhéid díolachán measta iomlán an Aontais den táirge comhchosúil san Aontas. D'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir leis an sampla sealadach.

(14) In éagmais freagra ceistneora ó cheann de na cuideachtaí sampláilte, MOTIM Electrocorundum Ltd. (an Ungáir), mhol an Coimisiún táirgeoir eile de chuid an Aontais a chur in ionad na cuideachta sin, Alteo Fuse Alumina (an Fhrainc), a léirigh spéis a bheith rannpháirteach sa sampla freisin. Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí le fáil an tráth sin, ba é an sampla sin a bhí i gceist le breis agus 44 % de tháirgeacht mheasta iomlán an Aontais agus breis agus 38 % de chainníocht díolachán measta iomlán an Aontais den táirge comhchosúil, agus d'áirithigh sé raon geografach maith freisin.

(15) Deimhníodh an sampla agus tá sé ionadaíoch do thionscal an Aontais.

1.5.2. *Allmhaireoirí neamhghaolmhara a shampláil*

(16) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamh-chomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(17) Sholáthair deich n-allmhaireoir neamhghaolmhara an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá allmhaireoir neamhghaolmhara ar bhonn an mhéid allmhairí agus díolachán is mó den táirge lena mbaineann san Aontas. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach allmhaireoir aitheanta lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla.

(18) Thug úsáideoir amháin de chuid an Aontais, Tyrolit, comhlachas úsáideoirí amháin de chuid an Aontais, VDS, agus allmhaireoir gaolmhar amháin, Reckel, barúil faoin sampla allmhaireoirí neamhghaolmhara agus thug siad le fios nach ndearnadh sampláil ach ar thrádálaithe amhábhar agus ní ar mhonaróirí a phróiseálann na hamhábhair. Ina theannta sin, d'áitigh an dá pháirtí go ndíríonn na hallmhaireoirí sampláilte go príomha ar allmhairí tráchtearraí, amhail alúmana comhleáite donn agus bán ('BFA' agus 'WFA'), agus nach raibh ach baint theoranta acu le hallmhairiú grád speisialtachta. Dá bhrí sin, d'áitigh siad nach raibh an sampla ionadaíoch. Thug an Coimisiún dá aire go ndearnadh roinnt páirtithe a bhí rannpháirteach sa cheacht samplála a aicmiú ar bhealach níos cruinne mar úsáideoirí seachas mar allmhaireoirí neamhghaolmhara. Shoiléirigh an Coimisiún go meastar gur 'úsáideoir de chuid an Aontais' í aon chuideachta, gan beann ar cibé acu atá sí ag ceannach go díreach ón tír lena mbaineann nó trí sholáthróir nó trádálaí, má ionchorpraíonn sí an táirge faoi imscrúdú ina dhiaidh sin ina próiseas táirgthe féin. Úsáideoirí díreacha a áireamh i gceacht samplála allmhaireoirí, ní fhónann sé sin don chuspóir allmhaireoirí a imscrúdú. Ina ionad sin, déantar measúnú ar leithligh ar leasanna úsáideoirí. Maidir leis an maíomh faoi na gráid speisialtachta, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha comhchosúla ag gach cineál alúmana chomhleáite. Ós rud é gurbh iad an dá allmhaireoir shampláilte a bhí i gceist le níos mó ná 63 % de mhéid allmhairí an táirge faoi imscrúdú ón tSín agus 71 % d'allmhairí an táirge faoi imscrúdú ó gach áit tionscnaimh, bunaithe ar aighneachtaí na bpáirtithe a bhí rannpháirteach sa cheacht samplála, dheimhnigh an Coimisiún an sampla a roghnaíodh an 17 Nollaig 2024.

1.5.3. *Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne*

(19) Chun a chinneadh an bhfuil gá le sampláil agus, más amhlaidh go bhfuil, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Sa bhreis air sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a d'fhéadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(20) Chuir dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin is fiche sa tír lena mbaineann, is é sin 16,7 % den mhéid iomlán onnmhairiúcháin d'alúmana comhleáite ón tSín chuig an Aontas, an fhaisnéis a iarradh ar fáil agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla sealadach de thrí tháirgeoir onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle leis gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Tá achoimre ar na barúlacha a fuarthas agus tugtar aghaidh orthu thíos.

(21) Rinne Dengfeng Wudu Abrasives Co. Ltd. ('Wudu'), cuideachta a roghnaíodh sa sampla sealadach, na sonraí a bhaineann lena honnmhairí den táirge faoi imscrúdú chuig an Aontas a chur isteach arís agus thuairiscigh sé méideanna onnmhairí níos ísle. D'iarr an Coimisiún faisnéis bhreise ar Dengfeng Wudu Abrasives Co. Ltd. lena mheas mar tháirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch san imeacht sin. Níor sholáthair Dengfeng Wudu Abrasives Co. Ltd. an fhaisnéis a iarradh laistigh den sprioc-am a leagadh síos, áfach.

(22) I bhfianaise an mhéid onnmhairiúcháin níos ísle nuashonraithe a thuairiscigh Wudu agus in éagmais freagra ar iarraidh an Choimisiúin ar fhaisnéis bhreise, mheas an Coimisiún nach raibh an chuideachta sin ag comhoibriú leis an imscrúdú a thuilleadh agus dá bhrí sin nach raibh sí mar chuid den sampla a thuilleadh ná nach raibh sí ina táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch.

(23) Mhaígh Shanxi Lvliangshan Minerals Co. Ltd ('Lvliangshan') nach raibh an sampla sealadach de thrí tháirgeoir onnmhairiúcháin ionadaíoch toisc nach raibh i gceist leis sin ach 6,2 % den mhéid iomlán onnmhairiúcháin alúmana chomhleáite ón tSín chuig an Aontas. Thairis sin, d'áitigh sé nach mór do na honnmhaireoirí sampláilte a bheith ina bhfíortháirgeoirí onnmhairiúcháin atá in ann sonraí iontaofa a sholáthar faoi chostais táirgthe agus díolacháin onnmhairí. Mhol Shanxi Lvliangshan Minerals Co., Ltd go mbunófaí roghnú an tsampla ar an méid táirgeachta is mó.

(24) D'iarr Art Abrasives (Guizhou) Co., Ltd. go n-áireofaí iad sa sampla deiridh toisc gurb é an t-aon táirgeoir i nDaon-Phoblacht na Síne é a úsáideann alúmana agus báicsít araon mar amhábhair chun alúmana comhleáite leath-bhriosc a mhonarú agus é ag brath ar shraith chuimsitheach ardchóireálacha don chineál táirge sin an tráth céanna.

(25) Mhaígh Tyrolit gur cheart tosca breise amhail leibhéil cháilíochta an táirge lena mbaineann agus na sonraíochtaí cóireála a mheas freisin chun an sampla a roghnú. D'iarr Tyrolit agus VDS freisin go n-áireofaí táirgeoir onnmhairiúcháin breise amháin ar a laghad chun ionadaíochas an tsampla a mhéadú. De rogha air sin, mheas Tyrolit gur cheart an t-imscrúdú a theorannú do thráchtearraí (go háirithe alúmana comhleáite donn agus bán), a líomhnaítear gur 75-80 % den mhéid iomlán alúmana chomhleáite atá iontu.

(26) Maidir le hionadaíochas an tsampla agus an iarraidh maidir le táirgeoir/táirgeoirí onnmhairiúcháin a chur leis, mheas an Coimisiún nach raibh údar le táirgeoir onnmhairiúcháin breise a áireamh sa sampla mar gheall ar an leibhéal íseal foriomlán comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, ilroinnt thionscal intíre na Síne agus méid coibhneasta na gcuideachtaí a tháinig chun cinn agus go raibh an sampla roghnaithe ionadaíoch go leordhóthanach toisc gurbh é a bhí ann 6,1 % den mhéid foriomlán allmhairí. A mhéid a bhaineann leis na maímh a bhaineann le gnéithe cáilíochta agus le próisis táirgthe éagsúla nó amhábhair éagsúla a úsáid, mheabhraigh an Coimisiún nach critéir dhlíthiúla iad sin i roghnú an tsampla faoi Airteagal 17 den bhun-Rialachán. Mheas an Coimisiún freisin go raibh sampla bunaithe ar mhéid na n-onnmhairí chuig an Aontas níos ionadaíche ná dá mbunófaí é ar an méid táirgeachta ós rud é go bhfuil an t-imscrúdú dírithe ar chleachtais onnmhairiúcháin na n-oibreoirí Síneacha. Thairis sin, níor sholáthair Lvliangshan fianaise nach fíortháirgeoirí onnmhairiúcháin iad na cuideachtaí a sampláladh go sealadach. Ag an am céanna, mheas an Coimisiún freisin gur tionscnaíodh an t-imscrúdú reatha tar éis gearán nach bhfuil a raon feidhme teoranta do thráchtearraí alúmana chomhleáite. Ar an mbonn sin, diúltaíodh do na maímh a bhain leis na nithe sin.

(27) Ina theannta sin, ba chosúil nár bhain úsáid alúmana agus báicsíte ag Art Abrasives (Guizhou) Co. ach le cineál táirge amháin (alúmana leath-bhriosc) agus go monaraíonn sé raon i bhfad níos leithne de chineálacha táirgí a thagann faoi raon feidhme an imscrúdaithe seo. Ina theannta sin, níor deimhníodh an maíomh sin leis an 'Faisnéis faoi ionchuir' a chuir an páirtí sin isteach, ina raibh faisnéis bhréagnaitheach. Thairis sin, dá gcuirfí cuideachta a bhfuil teicnící monaraíochta 'uathúla' aici leis, ní bheadh an sampla ní b'ionadaíche d'oibreoirí na Síne ina n-iomláine, ach a mhalairt ar fad. Ar an mbonn sin, diúltaíodh do na maímh thuas.

(28) Bunaithe ar an méid thuas, de réir na mbarúlacha a fuarthas maidir le roghnú an tsampla, agus toisc nár chomhoibrigh Wudu mar a mhínítear in aithris 21, chinn an Coimisiún an sampla cinntitheach a theorannú do dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin. Ar an mbonn nua sin, is é 4,5 % d'allmhairí iomlána an táirge lena mbaineann agus 26,6 % d'allmhairí an táirge lena mbaineann san Aontas a léirítear leis an sampla cinntitheach mar a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha.

1.6. **Freagraí ar an gceistneoir agus cuairteanna fíorúcháin**

(29) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(30) Thairis sin, bhí fianaise leordhóthanach *prima facie* sa ghearán a léirigh gur ann do shaobhadh amhábhar i nDaon-Phoblacht na Síne maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, mar a fógraíodh san Fhógra Tionscnaimh, chumhdaigh an t-imscrúdú an saobhadh amhábhair sin chun a chinneadh an gcuirfear forálacha Airteagal 7(2) agus 7(2a) den bhun-Rialachán i bhfeidhm maidir le Daon-Phoblacht na Síne. Ar an gcúis sin, sheol an Coimisiún ceistneoirí breise maidir leis sin chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne.

(31) D'fhoilsigh an Coimisiún ar líne ([4]) na ceistneoirí do na táirgeoirí onnmhairiúcháin, úsáideoirí, allmhaireoirí neamhghaolmhara agus táirgeoirí an Aontais.

(32) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh sealadach a dhéanamh maidir le dumpáil, an díobháil dá deasca, agus leas an Aontais. Rinneadh cuairteanna fíorúcháin nó cros-seiceáil chianda de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán ar na cuideachtaí a leanas:

Táirgeoirí an Aontais:

— Imerys Villach GmbH, Villach, an Ostair;

— Alteo Fused Alumina ('Alteo'), La Bâthie, an Fhrainc;

Allmhaireoirí neamhghaolmhara:

— TRAXYS Europe SA ('TRAXYS'), Lucsamburg, Lucsamburg;

— lmexco Minerals GmbH ('lmexco), Offenbach an der Queich, an Ghearmáin;

Úsáideoirí:

— Calderys, Páras, an Fhrainc;

— Tyrolit - Schleifmittelwerke Swarovski AG & Co. KG, Schwaz, an Ostair;

Táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne:

— Chongqing Saite Corundum ('Saite'), Chongqing, Daon-Phoblacht na Síne;

— Luoyang Runbao Abrasives ('Runbao'), Luoyang, Daon-Phoblacht na Síne;

Allmhaireoir gaolmhar san Aontas:

— Bosai Europe GmbH.

1.7. An tréimhse imscrúdúcháin agus an tréimhse faoi bhreathnú

(33) Chumhdaigh an t-imscrúdú ar dhumpáil agus ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2024 ('an tréimhse imscrúdúcháin'). Chumhdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar dhíobháil an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí deireadh na tréimhse imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

2. AN TÁIRGE FAOI IMSCRÚDÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. An táirge faoi imscrúdú

(34) Is éard atá sa táirge atá faoi imscrúdú corandam saorga, bíodh sé sainithe ó thaobh ceimice nó ná bíodh, ar a dtugtar alúmana comhleáite freisin ('an táirge faoi imscrúdú').

(35) Tugtar alúmana comhleáite bán ('WFA'), alúmana comhleáite bándearg, alúmana comhleáite an rúibín, alúmana comhleáite donn ('BFA'), corandam tuaslagáin/glóthaí, etc ar na cineálacha corandaim shaorga freisin. Áirítear iad go léir, gan beann ar a n-ainmniú tráchtála, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na hairíonna nó na sonraíochtaí a leagtar amach sna tuairiscí ábhartha ar chóid TARIC.

(36) Táirgtear alúmana comhleáite trí bháicsít nó ocsaíd alúmanaim a leá ag teocht an-ard (thart ar 2 000 °C) i stuafhoirnéis leictreach, agus ansin an t-ábhar a thagann as sin a fhuarú agus a bhrú.

(37) Mar gheall ar a chruas agus a fhrithsheasmhacht theirmeach, úsáidtear alúmana comhleáite go príomha in dhá earnáil thionsclaíocha, scríobaigh agus ábhair theasfhulangacha. I dtionscal na scríobach, úsáidtear é i raon leathan feidhmeanna, lena n-áirítear meilt, snasú, gearradh agus roiseadh. I dtionscal na n-ábhar teasfhulangach, feidhmíonn sé mar ábhar teasfhulangach i suíomhanna ard-teochta, amhail líneáil foirnéisí, breogáin agus brící teasfhulangacha. Lasmuigh de na príomhúsáidí sin, úsáidtear alúmana comhleáite freisin i monarú earraí ceirmeacha teicniúla agus mar bhreiseán atá frithsheasmhach in aghaidh caithimh i mbratú dromchla i dtionscal na dtáirgí lannaithe.

([4]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2757.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(38) Is é an táirge lena mbaineann an táirge faoi imscrúdú, ar táirge de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é, a thagann faoi láthair faoi chóid AC 2818 10 11, 2818 10 19, ex 2818 10 91, agus 2818 10 99 (cóid TARIC 2818 10 91 20, 2818 10 91 90) ('an táirge lena mbaineann').

(39) Corandam saorga atá aicmithe faoi láthair faoi chód TARIC 2818 10 91 30 (i.e. corandam sintéaraithe ina bhfuil struchtúr micrea-chriostalach, ina bhfuil ocsaíd alúmanaim (CAS RN 1344-28-1) agus alúmanáit mhaignéisiam (CAS RN 12068-51-8) ina bhfuil cion 92 % nó níos mó, ach nach mó ná 94 %, d'ocsaíd alúmanaim de réir meáchain (arna ríomh mar ocsaídí), agus cion 7 % (± 1 % d'ocsaíd mhaignéisiam), ní cuid den táirge faoi imscrúdú é, áfach. Ní cuid den táirge faoi imscrúdú ach oiread iad meascáin mheicniúla de chorandam saorga agus substaintí eile, atá aicmithe faoi cheannteideal 3824 faoi láthair

2.3. **An táirge comhchosúil**

(40) Léirigh an t-imscrúdú gurb ionann na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna atá ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne; agus

— an táirge faoi imscrúdú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(41) Chinn an Coimisiún ag an gcéim sin gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

2.4. **Maímh maidir le raon feidhme an táirge**

(42) Mhaígh roinnt páirtithe, go háirithe úsáideoirí an Aontais ó thionscal na n-ábhar teasfhulangach, go raibh easpa ionadaíochta ann idir alúmana comhleáite de ghrád scríobach agus de ghrád teasfhulangach, bunaithe ar na saintréithe fisiceacha, airíonna, agus feidhmeanna éagsúla atá acu, agus ar an dearcadh atá ag tomhaltóirí ina leith. Tharraing roinnt mhaith úsáideoirí aird ar an difríocht i méid-dáileachán na gcáithníní idir alúmana comhleáite de ghrád scríobach agus de ghrád teasfhulangach, agus mhaígh siad nach mór d'alúmana comhleáite de ghrád scríobach cloí le caighdeáin áirithe arna n-eisiúint ag an *Federation Européenne des Fabricants de Produits Abrasifs* ('FEPA') atá bunaithe ar mhéid an ghrin. Os a choinne sin, úsáideann alúmana de ghrád teasfhulangach raonta méide cáithníní níos leithne agus ceanglais nach bhfuil chomh dian céanna maidir le haonfhoirmeacht mhéid na gcáithníní. Ina theannta sin, mhaígh roinnt úsáideoirí nach bhfuil an dá ghrád inmhalartaithe ó thaobh costais agus críochúsáide de, toisc go mbeadh sé róchostasach alúmana comhleáite de ghrád scríobach a úsáid i dtionscal na n-ábhar teasfhulangach, agus nach bhfuil alúmana comhleáite de ghrád teasfhulangach oiriúnach go teicniúil lena úsáid i dtáirgí scríobacha.

(43) Mhaígh úsáideoirí ó thionscal na n-ábhar teasfhulangach freisin go raibh tionscal an Aontais dírithe go príomha ar alúmana comhleáite de ghrád scríobach a tháirgeadh, agus nach raibh ach 20 % go 30 % de tháirgeadh an Aontais tiomnaithe d'alúmana comhleáite de ghrád teasfhulangach. Dá bhrí sin, d'áitigh siad nach raibh acmhainn leordhóthanach san Aontas chun freastal ar éileamh an alúmana chomhleáite de ghrád teasfhulangach. Ina theannta sin, d'áitigh siad, ós rud é go raibh alúmana comhleáite de ghrád teasfhulangach ina chuid chomh beag sin de tháirgeadh thionscal an Aontais, nach gcuirfeadh eisiamh an ghráid sin ó raon feidhme an táirge éifeachtaí na ndleachtanna atá beartaithe i mbaol.

(44) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil na buntréithe fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna ag alúmana comhleáite de ghrád scríobach agus de ghrád teasfhulangach. Is éard atá sa dá ghrád 90-99 % ocsaíd alúmanaim, tá cruas ard, ard-dlús agus leáphointe ard acu, agus tá leibhéal íseal eisíontais, friotaíocht láidir turrainge teirmí agus seasmhacht shubstaintiúil in aghaidh caithimh mar shaintréithe acu. Maidir le méid-dáileachán na gcáithníní, thug an Coimisiún faoi deara go n-eascraíonn an éagsúlacht i méid na gcáithníní as próisis aicmithe iar-chomhleá, amhail criathrú, agus nach léiriú é ar aon idirdhealú bunúsach i gcineál an táirge. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire go bhfuil forluí nach beag ann i méideanna na gcáithníní, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí an dá ghrád a úsáid go hidirmhalartach le haghaidh feidhmeanna áirithe. Suíodh leis an imscrúdú maidir le húsáideoirí ó thionscal na n-ábhar teasfhulangach, cé go gceannaíonn siad raonta méide cáithníní níos leithne den chuid is mó, gur cheannaigh siad raonta níos cúinge freisin a bhfuil forluí leordhóthanach eatarthu le méid-dáileachán na gcáithníní a bhaineann de ghnáth le halúmana comhleáite de ghrád scríobach. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh úsáideoirí sa tionscal

scríobach, ó thaobh na teicneolaíochta de, agus mar a dheimhnigh an German Abrasives Association, VDS, úsáid a bhaint as méideanna gráinní a úsáidtear go ginearálta i dtionscal na n-ábhar teasfhulangach, fiú i gcás nach gcomhlíonann an úsáid sin caighdeáin FEPA, go háirithe i gcomhthéacs feidhmeanna scríobacha nach bhfuil chomh dian céanna. Suíodh san imscrúdú nach oibleagáid dhlíthiúil é caighdeán FEPA a chomhlíonadh agus nach gcuirtear i bhfeidhm i gcónaí é maidir le gach úsáid. Maidir leis an difríocht sa chostas, thug an Coimisiún dá aire nach meastar difríochtaí praghsála a bheith ina mbonn leordhóthanach le táirgí a eisiamh in éagmais fianaise shoiléir ar dhifríochtaí ábhartha i saintréithe fisiceacha, ceimiceacha nó teicniúla. Mheas an Coimisiún, in éagmais idirmhalartacht iomlán i measc na ngrád uile d'alúmana comhleáite, atá inchurtha go minic i leith breithnithe costais ar thaobh úsáideoirí ábhar teasfhulangach nó i leith ceanglais cháilíochta i bhfeidhmeanna ardleibhéil áirithe ar thaobh úsáideoirí scríobach, nach mbréagnaítear an chonclúid go dtagann na gráid éagsúla d'alúmana comhleáite faoi raon feidhme an táirge chéanna. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(45) Tugann an Coimisiún aghaidh ar na hargóintí a bhaineann le táirgeadh an Aontais d'alúmana comhleáite de ghrád teasfhulangach i Roinn 7 thíos.

(46) Mhaígh roinnt páirtithe go bhfuil inionadaitheacht an-teoranta ag corandam tuaslagáin/glóthaí agus ag alúmana comhleáite agus, cé go dtáirgtear alúmana comhleáite as báicsít agus alúmana, go dtáirgtear corandam tuaslagáin/glóthaí as bóimít ardíonachta. Thug Tyrolit dá aire nach dtáirgtear corandam tuaslagáin/glóthaí trí phróiseas comhleá amhail alúmana comhleáite ach go n-úsáidtear próiseas táirgthe difriúil, lena n-áirítear tuaslagán/glóthach a fhoirmiú trí bhóimít agus breiseáin a easrú in uisce aigéadaithe. Ina theannta sin, i bhfianaise phraghas ard bóimíte, an t-amhábhar a úsáideann sé, mhaígh Tyrolit go raibh corandam tuaslagáin/glóthaí tuairim agus deich n-uaire níos costasaí ná alúmana comhleáite, agus cé gur féidir go teoiriciúil cineál eile alúmana chomhleáite a chur ina ionad i bhfoirmliú, go mbeadh tionchar nach beag aige sin ar cháilíocht na scríobach nasctha nó brataithe a dhéanfaí dá bharr. Dá bhrí sin, d'iarr roinnt páirtithe go ndéanfaí corandam tuaslagáin/glóthaí a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe.

(47) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil buntréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha comhchosúla ag corandam tuaslagáin/glóthaí agus atá ag cineálacha eile alúmana chomhleáite. Maidir le halúmana tuaslagáin/glóthaí agus cineálacha eile táirgí alúmana comhleáite, lena n-áirítear alúmana comhleáite bán agus alúmana comhleáite donn, is éard atá iontu go príomha ocsaíd alúmanaim (Al_2O_3) agus taispeánann siad leibhéil inchomparáide de chruas, frithsheasmhacht theirmeach agus cobhsaíocht cheimiceach, rudaí a fhágann go bhfuil siad oiriúnach d'fheidhmeanna tionsclaíocha comhchosúla. Cé go monaraítear alúmana tuaslagáin/glóthaí trí phróiseas sintéise ceimicí ar leith seachas trí chomhleá traidisiúnta, agus cé go dtagann sé as amhábhar difriúil, níl na difríochtaí sa phróiseas táirgthe agus san ionchur ábhartha *per se* ó thaobh cinneadh a dhéanamh cé acu is táirge ar leith é cineál éigin táirge nó nach ea nuair nach ndéanann an éagsúlacht sin sa mhodheolaíocht táirgthe difear ábhartha d'airíonna feidhmiúla an táirge deiridh. Ar an gcaoi chéanna, ní thugann difríochtaí idir costais agus praghsanna údar, iontu féin, leis an gconclúid gur cheart alúmana tuaslagáin/glóthaí a mheas mar tháirge difriúil. Aithníonn Tyrolit go bhféadfaí alúmana comhleáite bán a úsáid in ionad alúmana tuaslagáin/glóthaí go teoiriciúil, cé go mbeadh feidhmíocht laghdaithe aige i bhfeidhmeanna níos déine, agus léiríonn sé sin go roinneann na cineálacha éagsúla alúmana chomhleáite buntréithe feidhmiúla go dtí pointe leordhóthanach. Mheas an Coimisiún go bhfuil leibhéal fóinteach idirmhalartachta ann idir alúmana tuaslagáin/glóthaí agus cineálacha eile alúmana chomhleáite i gcás fhormhór na bhfeidhmeanna scríobacha.

(48) Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár thug na barúlacha maidir le raon feidhme an táirge údar leordhóthanach le heisiamh na dtáirgí. Dá dheasca sin, diúltaíodh do na maímh sin.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(49) Ó tharla gur leor an fhianaise a bhí ar fáil ag tús an imscrúdaithe a thug le fios gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán maidir leis an tSín mheas an Coimisiún gurbh iomchuí tús a chur leis an imscrúdú i ndáil leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tír sin, ag féachaint d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(50) Dá dheasca sin, chun na sonraí a bhailiú, ar sonraí iad is gá chun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm amach anseo, san Fhógra Tionscnaimh d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne faisnéis a sholáthar maidir leis na hionchuir a úsáidtear chun alúmana comhleáite a tháirgeadh. Chuir 10 dtáirgeoir onnmhairiúcháin an fhaisnéis ábhartha isteach.

(51) An fhaisnéis a mheas an Coimisiún a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe maidir leis an saobhadh suntasach líomhnaithe, chun an fhaisnéis sin a fháil, chuir sé ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus sin a dhéanamh laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín. D'iarr an Coimisiún ar Rialtas na Síne a bharúil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 18 a chur isteach. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(52) San fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, mar gheall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa.

(53) An 21 Eanáir 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta ('an chéad nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear chun an táirge faoi imscrúdú i nDaon-Phoblacht na Síne a tháirgeadh. Sa bhreis air sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún tíortha ionadaíocha féideartha, is iad sin Meicsiceo agus an Bhrasaíl, mar thír ionadaíoch iomchuí. Tugadh aghaidh ar na barúlacha uile thíos i roinn 3.2.2.1.

(54) An 5 Márta 2025, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta ('an dara nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh agus Meicsiceo ina thír ionadaíoch. Chuir sé in iúl do pháirtithe leasmhara freisin go suífeadh sé na costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SGA') agus na brabúis bunaithe ar ELMET, S.A. DE C.V.

(55) Rinneadh achoimre ar bharúlacha maidir leis an dá nóta agus tugadh aghaidh orthu i Roinn 3.2.2.

3.2. **An Gnáthluach**

(56) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, 'beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(57) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a thógáil go heisiach ar bhonn costas táirgthe agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa', agus 'áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnach de chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus i gcomhair brabús' ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais díola, ghinearálta agus riaracháin').

(58) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú reatha gur ar bhonn na fianaise atá ar fáil agus i bhfianaise na heaspa comhoibre a fuarthas ó Rialtas na Síne, b'iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(59) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí a bhain leis an earnáil miotalóireachta agus ceimiceán i nDaon-Phoblacht na Síne ('an tSín') ([5]), shuigh an Coimisiún gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(60) Sna himscrúduithe sin, shuigh an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([6]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach amháin gur ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne ('Rialtas na Síne') sna hearnálacha miotalóireachta agus ceimiceán de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([7]), ach go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí freisin de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([8]). Shuigh an Coimisiún thairis sin go bhfuil éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais, agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á gcomhchruinniú in earnálacha atá ainmnithe ag Rialtas na Síne mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([9]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh i nDaon-Phoblacht na Síne ([10]). Ar an gcaoi chéanna, rinne an Coimisiún amach gur ann do shaobhadh maidir le costais phá sna hearnálacha miotalóireachta agus ceimiceán de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([11]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar chaipiteal do ghníomhaithe corparáideacha i nDaon-Phoblacht na Síne ([12]).

([5]) Féach: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923 ón gCoimisiún an 10 Iúil 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaíde tíotáiniam de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2024/1923, 11.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1923/oj); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2023, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí dé-ocsaídí mangainéise leictrealaíocha de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L, 2023/2120, 13.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2120/oj); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394 ón gCoimisiún an 11 Lúnasa 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí sileacain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí sileacain arna gcur chun bealaigh ó Phoblacht na Cóiré agus ón Téaváin a chumhdach, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh Phoblacht na Cóiré nó na Téaváine iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 211, 12.8.2022, lch. 86, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1394/oj).

([6]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, aithris 199; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120, aithris 121; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394, aithris 125.

([7]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, aithrisí 131-142; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120, aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394, aithris 83.

([8]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, aithrisí 143-152; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120, aithrisí 83-85; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394, aithris 96. An ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, cé go bhféadfaí a mheas gur léiriú an ceart sin ar na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó, is é atá sna cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair atá faoi úinéireacht an stáit agus fhiontair phríobháideacha, modh tábhachtach eile trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachtaí na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar na cuideachtaí sin ligean d'eagraíochtaí Pháirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí lena mbaineann siad. Cuirtear na rialacha sin i bhfeidhm go ginearálta ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí sna hearnálacha miotalóireachta agus ceimiceán.

([9]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, aithris 154; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120, aithris 86; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394, aithris 85.

([10]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, aithris 175; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120, aithris 86; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394, aithris 86.

([11]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, aithrisí 178-181; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120, aithris 106; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394, aithris 87.

([12]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, aithris 182; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120, aithris 106; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/844 ón gCoimisiún an 13 Márta 2024 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí dé-ocsaídí mangainéise leictrealaíocha ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L, 2024/844, 14.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/844/oj), aithris 43; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394, aithris 87.

(61) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis na hearnálacha miotalóireachta agus ceimiceán i nDaon-Phoblacht na Síne, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí sa ghearán, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ('Tuarascáil') ([13]), a bhraitheann ar fhoinsí atá le fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi imscrúdú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a cinneadh freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(62) Líomhain an gearánach, ós rud é gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín, nach féidir praghsanna intíre agus costais thionscal na miotalóireachta agus na gceimiceán sa tSín a úsáid sa chás seo. Chun tacú lena sheasamh, thagair an gearánach don Tuarascáil, go háirithe na ranna a bhaineann leis an earnáil ceimiceán ([14]), d'imscrúduithe a rinne an Coimisiún roimhe seo ar tháirgí ceimiceacha agus miotalóireachta iartheachtacha ([15]), agus do reachtaíocht na Síne.

(63) Go sonrach, tugadh le fios sa ghearán go bhfuil córas eacnamaíoch na Síne bunaithe ar an gcoincheap 'geilleagar margaidh shóisialaigh', agus gurb é an geilleagar atá faoi úinéireacht Stáit 'fórsa ceannasach an gheilleagair náisiúnta' ([16]). Le Bunreacht agus dlí maoine na Síne, treisítear smacht gan cheist Pháirtí Cumannach na Síne ('CCP') ar chóras eacnamaíoch Dhaon-Phoblacht na Síne, smacht atá ag fás de shíor agus a théann i bhfad níos faide ná an staid is gnách i dtíortha eile ina bhfeidhmíonn na rialtais smacht maicreacnamaíoch ginearálta. Feidhmíonn stát na Síne beartas eacnamaíoch idirghabhálach a úsáideann uirlisí éagsúla amhail pleanáil thionsclaíoch, córais airgeadais agus timpeallacht rialála chun smacht a choinneáil ar an ngeilleagar ([17]). Rud thar a bheith tábhachtach, cloíonn údaráis ábhartha na Síne ar gach leibhéal rialtais le córas na bpleananna agus úsáideann siad a gcumhachtaí dílsithe dá réir sin, rud a thugann ar na hoibreoirí eacnamaíocha na tosaíochtaí a leagtar amach iontu a chomhlíonadh ([18]).

(64) Tá an margadh ceimiceán, agus go sonrach an earnáil alúmana, faoi réir ag cur isteach nach beag ó Rialtas na Síne, mar a dtugtar tuairisc chuimsitheach air sa Tuarascáil. Déantar rialú Stáit a fheidhmiú a thuilleadh le doiciméid phleanála agus rialála éagsúla, mar aon le hidirghabhálacha beartais *ad hoc*, lena ndírítear ar an earnáil ceimiceán agus lena gceadaítear don Stát a fhís a shaothrú agus na coigeartuithe is gá a dhéanamh ([19]). Maidir le halúmana, amhábhar le haghaidh alúmana comhleáite a tháirgeadh, aithnítear é i bpleananna amhail an 14ú Plean Cúig Bliana de chuid bhardas Chongqing maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Monaraíochta ('Plean Chongqing'), arb é is aidhm dó tionscadail alúmana a fheabhsú agus córas soláthair áitiúil a thógáil ([20]).

(65) Agus tagairt á déanamh arís don Tuarascáil, tugadh le fios sa ghearán go bhfuil an margadh atá i gceist á chothú go mór ag fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi rialú, faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi threoraíocht údaráis na tíre is onnmhaireoir. Ní hamháin go bhfuil ról gníomhach ag an bpáirtí Stáit i gceapadh agus i maoirsiú chur chun feidhme na mbeartas eacnamaíoch ginearálta ag cuideachtaí ar leith atá faoi úinéireacht stáit, ach ina theannta sin, éilíonn sé a chearta chun bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht oibríochtúil na gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit. Déantar é sin de ghnáth trí ghrúpa meánbhainistíochta a bhogadh idir údaráis an rialtais agus fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, trí chomhaltaí an pháirtí a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí feidhmiúcháin fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit agus cealla páirtí i gcuideachtaí, agus trí struchtúr corparáideach na hearnála a mhúnlú freisin. Mar mhalairt air sin, baineann cuideachtaí faoi úinéireacht stáit leas as roinnt buntáistí eacnamaíocha, go háirithe cosaint ó iomaíochas agus rochtain tosaíochta ar ionchuir ábhartha, lena n-áirítear maoiniú. Leis an ardleibhéal idirghabhála rialtais i dtionscal na gceimiceán agus le sciar ard cuideachtaí faoi úinéireacht stáit san earnáil i gcoibhneas leis an táirgeadh foriomlán, cuirtear cosc fiú ar tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú atá faoi úinéireacht phríobháideach oibriú faoi dhálaí an mhargaidh. Ina ionad sin, is dócha go mbeidh fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon san earnáil ceimiceán faoi réir ag maoirseacht agus treoraíocht bheartais ag Rialtas na Síne.

([13]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála, 10 Aibreán 2024 (SWD(2024) 91 final), le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=en.

([14]) Tuarascáil, Caibidil 15.

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, aithris 199; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120, aithris 121; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394, aithris 125.

([16]) Tuarascáil, lgh. 6-7.

([17]) Ibid., lgh. 152-171 agus lgh. 207-208, 242-243.

([18]) Ibid., lgh. 40-84.

([19]) Ibid., lgh. 495-496.

([20]) Féach an 14ú Plean Cúig Bliana (2021-2025), Daon-Rialtas Bardasach Chongqing, i gcomhair Fhorbairt ardcháilíochta an tionscail monaraíochta in Chongqing, le fáil ag: https://www.cq.gov.cn/zwgk/zfxxgkml/szfwj/qtgw/202108/t20210803_9538603.html, arna rochtain an 15 Aibreán 2025.

(66) Mar gheall ar láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, is féidir leis cur isteach ar phraghsanna nó ar chostais. I ndáil leis sin, rinneadh tagairt sa ghearán don Tuarascáil agus cuireadh i dtábhacht ann, cé gur féidir a mheas gur léiriú ar na cearta úinéireachta comhfhreagracha é an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomhdhaoine bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh agus a chur as a bpost (dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne), is bealach eile é cealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair faoi úinéireacht stáit agus fhiontair phríobháideacha, trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. Ó bhí 2016 ann ar a laghad, threisigh Páirtí Cumannach na Síne a éileamh chun smacht a bheith aige ar chinntí gnó i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit chun cuspóirí rialtais a shaothrú. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an Pháirtí a chomhlíonadh. Thairis sin, tá éifeacht saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais, chomh maith lena láithreacht i soláthar amhábhar agus ionchur.

(67) Thairis sin, déanann beartais phoiblí nó bearta poiblí sa tSín idirdhealú i bhfabhar soláthróirí intíre nó imríonn siad tionchar ar fhórsaí an mhargaidh shaoir ar chaoi eile. Is ann do phleananna ábhartha ar gach leibhéal den rialtas agus cumhdaítear beagnach gach earnáil eacnamaíoch leo, go háirithe iad sin a mheastar a bheith 'straitéiseach'. Déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna sin. Mar thoradh ar an gcóras pleanála eacnamaíche sa tSín, dá bhrí sin, bíonn acmhainní á ndíriú ar earnálacha arna n-ainmniú ag an rialtas mar earnálacha atá straitéiseach nó tábhachtach go polaitiúil, lena n-áirítear an ceann ceimiceach, a dhéanann difear do na tionscail iartheachtacha, lena n-áirítear táirgeadh alúmana chomhleáite.

(68) Tá easpa ann maidir le dlíthe féimheachta, corparáideacha nó maoine a bheith á gcur i bhfeidhm go hidirdhealaitheach nó á bhforfheidhmiú go neamhleor. Cé go bhfuil dlí féimheachta na Síne bunaithe go foirmiúil ar phrionsabail atá cosúil leis na dlíthe comhfhreagracha i dtíortha eile, tá tearc-fhorfheidhmiú córasach ina shaintréith den chóras Síneach. Tá ról láidir agus gníomhach ag an Stát sna himeachtaí dócmhainneachta, agus is minic a bhíonn tionchar díreach aige sin ar a dtorthaí ([21]). Ina theannta sin, tá an talamh uile sa tSín faoi úinéireacht Stát na Síne agus tá a leithdháileadh ag brath go hiomlán ar an Stát. Dá bhrí sin, bíonn saobhadh mar thoradh ar dhlíthe féimheachta agus maoine na Síne trí ghnólachtaí dócmhainneacha a choinneáil ar bun agus gan talamh a sholáthar faoi dhálaí an mhargaidh.

(69) Déantar costais phá sa tSín a shaobhadh freisin ós rud é nár dhaingnigh an tSín roinnt coinbhinsiúin bhunúsacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, go háirithe na coinbhinsiúin a bhaineann le saoirse comhlachais agus cómhargáil. Thairis sin, cuirtear srian ar shoghluaisteacht lucht saothair na Síne de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile d'áitritheoirí i limistéar riaracháin ar leith.

(70) Is iad na hinstitiúidí a chuireann chun feidhme cuspóirí an bheartais phoiblí, agus a ghníomhaíonn go neamhspleách ar an stát a dheonaíonn an rochtain ar mhaoiniú. Is saintréith de chóras airgeadais na Síne é staid láidir na mbanc atá faoi úinéireacht an Stáit, atá fós nasctha leis an Stát, ní hamháin trí úinéireacht ach trí chaidreamh pearsanta freisin, agus ar an gcaoi chéanna le cuideachtaí neamh-airgeadais faoi úinéireacht an stáit, cuireann na bainc beartais phoiblí arna n-ainmniú ag an rialtas chun feidhme go tráthrialta. Thairis sin, coinníodh costais iasachtaithe íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh. Cé gur baineadh amach léirscaoileadh sna rátaí ainmniúla úis i mí Dheireadh Fómhair 2015, na comharthaí praghais atá ann, ní toradh iad ar fhórsaí an mhargaidh shaoir fós, ach is amhlaidh atá siad faoi thionchar saobhadh atá spreagtha ag an Rialtas. Go bunúsach, d'ainneoin na mbeart a rinneadh chun an margadh a léirscaoileadh, déanann fadhbanna córasacha agus saobhadh suntasach, de thoradh ról forleathan leanúnach an stáit sna margaí caipitil, difear don chóras creidmheasa chorparáidigh sa tSín.

(71) Ina theannta sin, de chineál córasach é an saobhadh ar mhargadh na Síne. Maidir le halúmana comhleáite a tháirgeadh, tá rannpháirtíocht an Rialtais in earnáil an fhuinnimh ábhartha go háirithe. Mar gheall ar na leibhéil arda teochta a theastaíonn chun alúmana comhleáite a tháirgeadh (níos mó ná 2 000 °C), tá an táirgeadh an-dian ar fhuinneamh. Ina theannta sin, is saintréith den mhargadh leictreachais sa tSín í rannpháirtíocht láidir cuideachtaí faoi úinéireacht stáit i gcéimeanna éagsúla den slabhra soláthair. Tá baint láidir ag Rialtas na Síne freisin le socrú praghsanna fuinnimh go háirithe, lena n-áirítear praghsanna fabhracha leictreachais a dheonú do thionscail áirithe ar leibhéal cúige.

(72) Mar chonclúid, ba é seasamh an ghearáin nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ar an mbonn sin, de réir an ghearáin, níl sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

([21]) Ibid., Caibidil 6, lgh. 171-179.

(73) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an gearánach, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.

(74) Dá bhrí sin, agus scrúdú á dhéanamh san imscrúdú reatha an raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, mar gheall gur ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá sa ghearán agus sa Tuarascáil. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a cinneadh freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(75) Is ann do chuid mhór úinéireachta, smachta, maoirseachta beartais nó treoraíochta ag Rialtas na Síne in earnáil an táirge faoi imscrúdú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Sa tSín, léiríonn fiontair a oibríonn faoi úinéireacht, faoi smacht agus/nó faoi mhaoirseacht bheartais nó faoi threoraíocht an Stáit cuid fhíor-riachtanach den gheilleagar. Coinníonn Rialtas na Síne agus Páirtí Cumannach na Síne struchtúir lena n-áirithítear go mbeidh tionchar leanúnach acu ar fhiontair, agus go háirithe cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit ([22]). Mar sin féin, tá idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne sa chinnteoireacht oibríochtúil tagtha chun bheith ina ngnáthchleachtas, ní hamháin i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit ach i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([23]), agus éilíonn Páirtí Cumannach na Síne ceannaireacht ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre.

(76) Suíodh san imscrúdú go bhfreastalaíonn cuideachtaí faoi úinéireacht stáit agus cuideachtaí príobháideacha araon ar earnáil an táirge faoi imscrúdú ([24]). Mar shampla, tá Chinalco, cuideachta faoi úinéireacht stáit faoi SASAC ([25]), agus China Henan International Cooperation Group Co. Ltd. ([26]), cuideachta faoi úinéireacht stáit atá faoi úinéireacht rialtas Henan, i measc na soláthróirí báicsíte is mó ([27]), agus is ionchur fíor-riachtanach í báicsít chun alúmana comhleáite a tháirgeadh. Thairis sin, cé go bhfuil roinnt táirgeoirí ina dtáirgeoirí príobháideacha, amhail Zhengzhou Yufa Abrasives Co. Ltd., (fochuideachta de chuid Zhengzhou Yufa Group) ([28]), agus Saite. ([29]), fochuideachta de chuid Ghrúpa Bosai, oibríonn siad freisin faoi mhaoirseacht agus faoi threoraíocht údaráis na Síne (féach aithrisí 85 agus 86).

(77) Ní hamháin sin, cuireann Rialtas na Síne treoraíocht ar fhiontair trí chuspóirí sonracha agus beartais shonracha a leagan síos d'earnálacha na miotalóireachta agus na gceimiceán, a bhfuil sé d'oibleagáid ar gach rannpháirtí sa tionscal iad a chomhlíonadh, gan beann ar iad a bheith de chineál príobháideach nó poiblí.

(78) Chun sampla a thabhairt, leis na Coinníollacha Caighdeánacha is Infheidhme maidir leis an Tionscal Alúmanaim ('Coinníollacha Caighdeánacha') ([30]), arna n-eisiúint ag an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise ('MIIT') in 2020, socraíodh an creat foriomlán le haghaidh oibriú an tionscail alúmanaim ar an leibhéal lárnach. Tá na Coinníollacha Caighdeánacha in ainm a bheith ceaptha chun an méid seo a leanas a bhaint amach: 'an t-athchóiriú struchtúrach ar an tionscal alúmanaim ó thaobh an tsoláthair de a chur chun cinn, forbairt theicneolaíoch an tionscail a chur chun cinn, agus forbairt ardcháilíochta an tionscail a chur chun cinn' agus foráil a dhéanamh maidir leis an méid seo a leanas: 'ní mór do mhianadóireacht báicsíte, alúmana, alúmanam leictrealaíoch agus táirgeadh alúmanaim thánaistigh beartais thionsclaíocha náisiúnta agus áitiúla, pleananna acmhainní mianraí, dlíthe, rialacháin agus beartais maidir le cosaint an chomhshaoil agus caomhnú fuinnimh, dlíthe, rialacháin agus beartais mhianadóireachta, dlíthe, rialacháin agus beartais maidir le táirgeadh sábháilteachta, pleananna forbartha tionscail agus ceanglais eile a chomhlíonadh' ([31]).

([22]) Tuarascáil, lgh. 120-131.
([23]) Airteagal 33 de Bhunreacht Pháirtí Cumannach na Síne, Airteagal 19 de Dhlí Cuideachtaí na Síne. Féach freisin an Tuarascáil, lgh. 47-50.
([24]) Féach freisin an Tuarascáil, lch. 422 agus lch. 441.
([25]) Féach: http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 8 Aibreán 2025).
([26]) Féach: http://www.c-chico.com/#/index (arna rochtain an 8 Aibreán 2025).
([27]) Féach: https://finance.eastmoney.com/a/202503243354581456.html (arna rochtain an 8 Aibreán 2025).
([28]) Féach: https://www.yfml.com/about-03 (arna rochtain an 8 Aibreán 2025).
([29]) Féach: https://www.cqbosai.com/index.php/company/show/111 agus freisin ag https://www.cq.gov.cn/ywdt/jrcq/202411/t20241126_13831013.html (arna rochtain an 8 Aibreán 2025).
([30]) Féach: http://www.lyghz.gov.cn/hzqzxqyj/gfxwj/content/437ba875-02fc-4082-b62f-febf935ced75.html (arna rochtain an 8 Aibreán 2025).
([31]) Ibidem, Pointe 1.1.

(79) Ina theannta sin, áirítear alúmana sa Chatalóg maidir le Tionscail Spreagtha sna Réigiúin Thiar 2025 ([32]).

(80) Le déanaí, d'eisigh Rialtas na Síne an Plean Cur Chun Feidhme maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Alúmanaim ([33]) ('an Plean Alúmanaim') ina luaitear: 'Chun forbairt ardcháilíochta an tionscail alúmanaim a chur chun cinn, tacaíocht níos fearr a thabhairt do phríomhshlabhraí tionscail monaraíochta, […] tá an Plean seo curtha le chéile againn don tréimhse ó 2025 go 2027 […]. Agus treoir á fáil againn ó Mhachnamh Xi Jinping ar Shóisialachas le Tréithe na Síne le haghaidh Ré Nua, ní mór dúinn treoirphrionsabail an 20ú Comhdháil Náisiúnta de chuid [Pháirtí Cumannach na Síne], agus an Dara agus an Tríú Seisiún Iomlánach den 20ú Coiste Lárnach CPC a chur chun feidhme go hiomlán, agus gníomhú i gcomhréir le cinntí an chruinnithe náisiúnta maidir le tionsclú nua a chur chun cinn. [...] Déanfaimid ár ndícheall feabhas nach beag a chur ar leibhéal athléimneachta agus slándála na slabhraí tionsclaíocha agus soláthair faoi 2027, ionas go mbeidh staid fhoriomlán an tslabhra tionscail ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain. Cuirfear feabhas substaintiúil ar acmhainneacht slándála acmhainní alúmanaim, agus déanfar iarracht méadú 3 %-5 % ar acmhainní báicsíte intíre a bhaint amach, agus aschur alúmanaim athchúrsáilte bliantúil os cionn 15 mhilliún tona a bhaint amach. Déanfar an struchtúr tionsclaíoch a bharrfheabhsú, agus cuirfear feabhas ar bhraislí an tionscail próiseála alúmanaim.'

(81) Liostaítear na spriocanna a leanas sa 14ú Plean Cúig Bliana de chuid Chúige Shandong maidir le Forbairt an Tionscail Alúmanaim') ([34]) ('Plean Shandong): 'faoi *2025*, rialófar acmhainneacht táirgeachta alúmanaim leictrealaíoch agus alúmana […]. Forbróidh an cúige ina mhórbhraisle thionsclaíoch alúmanaim ag a mbeidh tionchar nach beag sa bhaile agus thar lear' ([35]).

(82) I mí Mheán Fómhair 2022, d'eisigh Buanchoiste Dhaon-Chomhdháil Réigiún Féinrialaitheach Guangxi Zhuang an Cinneadh maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Alúmanaim a Chur Chun Cinn ([36]) ('Cinneadh Guangxi') agus shonraigh sé na spriocanna maidir le príomhfhiontair a chothú agus conair forbartha na bhfiontar faoi úinéireacht stáit sa chúige a stiúradh: 'Grúpa príomhfhiontar ag a bhfuil croí-iomaíochas a chothú agus a thabhairt isteach. Córas 'ceannaire slabhra tionsclaíoch' a bhunú sa tionscal alúmanaim, d'fhiontair atá i gceannas ar shlabhraí tionsclaíocha alúmana agus alúmanaim leictrealaíoch, chun sásra cuimsitheach meastóireachta agus dreasachta éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme lena gcumhdófar an tionscal ar fad […]. Feabhas a chur ar cháilíocht forbartha agus éifeachtúlacht fiontar atá faoi úinéireacht stáit a bhaineann le halúmanam, tacú le Grúpa Infheistíochta Guangxi agus le fiontair eile faoi úinéireacht stáit chun a ngnólacht inmheánach alúmanaim a bharrfheabhsú agus a chomhtháthú; caipiteal a ghlacadh agus a úsáid chun slabhra an tionscail alúmanaim a imscaradh ar fud cúigí agus tíortha trí chumaisc agus éadálacha, trí pháirt a ghlacadh i leas cothromais nó modhanna eile nó iad sin a rialú, chun forbairt chomhordaithe ar an slabhra tionsclaíoch ina iomláine a chur chun feidhme agus chun príomhfhiontair a fhorbairt sa tionscal alúmanaim a bhfuil tionchar náisiúnta agus iomaíochas idirnáisiúnta acu' ([37]).

(83) Is féidir rialú rialtais agus maoirseacht bheartais a fheiceáil freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionscail ábhartha. Go deimhin, tá ar chomhlachais tionscail na Síne a ráthú go gcuireann an tionscal beartais Rialtas na Síne chun feidhme. Deimhnítear an fhreagracht sin toisc go ndéanann siad idirchaidreamh dlúth le húdaráis Stáit ina ngníomhaíocht, rud a léirítear ina reachtanna.

(84) Mar shampla, deir Comhlachas Thionscal Monaraithe Miotal Neamhfheiriúil na Síne ('CNFA') ([38]) in Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais, maidir leis an eagraíocht 'go gcloíonn sí le ceannaireacht fhoriomlán [Pháirtí Cumannach na Síne], go mbunaíonn sí eagraíocht de chuid [Pháirtí Cumannach na Síne], go gcuireann sí gníomhaíochtaí an Pháirtí i gcrích, agus go soláthraíonn sí na coinníollacha is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí' agus 'go nglacann sí leis an treoraíocht, an mhaoirseacht agus an bhainistíocht ghairmiúil ó na heintitis atá i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, ó eintitis atá i gceannas ar neartú an Pháirtí, agus ó na ranna riaracháin ábhartha atá i gceannas ar bhainistíocht tionscail' ([39]). De réir Airteagal 6 dá Airteagail Chomhlachais, is é seo a leanas, inter alia, raon feidhme ghnó an Chomhlachais: 'i gcomhréir leis an mbeartas ginearálta agus leis an gcúram

([32]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/202411/content_6990315.htm (arna rochtain an 14 Aibreán 2025).
([33]) Féach https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/202503/content_7016126.htm (arna rochtain an 8 Aibreán 2025).
([34]) Féach: http://gxt.shandong.gov.cn/module/download/downfile.jsp?classid=0&filename=f85aaf1621f249c39003ec11de94edac.pdf (arna rochtain an 8 Aibreán 2025).
([35]) Ibid., Roinn II.3.
([36]) Féach: http://gxt.gxzf.gov.cn/wzsy/zwdt/mtgz/t13115758.shtml (arna rochtain an 15 Aibreán 2025).
([37]) Ibid., Pointe 15.
([38]) Féach: https://www.cnfa.net.cn/index.aspx (arna rochtain an 8 Aibreán 2025).
([39]) Féach: https://www.cnfa.net.cn/about/1546.aspx (arna rochtain an 8 Aibreán 2025).

ginearálta maidir le córas eacnamaíoch margaidh shóisialaigh arna chur chun cinn ag an bPáirtí agus ag an stát, agus i bhfianaise staid iarbhír an tionscail, moltaí agus tuairimí a chur chun cinn go gníomhach maidir le forbairt tionscail, beartais tionscail, dlíthe agus rialúchán' ([40]). Thairis sin, áirítear ar na coinníollacha le bheith incháilithe mar ionadaí ar an gComhlachas cloí le ceannasaíocht Pháirtí Cumannach na Síne, tacú leis an sóisialachas a bhfuil saintréithe Síneacha aige, seasamh, prionsabail agus beartais an Pháirtí a chur chun feidhme go diongbháilte, agus dea-cháilíochtaí polaitiúla a bheith acu ([41]).

(85) Tá roinnt soláthróirí báicsíte, Chinalco mar shampla, ina gcomhaltaí de CNFA.

(86) Ar an gcaoi chéanna, deir Comhlachas Thionscal Teasfhulangach na Síne ('*ACRI*') ([42]) in Airteagal 3 dá Airteagail Chomhlachais, go [g]cloíonn an eagraíocht le ceannaireacht fhoriomlán [Pháirtí Cumannach na Síne], go mbunaíonn sí eagraíocht de chuid [Pháirtí Cumannach na Síne], go ndéanann sí gníomhaíochtaí an Pháirtí a chur i gcrích, agus go soláthraíonn sí na coinníollacha is gá le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an Pháirtí' agus go '[n] glacann sí leis an treoraíocht, leis an maoirseacht agus leis an mbainistíocht ghairmiúil ón Aireacht Gnóthaí Sibhialta.' Ina theannta sin, 'glacann obair Pháirtí an Chomhlachais le treoraíocht aontaithe ó Roinn na hOibre Sochaí de chuid Lárchoiste Pháirtí Cumannach na Síne' ([43]).

(87) Is comhaltaí de ACRI iad Grúpa Bosai agus Grúpa Zhengzhou Yufa ([44]).

(88) Chomh maith leis sin, sna hAirteagail Chomhlachais de chuid Chomhlachas iartheachtach Thionscal Meaisín-uirlisí na Síne ('CMTBA') ([45]), a bhfuil brainse aige mar sin féin a bhaineann go sonrach le scríobaigh, tá an tAirteagal 3 céanna ([46]), lena ndearbhaítear comhlíontacht an Chomhlachais le ceannaireacht Pháirtí Cumannach na Síne agus go nglacann sé le maoirseacht agus bainistíocht ag an Aireacht Gnóthaí Sibhialta agus ag an gCoiste Páirtí de chuid Choimisiún na Comhairle Stáit um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní atá faoi úinéireacht an Stáit a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí CMTBA chun an Páirtí a neartú ([47]).

(89) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, ó tharla gur ann do chealla de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair stáit agus i bhfiontair phríobháideacha araon, is modh tábhachtach é sin trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. Shuigh an Coimisiún le linn an imscrúdaithe gur ann do cheangail phearsanta idir táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú agus Páirtí Cumannach na Síne, amhail comhaltaí Pháirtí Cumannach na Síne sa bhainistíocht shinsearach nó ar an mbord stiúrthóirí i roinnt cuideachtaí a mhonaraíonn an táirge faoi imscrúdú.

(90) Mar shampla, is iad cathaoirleach Chinalco agus stiúrthóir agus bainisteoir ginearálta Chinalco faoi seach rúnaí an pháirtí agus leas-rúnaí an pháirtí in eagraíocht pháirtí Chinalco. Ní hamháin, in 2024, sheol gach aonad den Ghrúpa Chinalco Staidéar Araíonachta agus Oideachas an Pháirtí: 'cuireadh i dtábhacht i gcruinniú imscartha an Ghrúpa Chinalco maidir le Staidéar Araíonachta agus Oideachas an Pháirtí gur cheart d'eagraíochtaí páirtí ar gach leibhéal an meascán foghlama agus cur i bhfeidhm a neartú, Staidéar Araíonachta agus Oideachas an Pháirtí a chomhcheangal le cur chun feidhme an chórais bhliantúil cur chun feidhme maidir le pleanáil straitéiseach 'phríomhthionscadail bhliantúla 4 + 4 + N +' de chuid Ghrúpa Chinalco, agus iarracht a dhéanamh spriocanna agus cúraimí bliantúla a bhaint amach, agus na torthaí foghlama a chlaochlú go héifeachtach ina bhfórsa tiomána dosháraithe chun dlús a chur le tógáil cuideachta alúmanaim den chéad scoth a bhfuil buntáistí iomaíocha cuimsitheacha láidre aici, agus ráthaíochtaí polaitiúla láidre a sholáthar chun iarracht a dhéanamh caibidil nua de nuachóiriú Chinalco a scríobh' ([48]).

([40]) Ibidem.
([41]) Ibid., Airteagal 21.
([42]) Féach: https://www.acri.org.cn/ (arna rochtain an 10 Aibreán 2025).
([43]) Féach: https://www.acri.org.cn/aboutAssociation/constitution?id=2 (arna rochtain an 10 Aibreán 2025).
([44]) Féach: https://www.acri.org.cn/associationMember/director?id=3 (arna rochtain an 10 Aibreán 2025).
([45]) Féach: https://www.cmtba.org.cn/ (arna rochtain an 10 Aibreán 2025).
([46]) Féach: https://www.cmtba.org.cn/web/197001/3043.html (arna rochtain an 10 Aibreán 2025).
([47]) Féach: https://www.cmtba.org.cn/web/3/list.html (arna rochtain an 10 Aibreán 2025).
([48]) Féach: https://www.chinalco.com.cn/dqjs/dqjs_djdt/202404/t20240422_126423.html (arna rochtain an 10 Aibreán 2025).

(91) Tá fiontair faoi úinéireacht phríobháideach san earnáil alúmana faoi réir ag cur isteach ón bPáirtí freisin. Mar shampla, feidhmíonn Cathaoirleach Ghrúpa Bosai freisin mar 'Chathaoirleach ar Chomhdháil Chomhairleach Pholaitiúil Phobal na Síne i gCeantar Nachuan, Chongqing' agus bronnadh mar theideal oinigh air 'tógálaí sármhaith an tsóisialachais le saintréithe Síneacha' ([49]). Ina theannta sin, fónann Leas-Bhainisteoir Ginearálta an Ghrúpa freisin mar Rúnaí ar Choiste Páirtí an Ghrúpa agus ghlac sé páirt i gcruinniú le 'Grúpa Bolscaireachta Choiste an Pháirtí Bhardasaigh de chuid Chongqing chun staidéar a dhéanamh ar mheon an Tríú Seisiún Iomlánach den 20ú Coiste Lárnach de Pháirtí Cumannach na Síne agus chun an meon sin a chur chun feidhme' ([50]).

(92) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge faoi imscrúdú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó beartais a bhfuil tionchar acu ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán.

(93) Measann Rialtas na Síne i gcónaí gur tionscal ríthábhachtach atá sa tionscal miotalóireachta ([51]). Deimhnítear é sin san iliomad pleananna, treoracha agus doiciméad eile lena gcumhdaítear alúmana, a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, cúigeach agus bardasach, a ndearna an Coimisiún doiciméadú mionsonraithe orthu in imscrúduithe a rinneadh roimhe seo ar an earnáil ([52]), agus sa Tuarascáil ([53]).

(94) Ar an leibhéal náisiúnta, mar shampla, áirítear sa 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt ('an Plean Amhábhar') ([54]) forálacha 'lena spreagtar limistéir chósta chun alúmana agus tionscadail eile a eagrú go hordúil trí úsáid a bhaint as acmhainní thar lear'. Éilítear sa phlean freisin go ndéanfaí rialú acmhainneachta san earnáil alúmanaim i gcoitinne, lena n-áirítear san earnáil alúmana: 'Rialú dian a dhéanamh ar acmhainneacht táirgeachta atá méadaithe le déanaí. […] forbairt mhí-ordúil […] ar alúmanaim a chosc'.

(95) Ina theannta sin, luaitear sa Phlean Alúmanaim 'go ndéanfaidh Rialtas na Síne a dhícheall feabhas nach beag a chur ar leibhéal athléimneachta agus slándála an tslabhra thionsclaíoch agus soláthair faoi 2027, agus a chinntiú go mbainfidh an fhorbairt ar an slabhra tionscail leibhéal ceannródaíoch domhanda amach. Cuirfear feabhas substaintiúil ar acmhainneacht slándála acmhainní alúmanaim, agus déanfar iarracht méadú 3 %-5 % ar acmhainní báicsíte intíre a bhaint amach'. Anuas ar an mbéim sin ar ionchuir bháicsíte, tá sé beartaithe ag Rialtas na Síne freisin 'tionscadail alúmana a thógáil ar bhealach seasta stuama. Neartóimid pleanáil eolaíoch na dtionscadal alúmana […] le báicsít mar amhábhar […] Cuirfear tionscadail nua chun cinn go stuama. Ní mór do thionscadail alúmana nua-mhodhnaithe nó leathnaithe cloí go docht le beartais ábhartha maidir le tionscal […]' ([55]).

(96) Mar is léir ó na doiciméid thuas, déanann an rialtas láir agus an earnáil faireachán grinn ar an earnáil alúmana agus déanann siad í a stiúradh, lena n-áirítear slabhra iomlán an tionscail alúmana chomhleáite, trí idirghabháil ón rialtas seachas trí fhórsaí an mhargaidh shaoir den chuid is mó.

(97) Ar an leibhéal áitiúil, tá méid chur isteach na Síne ar an tionscal alúmana níos soiléire. Sampla amháin den sórt sin is ea Plean Shandong, ina leagtar amach, in éineacht leis na spriocanna a dtugtar tuairisc orthu in aithris 81, bearta tacaíochta do na fiontair alúmanaim áitiúla: 'Tacaíocht beartais agus rialála a mhéadú. Beartais tacaíochta éagsúla ar an leibhéal náisiúnta agus cúige a chur chun feidhme go gníomhach, tacaíocht a sholáthar do bhraislí tionsclaíocha incháilithe, do phríomhtháirgí agus do phríomhtheicneolaíochtaí. Tacú le fiontair a thugann faoi mhórthionscadail náisiúnta agus chúige. ([56])'

([49]) Féach: https://www.cqbosai.com/index.php/about/team (arna rochtain an 10 Aibreán 2025).
([50]) Féach: https://www.cqbosai.com/index.php/news/m_show/493#:~:text=%E5%85%9A%E5%A7%94%E4%B9%A6%E8%AE%B0%E5%88%98%E5%89%91%E8%A6%81%E6%B1%82,%E5%A4%9A%E6%9B%B4%E5%A4%A7%E7%9A%84%E8%B4%A1%E7%8C%AE%E3%80%82 (arna rochtain an 10 Aibreán 2025).
([51]) Tuarascáil, lch. 427.
([52]) Féach: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1923, aithris 153-167; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2120, aithrisí 86-100; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1394, aithrisí 81-127.
([53]) Tuarascáil, lch. 427.
([54]) Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html (arna rochtain an 10 Aibreán 2025).
([55]) Féach Roinn I den Phlean Alúmanaim.
([56]) Féach Roinn VIII.2 de Phlean Shandong.

(98) In Yunnan, féachann Plean Gníomhaíochta Chúige Yunnan maidir le Slabhra Iomlán na Miotal Neamhfheiriúil agus na dTionscal Nua-Ábhar a Athmhúnlú le Buntáistí Nua 2021-2023 ('Plean Yunnan') ([57]) le 'monaraíocht chliste a fhorbairt: […] claochlú modhanna táirgthe ina modhanna cliste, solúbtha agus beachtaithe a chur chun cinn, agus taispeántais phíolótacha de mhonaraíocht chliste a dhéanamh sa tionscal miotail neamhfheiriúil. I limistéir mhianadóireachta […] báicsíte, […] déanfaimid sraith iomlán de chórais teicneolaíochta mianadóireachta chomhoibríocha agus chliste a chur chun cinn […] agus tógfaimid mianaigh dhigiteacha bunaithe ar na fiontair cnámh droma tosaigh sa tionscal agus déanfaimid taispeántais tionscail. [...] fiontair a chur chun cinn chun feabhas a chur ar a leibhéal faisnéise maidir le barrfheabhsú próisis […] agus táirgeadh sábháilte agus feabhas a chur ar a gcumas freastal ar riachtanais úsáideoirí go tapa agus ar chostas íseal' ([58]).

(99) Tá bearta i bPlean Yunnan freisin chun costais oibriúcháin an tionscail alúmana a ísliú trí bhíthin beartais chánach fhabhracha: 'Beartais chánach fhabhracha a chur chun feidhme chun réigiún an iarthair a fhorbairt, agus imscrúdú agus clárú cuí a dhéanamh ar fhiontair ábhartha don […] tionscal alúmanaim ghlais agus don tionscal domhainphróiseála miotail neamhfheiriúil a liostaítear i gcatalóg na dtionscal atáthar a spreagadh i réigiúin an iarthair; comhairle agus seirbhísí gan iarraidh a sholáthar chun cuidiú le fiontair a n-ualach cánach a laghdú' ([59]).

(100) Leagtar amach i gCinneadh Guangxi, mar a léiríodh cheana in aithris 82, roinnt cuspóirí i leith fhorbairt an tionscail alúmanaim sa chúige. Thairis sin, sainordaítear ann an méid seo a leanas: 'Déanfaidh ranna inniúla an Réigiúin Fhéinrialaitheach amhail Forbairt agus Athchóiriú, Tionscal agus Teicneolaíocht Faisnéise, agus Éiceolaíocht agus Comhshaol treoir agus tacaíocht a thabhairt d'fhiontair alúmana agus alúmanaim leictrealaíoch chun próisis nua, teicneolaíochtaí nua, agus teicneolaíochtaí glasa agus ísealcharbóin a úsáid chun claochlú coigilte fuinnimh a dhéanamh […]' ([60]).

(101) In Henan, síníodh an Comhaontú Comhair um Ghnó Trádála Idirnáisiúnta Báicsíte idir China Henan International Cooperation Group Co., Ltd. agus Assets Operation and Management Co., Ltd. de chuid Bardas Sanmenxia, atá faoi úinéireacht an Stáit. De réir an chomhaontaithe, 'amach anseo, cuirfidh Coiste Pháirtí Bardasach Sanmenxia agus an Rialtas Bardasach ábhair nua atá bunaithe ar alúmanam san áireamh i gceann de na 12 phríomhshlabhra thionsclaíocha a ndíreoidh an chathair ar a saothrú. Mar fhiontar ardáin tábhachtach d'oscailt agus do chomhar an chúige, fónann China Henan International Cooperation Group Co., Ltd. agus ráthaíonn sé príomhstraitéisí an chúige [...]. Mar fhiontar bardasach faoi úinéireacht an stáit, déanann Sanmenxia State-owned Assets Operation and Management Co., Ltd. […] iarracht táirgiúlacht nua ardchaighdeáin a chothú, tá sé saothraithe go domhain i réimse thionscal an alúmanaim le blianta fada, déanann sé iarracht dul chun cinn nua a bhaint amach i leathnú an tslabhra thionsclaíoch bunaithe ar alúmanam, agus déanann sé iniúchadh gníomhach ar bhealaí nua le haghaidh nuálaíochta agus forbartha. Ní hamháin gur beart tábhachtach é an comhar idir an dá pháirtí chun gnó trádála idirnáisiúnta báicsíte a dhéanamh chun an straitéis náisiúnta a chur chun feidhme, chun réimse an chomhair eacnamaíoch eachtraigh a leathnú, agus chun forbairt ardcháilíochta an gheilleagair áitiúil a chur chun cinn, ach is cleachtas bríomhar é freisin athchóiriú agus forbairt nuálach fhiontair na cathrach atá faoi úinéireacht stáit a dhoimhniú, rud a bhfuil tionchar an-suntasach aige ar réiteach a fháil ar an bhfadhb a bhaineann le soláthar docht báicsíte áitiúil atá os comhair na cathrach agus ar fhorbairt an tionscail alúmanaim sa tréimhse atá ann faoi láthair agus amach anseo' ([61]).

(102) Ar an leibhéal áitiúil, in 2021, dhearbhaigh Crios Ardteicneolaíochta Fuling (tá ceantar Fuling suite i gceantar Bhardas Chongqing) go raibh 'RMB 185 mhilliún caite acu ar nuálaíocht eolaíoch agus theicneolaíoch, rud a bhí 10,9 pointe céatadáin ní b'airde ná ráta fáis chaiteachas buiséid phoiblí ghinearálta an réigiúin ar fad' agus dúirt sé freisin 'trí thógáil ardán agus tacaíocht beartais, tá an crios tar éis comhbhailiú eilimintí nuálacha a chur chun cinn go héifeachtach i slabhra tionscail na n-ábhar nua, agus tá roinnt mhaith éachtaí nuálacha tar éis an bhearna intíre a líonadh. Mar shampla, […] sháraigh aschur bliantúil Fuling [Chongqing] Saite d'alúmana donn comhleáite 200,000 tona, rud a fhágann gurb é an fiontar monaraíochta monaiméir alúmana dhoinn chomhleáite is mó ar domhan é. Faoi dheireadh 2021, chothaigh Ceantar Fuling 98 bhfiontar phríobháideacha ardteicneolaíochta' ([62]).

([57]) Le fáil ar: http://www.yn.gov.cn/ztgg/lqhm/lqzc/djzc/202202/t20220223_236886.html (arna rochtain an 14 Aibreán 2025).
([58]) Féach Roinn III.10 de Phlean Yunnan.
([59]) Féach Roinn IV.3(3) de Phlean Yunnan.
([60]) Féach Pointe XI de Chinneadh Guangxi.
([61]) Féach: https://www.smx.gov.cn/4036/616899168/1838419.html (arna rochtain an 11 Aibreán 2025).
([62]) Féach: https://www.cq.gov.cn/zt/fjxzcjgxsd/zjqxkfz/202210/t20221014_11190923.html (arna rochtain an 11 Aibreán 2025).

(103) Ina theannta sin, tacaíonn bainc faoi úinéireacht an stáit le roinnt táirgeoirí alúmana chomhleáite freisin, mar shampla Brainse Chongqing de Bhanc Onnmhairithe agus Allmhairithe na Síne a 'thug isteach roinnt beart chun cuidiú le Chongqing gach rud is féidir a dhéanamh chun an margadh bunúsach trádála eachtraí agus infheistíochta coigríche a chobhsú, agus forbairt nua gheilleagar oscailte Chongqing a chur chun cinn […] agus a neartaigh tacaíocht airgeadais trádála, […] a sholáthair seirbhísí socraíochta, […] litir chreidmheasa agus maoiniú trádála do roinnt mhaith fiontar atá dírithe ar tháirgeadh agus ar thrádáil amhail [Chongqing] Saite Corundum agus Chongqing International Trade' ([63]). Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-ionchur a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi imscrúdú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(104) Níor nochtadh aon fhianaise san imscrúdú seo nach mbeadh tionchar ag cur i bhfeidhm idirdhealaitheach ná forfheidhmiú neamhleor dhlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán san earnáil alúmana ar mhonaróirí an táirge faoi imscrúdú.

(105) Ina theannta sin, tá an táirge faoi imscrúdú faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, mar a thagraítear thuas in aithris 60 dó freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi imscrúdú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne).

(106) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge faoi imscrúdú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, mar a thagraítear thuas in aithris 60 dó freisin. Fiú ar leibhéal beartais, rialaíonn an rialtas bearta airgeadais go domhain. Mar shampla, sainordaítear sa Phlean Amhábhar go 'n-úsáidfear na bealaí maoinithe atá ann cheana féin ina n-iomláine chun tacú le mórthionscadail a bhfuil baint acu leis an bPlean. Déanfaidh [Rialtas na Síne] comhar idir an tionscal agus an maoiniú a láidriú agus bainfidh leas as ról na n-ardán náisiúnta comhair idir an tionscal agus an maoiniú chun tacaíocht láidir a sholáthar do thionscadail i gcomhréir leis an bPlean trí bhíthin seirbhísí airgeadais agus infheistíocht chothromais' ([64]).

(107) Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.

(108) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge faoi imscrúdú na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(109) Dá thoradh sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi imscrúdú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, saothar, etc.) toisc go ndéanann an idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(110) Mar achoimre, léiríodh leis an bhfianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi imscrúdú, lena n-áirítear costais amhábhar, fuinnimh agus saothair, toisc go ndéantar difear dóibh trí idirghabháil shubstaintiúil ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léirítear leis an tionchar iarbhír nó féideartha a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na gnéithe ábhartha a liostaítear ann. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach

([63]) Féach: http://www.eximbank.gov.cn/info/ztzl/zszhwwmwwzgz/202008/t20200806_20935.html (arna rochtain an 11 Aibreán 2025).

([64]) Féach Roinn VIII.2 den Phlean Amhábhar.

iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a tuairiscíodh sa roinn a leanas.

3.2.1.1. Argóintí *ó pháirtithe leasmhara*

(111) An 31 Eanáir 2025, chuir Runbao agus Saite sraith barúlacha isteach mar fhreagra ar an gCéad Nóta, lena n-áirítear maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(112) Ar an gcéad dul síos, ghlac Runbao agus Saite an seasamh nach bhfuil feidhm ag Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán toisc go n-oibríonn tionscal alúmana chomhleáite na Síne faoi choinníollacha atá dírithe ar an margadh. D'áitigh Runbao agus Saite freisin i ndáil leis sin gur cheart don Choimisiún glacadh leis na praghsanna agus na costais intíre arna dtuairisciú ag an dá chuideachta ós rud é go bhfuil siad faoi úinéireacht phríobháideach.

(113) Ní fhéadfaí glacadh leis an argóint sin. Mar a thuairiscítear go mion in aithrisí 74 go (110) thuas, tá earnáil an táirge faoi imscrúdú faoi réir saobhadh suntasach iomadúil de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Cé go nglacann saobhadh den sórt sin foirmeacha éagsúla agus go léiríonn láithreacht cuideachtaí faoi úinéireacht stáit san earnáil go bhfuil saobhadh suntasach ann, níl idirghabháil an rialtais a dhéanann difear d'fhórsaí an mhargaidh teoranta d'oibreoirí eacnamaíocha atá faoi úinéireacht an stáit ach baineann sí le cuideachtaí príobháideacha freisin (féach go háirithe aithris 91 thuas).

(114) Ar an dara dul síos, chuir Runbao agus Saite in iúl, fiú dá gcinnfeadh an Coimisiún gur ann do shaobhadh suntasach, nach mór an measúnú ábhartha a dhéanamh go haonarach i gcás Runbao agus Saite mar a shonraítear sa tríú mír d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(115) Thug an Coimisiún dá aire gur ann do shaobhadh suntasach lena dtionscnaítear cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ar leibhéal na tíre ar fad. Má shuitear gur ann do shaobhadh suntasach in earnáil chinntitheach, beidh feidhm *a priori* ag forálacha Airteagal 2(6a) den Rialachán maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin san earnáil i gceist i nDaon-Phoblacht na Síne agus bainfidh siad leis na costais uile a bhaineann lena dtosca táirgeachta. Cé go bhforáiltear leis an bhforáil chéanna den bhun-Rialachán maidir le húsáid costas intíre a suitear go dearfach ina leith nach ndéanann saobhadh suntasach difear dóibh, níor suíodh aon chostas intíre a bheith neamhshaofa bunaithe ar fhianaise chruinn agus iomchuí. Go sonrach, níor chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin fianaise chruinn agus iomchuí isteach maidir le praghsanna agus costais neamhshaofa, ní dhearna siad ach an maíomh ginearálta thuasluaite go n-oibríonn an tionscal alúmana chomhleáite faoi choinníollacha atá dírithe ar an margadh.

3.2.2. *Tír ionadaíoch*

3.2.2.1. Barúlacha ginearálta

(116) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá sa tSín. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([65]);

— Táirgeadh an táirge faoi imscrúdú sa tír sin;

— Fianaise ar shonraí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina raibh níos mó ná rogha fhéideartha amháin ann i ndáil le tír ionadaíoch, tugadh tús áite, i gcás inarbh iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

([65]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

(117) Mar a mhínítear in aithrisí 53 agus 54, d'eisigh an Coimisiún dhá nóta i gcomhair an chomhaid faoi na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh: an chéad nóta faoi thosca táirgeachta an 21 Eanáir 2025 (dá ngairtear an 'Chéad Nóta' anseo feasta) agus an dara nóta faoi na tosca táirgeachta an 5 Márta 2025 (dá ngairtear an 'Dara Nóta' anseo feasta). Sna nótaí sin, tugadh tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha agus tugadh aghaidh iontu freisin ar na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe maidir leis na gnéithe sin agus maidir leis na foinsí ábhartha. Sa dara nóta maidir le tosca táirgeachta, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Tar éis barúlacha agus fianaise thacaíochta a fuarthas ó pháirtithe leasmhara maidir le heaspa fíortháirgthe an táirge faoi imscrúdú i Meicsiceo, mheas an Coimisiún gurbh í an Bhrasaíl an tír ionadaíoch ab iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí go raibh saobhadh suntasach ann de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

3.2.3. *Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an leibhéal atá i nDaon-Phoblacht na Síne*

(118) Sa chéad nóta maidir le tosca táirgeachta, shainaithin an Coimisiún gur tíortha iad Meicsiceo agus an Bhrasaíl inar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche agus atá i nDaon-Phoblacht na Síne de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda mar thíortha 'ard-mheánioncaim' iad ar bhonn ollioncam náisiúnta, agus gurb eol go dtáirgtear an táirge faoi imscrúdú iontu.

(119) Ina bharúlacha, mhol Tyrolit trí thír fhéideartha – an Bhrasaíl, an Chasacstáin agus an India – mar thíortha ionadaíocha oiriúnacha don imscrúdú seo. D'áitigh VDS gurbh í an India an rogha ab oiriúnaí, agus luaigh láithreacht roinnt mhaith táirgeoirí den táirge faoi imscrúdú. Ina theannta sin, chuir VDS in iúl go dtugann an India léiriú réalaíoch ar phraghsanna amhábhar agus go bhfuil a praghsanna fuinnimh níos inchomparáide le praghsanna na Síne.

(120) Thug an Coimisiún dá aire, murab ionann agus an tír lena mbaineann, nach dtagann an Chasacstáin ná an India faoi chatagóir na dtíortha 'meánioncaim uachtaraigh' de réir aicmiú an Bhainc Dhomhanda agus, dá bhrí sin, nach gcáilíonn siad mar thíortha ionadaíocha féideartha i bhfianaise a leibhéil forbartha eacnamaíche, mar a fhoráiltear in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, ní féidir an Chasacstáin ná an India a úsáid mar thíortha ionadaíocha. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

3.2.4. *Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha atá ar fáil go héasca sa tír ionadaíoch*

(121) Sa Chéad nóta, léirigh an Coimisiún, i gcás na dtíortha a sainaithníodh mar thíortha ina bhfuil an táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh, i.e. an Bhrasaíl agus Meicsiceo, go bhfuil fíorú le déanamh a thuilleadh ar infhaighteacht na sonraí a bhfuil gá leo, go háirithe maidir leis na sonraí airgeadais atá ar fáil go héasca ó tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú.

(122) Maidir leis an mBrasaíl, ní raibh an Coimisiún in ann teacht, ag an gcéim seo, ar ráitis airgeadais a bhí ar fáil go héasca (bíodh siad comhdhlúite nó ná bíodh) le haghaidh Elfusa Geral de Eletro Fusão, an t-aon chuideachta aitheanta amháin a tháirgeann an táirge faoi imscrúdú sa Bhrasaíl. Chinn an Coimisiún dá bhrí sin nach bhféadfadh sé sonraí na cuideachta sin a úsáid san imeacht. Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin nach bhféadfaí an Bhrasaíl a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí le haghaidh an imscrúdaithe seo.

(123) Maidir le Meicsiceo, shainaithin an Coimisiún ráitis airgeadais a bhí ar fáil go héasca le haghaidh Elmet ina léirítear leibhéal réasúnta brabúsachta sa bhliain 2022 ach nach gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin leo.

(124) Rinne an Coimisiún anailís ar allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta isteach i Meicsiceo agus sa Bhrasaíl. Sholáthair an gearánach fianaise *prima facie* gur ann do shaobhadh suntasach maidir le halúmana comhleáite sa tSín. Dá bhrí sin, dá ndeimhneofaí go bhfuil saobhadh den sórt sin ann, dhéanfaí allmhairí ón tSín a eisiamh ó ríomh praghsanna tagarmhairc do na hamhábhair sna tíortha ionadaíocha. Scrúdaigh an Coimisiún freisin allmhairí ó thíortha nach

tíortha de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála iad a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([66]). I ngach cás, is amhlaidh nach raibh na hallmhairí sin ann nó bhí méid an-bheag díobh ann (faoi bhun 1 %) le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Dá réir sin, d'fhéadfaí a mheas gur tíortha ionadaíocha iomchuí iad Meicsiceo agus an Bhrasaíl ([67]) araon.

(125) D'áitigh Tyrolit agus VDS go bhfuil tásca láidre ann a thugann le fios go bhfeidhmíonn Elmet, táirgeoir sainaitheanta i Meicsiceo, go príomha mar allmhaireoir agus dáileoir amhábhar do na tionscail ábhar teasfhulangach agus miotalóireachta seachas aon chineál alúmana chomhleáite a tháirgeadh. Dúirt siad freisin go bhfuil an Bhrasaíl i mbun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh ar bhonn intíre, agus gur táirgeoir aitheanta é Elfusa Geral de Eletro Fusão ('Elfusa') i measc bhaill VDS.

(126) Thug an Coimisiún dá aire nár sholáthair Tyrolit ná VDS fianaise nach dtáirgeann Elmet an táirge faoi imscrúdú. Os a choinne sin, luaitear go sainráite ar shuíomh gréasáin Elmet go dtáirgeann agus go n-oibríonn an chuideachta BFA a foirnéis féin. Níor bhréagnaigh páirtithe leasmhara eile an eilimint sin ach oiread, ar páirtithe leasmhara iad a mheasann go bhfuil táirgeoir den sórt sin i Meicsiceo. Ina theannta sin, tá rochtain éasca ar ráitis airgeadais Elmet trí Orbis, ach níl ráitis airgeadais tháirgeoir na Brasaíle, Elfusa, ar fáil go héasca agus níor chuir Tyrolit agus/nó VDS isteach iad. Dá dheasca sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(127) Úsáideoirí Aontais, Vesuvius Poland Sp. z o.o. ('Vesuvius') agus Calderys agus comhlachas úsáideoirí an Aontais, Cumann Táirgeoirí Teasfhulangacha Eorpacha ('PRE'), tháinig siad chun cinn chun tacú le rogha Mheicsiceo mar an tír ionadaíoch ag an gcéim seo. De réir Vesuvius, is tír ionadaíoch mhíchuí í an Bhrasaíl toisc nach bhfuil sonraí leordhóthanacha agus 'neamhoiriúnacha' ann le haghaidh príomhthosca táirgeachta, ós rud é go bhfuil allmhairí na n-ábhar sin isteach sa Bhrasaíl teoranta, go háirithe nuair a eisiatar iad siúd de thionscnamh na Síne. Ina theannta sin, bunaithe ar eolas Vesuvius, ní fhreagraíonn na hábhair allmhairithe do na hábhair a úsáidtear de ghnáth i dtáirgeadh alúmana chomhleáite. Ina ionad sin, is éard atá sna hallmhairí sin go príomha gráid speisialaithe bháicsíte atá beartaithe le haghaidh feidhmeanna sonracha, nach dócha go n-úsáidfear iad chun alúmana comhleáite a tháirgeadh. Ina theannta sin, níl aon sonraí airgeadais ar fáil do tháirgeoirí alúmana chomhleáite sa Bhrasaíl. Dá bhrí sin, dá roghnódh an Coimisiún an Bhrasaíl mar an tír ionadaíoch, mhol Vesuvius gur cheart dó brath ar shonraí onnmhairiúcháin seachas ar shonraí allmhairiúcháin, mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo, chun a áirithiú go ndéanfar cinneadh cothrom agus cruinn ar an ngnáthluach. Thacaigh Calderys le roghnú Mheicsiceo mar an tír ionadaíoch mar gheall ar infhaighteacht sonraí airgeadais le haghaidh táirgeoir alúmana chomhleáite sainaitheanta i Meicsiceo. Ina theannta sin, léiríonn patrúin allmhairiúcháin Mheicsiceo neamhchosaint níos ísle ar ionchuir allmhairithe a d'fhéadfadh a bheith saofa agus comhlíonadh caighdeán sóisialta agus comhshaoil níos láidre. Thug PRE faoi deara roimh ré go bhfuil an Bhrasaíl ar cheann de na táirgeoirí báicsíte is mó ar domhan agus, mar thoradh air sin, gur glan-onnmhaireoir í. Dá dheasca sin, d'áitigh PRE go bhféadfadh sé nach léiríonn praghas allmhairiúcháin aonaid báicsíte sa Bhrasaíl an margadh intíre go cruinn, mar gheall ar mhéid íseal na n-allmhairí nó toisc go bhfuil táirgí allmhairithe speisialaithe, ag díriú ar ghráid speisialtachta ar luach níos airde. Ina theannta sin, cosúil leis an gCoimisiún, ní raibh PRE in ann teacht ar ráitis airgeadais a bhí ar fáil do Elfusa.

(128) Dúirt Tyrolit agus Reckel nach raibh na tosca táirgeachta chun alúmana comhleáite bunaithe ar alúmana agus corandam tuaslagáin/glóthaí a mhonarú liostaithe sa Chéad Nóta. Idir an dá linn, d'áitigh Reckel gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar na tosca táirgeachta a shainaithin an Coimisiún, toisc nach léiríonn siad go cruinn na hamhábhair phríomhúla a úsáidtear chun corandam tuaslagáin/glóthaí a tháirgeadh. Thathantaigh an dá chuideachta ar an gCoimisiún na tosca táirgeachta sainaitheanta a choigeartú nó corandam tuaslagáin/glóthaí a eisiamh ó raon feidhme an imscrúdaithe.

(129) Mar fhreagairt ar na barúlacha ó Tyrolit agus Reckel, rinneadh ionchur breise amháin a úsáideadh i monarú tuaslagáin/glóthaí—cineál táirge a áirítear sa táirge faoi imscrúdú—a mheas freisin, toisc gur thuairiscigh ceann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte é. Ríomh an Coimisiún corrlaigh dhumpála bunaithe ar na sonraí a bailíodh agus a fíoraíodh le linn an imscrúdaithe, ag cinntiú go gcuirtear san áireamh na hionchuir riachtanacha go léir le haghaidh tháirgeadh na gcineálacha éagsúla alúmana chomhleáite ag an dá tháirgeoir shampláilte.

([66]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2015/755/oj).

([67]) Idem.

(130) D'áitigh Saite agus Runbao nach bonn oiriúnach iad staitisticí allmhairiúcháin GTA chun costais amhábhair an ghnáthluacha a chinneadh mura ndéantar coigeartuithe a cheanglaítear faoi Airteagal 2(10) den bhun-Rialachán chun a áirithiú go bhfuil praghsanna tagarmhairc inchomparáide leis na praghsanna iarbhír a íocann táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Thug siad dá n-aire go bhfaigheann cuideachtaí Síneacha cuid shuntasach dá n-amhábhair agus dá n-ionchuir eile ar an margadh intíre, rud a chiallaíonn nach n-áirítear costais amhail last-táille mhuirí, árachas agus dleachtanna allmhairiúcháin le praghsanna na toisce táirgeachta atá i gceist. Dá bhrí sin, mhaígh siad gur cheart don Choimisiún, agus sonraí allmhairiúcháin GTA á n-úsáid aige, na praghsanna tagarmhairc a choigeartú chun dálaí soláthair iarbhír tháirgeoirí na Síne a léiriú, lena n-áirítear an modh iompair, an t-achar iompair, agus infheidhmeacht na gcostas amhail árachas, dleachtanna allmhairiúcháin, agus CBL.

(131) Thug an Coimisiún dá aire go bhforordaítear in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán úsáid sonraí comhfhreagracha i dtír ionadaíoch iomchuí 'ar choinníoll go bhfuil na sonraí ábhartha ar fáil go héasca.' Sa chás sin, tá praghsanna allmhairiúcháin sna tíortha ionadaíocha féideartha ar fáil go héasca, agus úsáideann an Coimisiún sonraí GTA mar fhoinse na bpraghsanna sin. Má dheimhníonn an fhianaise an bonn chun an mhodheolaíocht in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, déanann an Coimisiún na praghsanna allmhairiúcháin sin a choigeartú a thuilleadh (e.g. trí na dleachtanna custaim ábhartha a chur leo) chun teacht ar athróg ionadach réasúnta a léiríonn praghas intíre neamhshaofa sna tíortha sin. Thairis sin, d'eisiaigh an Coimisiún sonraí maidir le hallmhairí isteach sa tír ionadaíoch ón tSín chun na tagarmharcanna ábhartha a chinneadh. Fad a mheasann an Coimisiún go bhfuil cainníochtaí allmhairiúcháin na dtosca táirgeachta ionadaíoch go leor ar phraghsanna neamhshaofa agus nach bhfuil aon imthosca sonracha eile ann a fhágann nach bhfuil siad oiriúnach, níl aon chúis oibiachtúil ann iad a eisiamh. Dá bhrí sin, toisc nár ann d'fhianaise a thabharfadh a mhalairt le fios, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(132) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas leis an dara nóta go raibh sé beartaithe aige Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán. Agus luachanna réasúnta á mbunú le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis, mhol an Coimisiún ar dtús úsáid a bhaint as sonraí airgeadais Elmet, a bhí ar fáil i mbunachar sonraí ORBIS le haghaidh tréimhse roimh an tréimhse imscrúdúcháin.

(133) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht Mheicsiceo mar thír ionadaíoch agus ar Elmet mar tháirgeoirí sa tír ionadaíoch.

(134) Leag Saite agus Runbao béim ar a thábhachtaí atá sé sonraí allmhairiúcháin GTA a choigeartú chun costais amhail last-táille mhuirí, árachas agus dleachtanna allmhairiúcháin a eisiamh, toisc nach dtabhaítear iad sin nuair a fhoinsíonn siad amhábhair ar bhonn intíre sa tSín. D'áitigh siad go ndéanfaí saobhadh ar an gcomparáid idir praghsanna onnmhairiúcháin agus gnáthluach dá n-áireofaí costais den sórt sin agus thathantaigh siad ar an gCoimisiún a áirithiú go léiríonn na foinsí gnáthluacha dálaí soláthair iarbhír táirgeoirí de chuid na Síne chun comparáid chothrom a áirithiú. Ina theannta sin, chuir Runbao i gcoinne staitisticí allmhairiúcháin GTA na Brasaíle a úsáid le haghaidh cairbíd sileacain mar a mholtar sa Dara Nóta, agus mhol sé an Tuirc ina ionad sin mar gheall ar mhéideanna allmhairí níos airde agus sonraí níos iontaofa lena léirítear leibhéal forbartha eacnamaíche inchomparáide.

(135) Mar a luaitear in aithris 110, i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann ar mhargadh intíre na Síne, tá an Coimisiún i dteideal an gnáthluach a ríomh go heisiach ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. I ndáil leis sin, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún na praghsanna intíre atá i réim ar an margadh intíre a shainaithint agus bhí air dul i muinín staitisticí allmhairiúcháin lena n-áirítear costas iompair agus dleachtanna allmhairiúcháin, i gcás inarbh infheidhme, chun na praghsanna intíre sa tír ionadaíoch a bheadh iníoctha ag táirgeoir áitiúil a léiriú. Dá bhrí sin, diúltaítear don mhaíomh sin. Breithníodh an maíomh sonrach a bhaineann le cairbíd sileacain agus tugadh aghaidh air in aithris 154.

(136) D'áitigh Wester go bhfuil Elmet róbheag, le sonraí airgeadais luaineacha, chun bheith ionadaíoch ar thionscal Mheicsiceo chun na críche sin. Ina theannta sin, níl aon deimhniú ann go monaraíonn Elmet BFA i Meicsiceo, toisc nach dtacaíonn suíomh gréasáin na cuideachta le maíomh an Choimisiúin. Fiú má tháirgeann Elmet BFA, chuir Wester in iúl gur cuid bheag de raon táirgí Elmet é, agus go léiríonn na sonraí airgeadais ó Elmet a dtrádálacha eile go príomha, rud a fhágann nach bhfuil sé oiriúnach chun gnáthluach BFA a chinneadh. Thathantaigh Wester ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar úsáid a bhaint as sonraí airgeadais Elmet agus, mura bhfuil aon sonraí iomchuí eile ar fáil, athmhachnamh iomlán a dhéanamh ar úsáid tíre ionadaíche.

(137) Rinne Traxys agóid i gcoinne roghnú Elmet i Meicsiceo mar tháirgeoir ionadaíoch, agus sholáthair fianaise nach monaraíonn Elmet BFA ar son an tionscail ábhar teasfhulangach ach go n-oibríonn sé mar fhoinsiú allmhaireoir-trádálaí ó Dhaon-Phoblacht na Síne. D'áitigh siad go ndéanfadh úsáid shonraí Elmet saobhadh ar ríomhanna gnáthluacha ós rud é nach léiríonn sé i gceart próisis táirgthe, struchtúr costais ná straitéisí praghsála atá ábhartha don táirge faoi imscrúdú. Chuir Traxys in iúl freisin go mbíonn tionchar suntasach ag last-táille mhuirí ar chostais, rud a fhágann nach bhfuil praghsanna díola Mheicsiceo oiriúnach chun comparáid cheart a dhéanamh le margadh an Aontais. Mhol siad go bhféadfadh sé go mbeadh Elfusa sa Bhrasaíl ina tháirgeoir ní b'ionadaíche mar gheall ar a tháirgeadh áitiúil BFA agus a chosúlacht ó thaobh costais lasta de i gcomparáid le Daon-Phoblacht na Síne. Chuir Traxys i dtábhacht nach bhfuil dóthain fianaise sa roghnú atá ann faoi láthair agus go bhféadfadh cinneadh míchruinn gnáthluacha a bheith mar thoradh air sin, rud a dhéanfadh difear do chothroime nós imeachta agus do leasanna Eorpacha.

(138) Cheistigh Verband Deutscher Schleifmittelwerke e.V. (VDS) rogha Mheicsiceo mar thír ionadaíoch, agus d'áitigh sé nach dtáirgeann Elmet an táirge faoi imscrúdú. Mhaígh sé go n-allmhairíonn Elmet an BFA ó Dhaon-Phoblacht na Síne, rud a bhféadfadh ríomhanna saofa a bheith mar thoradh air dá n-úsáidfí mar thagarmharc é. Mhaígh VDS nach ndearna an Coimisiún grinnscrúdú leordhóthanach ar thoimhdí a thug gearánaigh chun cinn agus go ndearna sé faillí ar argóintí tábhachtacha ó pháirtithe leasmhara.

(139) Sa bhreis ar na maímh thuas agus ar an bhfianaise a cuireadh chun cinn, rinne an Coimisiún imscrúdú breise féachaint an fíortháirgeoir den táirge faoi imscrúdú i Meicsiceo é Elmet a bhféadfaí a ráitis airgeadais a úsáid chun méideanna réasúnta le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús sa tír ionadaíoch a chinneadh. Tar éis dó taighde a dhéanamh, dheimhnigh an Coimisiún nach fíortháirgeoir é Elmet. Thairis sin, fuair an Coimisiún litir ó Elmet lena soiléirítear nach dtáirgeann an chuideachta an táirge faoi imscrúdú. In éagmais fhíortháirgeadh an táirge faoi imscrúdú, bhí ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar an tír ionadaíoch iomchuí a roghnaigh sé.

(140) Rinne Imerys agus VDS maímh áirithe freisin maidir le praghas an leictreachais i Meicsiceo, staitisticí allmhairiúcháin GTA le haghaidh alúmana agus báicsíte i Meicsiceo. D'athdhearbhaigh VDS gur cheart an India a úsáid mar thír ionadaíoch. I bhfianaise nach ann d'fhíortháirgeadh i Meicsiceo, measadh go raibh na maímh sin gan bhunús. Thairis sin, mar a mhínítear cheana in aithris 120, ní bhaineann an India leis an ngrúpa ioncaim céanna le Daon-Phoblacht na Síne agus ní féidir í a mheas chun tír ionadaíoch iomchuí a roghnú.

(141) Agus athmhachnamh á dhéanamh ar thír ionadaíoch iomchuí a roghnú, bhí an Coimisiún ag brath ar an bhfaisnéis atá sa chéad nóta agus sa dara nóta a ghabhann leis an gcomhad agus ar na barúlacha a fuarthas ina leith sin. Sa chéad agus sa dara nóta, shainaithin an Coimisiún Meicsiceo agus an Bhrasaíl mar thíortha ionadaíocha féideartha. Cé nach raibh aon toisc chinntitheach i bhfabhar rogha na Brasaíle nó Mheicsiceo a mhéid a bhaineann le táirgeadh an táirge faoi imscrúdú, staitisticí allmhairiúcháin, saothar nó fuinneamh, roghnaigh an Coimisiún Meicsiceo bunaithe ar infhaighteacht ráiteas airgeadais. I bhfianaise na mbarúlacha a fuarthas lena léirítear nach ann d'fhíortháirgeadh i Meicsiceo - contrártha don Bhrasaíl - agus nach bhfuil ráitis airgeadais ann do tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú sa Bhrasaíl, scrúdaigh an Coimisiún infhaighteacht ráiteas airgeadais do chuideachtaí atá gníomhach san earnáil NACE chéanna le halúmana comhleáite sa Bhrasaíl. Sa chomhthéacs sin, shainaithin an Coimisiún trí chuideachta a oibríonn in earnáil NACE C 23.9 - Monarú táirgí scríobacha agus táirgí mianracha neamh-mhiotalacha sa Bhrasaíl a bhfuil ráitis airgeadais ar fáil acu le haghaidh na mblianta 2023 agus 2024, i.e. lena gcumhdaítear an tréimhse imscrúdúcháin go páirteach. Measadh go raibh an earnáil sin ionadaíoch toisc go n-áirítear léi cuideachtaí a bhfuil a bpróisis thionsclaíocha gar do phróisis tháirgeoirí an táirge faoi imscrúdú toisc go bhfuil céimeanna táirgthe amhail próiseáil ardteochta, meilt mheicniúil agus córais aicmithe ailínithe go bunúsach ar fud na gcuideachtaí sin agus monaraíocht alúmana chomhleáite. Ar an mbonn sin, mheas an Coimisiún gur thír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl chun críoch an imscrúdaithe seo.

3.2.5. *Leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil*

(142) Tar éis a shuí gur tír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl, bunaithe ar gach ceann de na gnéithe thuasluaite, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.2.5.1. Conclúid

(143) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Bhrasaíl na critéir go léir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán, le go measfar í ina tír ionadaíoch iomchuí.

3.2.6. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(144) Sa Chéad Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha i dtáirgeadh an táirge faoi imscrúdú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go héasca a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

(145) Sa nóta céanna, luaigh an Coimisiún, chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé GTA chun an costas neamhshaofa a dhéanamh amach maidir le formhór na dtosca táirgeachta, go sonrach na hamhábhair. Sa dara nóta, liostaigh an Coimisiún foinsí áirithe le haghaidh costas saothair agus fuinnimh. I bhfianaise an athraithe atá beartaithe sa tír ionadaíoch iomchuí, ní úsáidfear na foinsí saothair agus fuinnimh sin a thuilleadh i gcás ina n-úsáidfí an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch iomchuí. Ina ionad sin, úsáidfidh an Coimisiún foinsí de chuid na Brasaíle chun costais neamhshaofa saothair ([68]) agus fuinnimh ([69]) a shuí.

(146) Sa dara nóta, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara freisin gur mar gheall ar an líon mór tosca táirgeachta a bhí ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte a sholáthair faisnéis iomlán agus mar gheall ar a dhiomaibhsí atá cuid de na hamhábhair i gcostas iomlán an táirgthe, rinneadh na hítimí diomaibhseacha sin a ghrúpáil faoi 'tomhaltáin'. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún in iúl go ríomhfadh sé céatadán na dtomhaltán ar chostas iomlán na n-amhábhar agus go gcuirfeadh sé an céatadán sin i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-amhábhar agus na tagarmharcanna neamhshaofa arna suí sa tír ionadaíoch iomchuí a n-úsáid aige.

3.2.6.1. Tosca táirgeachta

(147) I bhfianaise na faisnéise uile a chuir na páirtithe leasmhara isteach agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta alúmana chomhleáite

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse	Aonad tomhais	Luach neamhshaofa (CNY)
Amhábhair				
Báicsít Chailcínithe	2606 00 12 2606 00 90	Atlas Trádála Domhanda ([1]) ('GTA')	kg	4,03
Corandam Saorga	2818 10	GTA	kg	7,45
Cairbíd Sileacain	2849 20	GTA	kg	22,81
Ocsaíd Alúmanaim	2818 20 10 2818 20 90	GTA	kg	13,60
Gual Antraicíte	2701 11	GTA	kg	1,24

([68]) https://www.ibge.gov.br/estatisticas/economicas/industria/9042-pesquisa-industrial-anual.html?=&t=downloads.
([69]) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/sntep/publicacoes/boletins-mensais-de-energia/boletins/2023-1/ingles/brazilian-monthly-energy-bulletin-january-2023.pdf/view.

Toisc tháirgeachta	Cód Tráchtearra	Foinse	Aonad tomhais	Luach neamhshaofa (CNY)
Hiodrocsaíd Alúmanaim	2818 30	GTA	kg	10,29
Mionrabh Iarainn	7204 41	GTA	kg	1,92
Cóc Peitriliam Neamh-chailcínithe	2713 11	GTA	kg	0,81
Tomhaltáin				
Seachtháirgí				
Slaig, luaith agus iarmhair	2620 99 90	GTA	kg	[3,50-7,50]
Saothar				
Saothar	Ní bhaineann le hábhar	Instituto Brasileiro de Geografia e Estatística (IBGE)	Uair an chloig	58,36
Fuinneamh				
Leictreachas	Ní bhaineann le hábhar	Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle	kWh	0,98
Gás	Ní bhaineann le hábhar	Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle	m^3	4,32

([1]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm.

(148) Chuir an Coimisiún luach le haghaidh forchostais mhonaraíochta san áireamh chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Chun an méid sin a shuí, léirigh an Coimisiún an forchostas monaraíochta a thabhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chun an táirge faoi imscrúdú a tháirgeadh mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar a úsáideadh agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ansin ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun teacht ar na forchostais mhonaraíochta neamhshaofa. Mheas an Coimisiún, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, go bhféadfaí an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na forchostais thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar na forchostais mhonaraíochta neamhshaofa nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.6.2. Amhábhair

(149) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora de chuid na tíre ionadaíche a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas Daon-Phoblacht na Síne ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755. Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithrisí 110 agus 115 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach mar an gcéanna an tionchar a imríonn an saobhadh céanna ar tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún gur imir an saobhadh céanna tionchar ar phraghsanna onnmhairiúcháin.

(150) Dúirt Imerys agus Tyrolit go ndealraíonn sé go bhfuil an cód HS le haghaidh báicsít chailcínithe mícheart, ós rud é gur cheart é a bheith faoin gcód AC céanna agus atá báicsít – go sonrach, aicmítear gach mian alúmanaim agus tiúchan faoi chód HS 2606. Ina theannta sin, thug Tyrolit dá aire nach tráchtearra aonfhoirmeach í báicsít chailcínithe, agus go bhfuil praghsanna aonaid an-éagsúil. Dá bhrí sin, mhol Tyrolit úsáid a bhaint as sonraí praghsála ó fhoinsí creidiúnacha amhail CM Group nó Fast Markets, costais iompair a chur leis i gcás inarb iomchuí, nó cros-seiceálacha a dhéanamh trí phraghsanna allmhairiúcháin in GTA a chur i gcomparáid le praghsanna

margaidh atá ar fáil go héasca chun diallais shuntasacha ó phraghsanna a bhfuil coinne leo a sheachaint. Ar deireadh, dhearbhaigh Tyrolit gurb é púdar ocsaíde alúmanaim, dá ngairtear alúmana de ghnáth, an príomh-amhábhar chun cineálacha éagsúla alúmana chomhleáite a tháirgeadh agus nár cheart é a mheas mar sheachtháirge dramhaíola den phróiseas comhleá a bhaineann le báicsít chailcínithe.

(151) Maidir leis an maíomh a bhaineann le haicmiú báicsíte cailcínithe, dheimhnigh an Coimisiún, i gcomhréir leis an Ainmníocht Chomhcheangailte (AC) agus leis an gCóras Comhchuibhithe (CC), go dtagann gach mianach agus tiúchan alúmanaim, lena n-áirítear báicsít chailcínithe, faoi chód AC 2606. Níor cuireadh aon fhianaise ar fáil chun a léiriú go raibh an t-aicmiú sin mícheart nó go raibh sonraí neamhiontaofa mar thoradh ar a úsáid. Maidir leis an moladh sonraí praghsála ó fhoinsí amhail CM Group nó Fastmarkets a úsáid, níor chuir na páirtithe leasmhara aon sonraí coincréiteacha ó na foinsí sin isteach, ná níor thug siad bunús leis an bhfáth a mbeadh sonraí den sórt sin ní b'iontaofa ná staitisticí allmhairiúcháin GTA. Cé go bhfuil rochtain ag an gCoimisiún ar Fastmarkets, níor measadh gur bonn iomchuí í an fhaisnéis atá ann chun an tagarmharc don toisc tháirgeachta sin a chinneadh toisc nár chomhfhreagair sí don toisc táirgeachta sin atá i gceist ná níor bhain sí le praghasluachanna calafoirt de chuid na Síne. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin.

(152) Maidir le púdar ocsaíde alúmanaim, i bhfianaise luach absalóideach agus diomaibhseach coibhneasta na tosca táirgeachta sin i gcostas iomlán na monaraíochta, aistríodh é faoi thomhaltáin chun an gnáthluach a ríomh. Dá bhrí sin, níor bhain an maíomh sin le hábhar.

(153) Mar a mhínítear in aithris 127, mhaígh roinnt páirtithe leasmhara, dá roghnófaí an Bhrasaíl mar thír ionadaíoch iomchuí, gur cheart an praghas neamhshaofa le haghaidh báicsíte agus báicsít chailcínithe a bheith bunaithe ar staitisticí onnmhairiúcháin seachas ar staitisticí allmhairiúcháin toisc go bhfreagróidís d'fhoirmeacha speisialaithe báicsíte atá beartaithe le haghaidh feidhmeanna sonracha. Thug an Coimisiún dá aire gurb amhlaidh a bhí an tagarmharc laistigh den raon praghais a d'íoc táirgeoirí de chuid an Aontais as an toisc tháirgeachta chéanna. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(154) Chuir Runbao i gcoinne staitisticí allmhairiúcháin GTA na Brasaíle a úsáid le haghaidh cairbíd sileacain chun luach na toisce táirgeachta sin a chinneadh, agus d'áitigh sé go raibh méideanna allmhairí na Brasaíle le linn na tréimhse imscrúdúcháin ró-íseal chun a mheas go raibh siad ionadaíoch agus go bhfuil scaipeadh suntasach praghsanna i measc fhoinsí allmhairiúcháin na Brasaíle. Mar mhalairt air sin, mhol Runbao an Tuirc a úsáid mar fhoinse don phraghas tagarmhairc, agus luaigh sé méid allmhairí cairbíde sileacain i bhfad níos airde sa Tuirc, líon níos ísle soláthróirí beaga agus aicmiú mar thír ard-mheánioncaim atá inchomparáide leis an tSín. D'áitigh Runbao freisin go bhfuil sonraí allmhairiúcháin na Tuirce ar fáil go poiblí agus go bhfuil siad níos iontaofa agus chuir sé sonraí isteach ón Léarscáil Trádála chun tacú lena mhaíomh.

(155) Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar staitisticí allmhairiúcháin na Brasaíle, thug an Coimisiún faoi deara gur léirigh sciar imeallach de chainníocht na n-allmhairí ó thíortha praghsanna aonaid allmhairiúcháin ní b'airde ná mar is gnách, cúpla céad uair ní b'airde ná an meánphraghas ualaithe a suíodh. Ós rud é nach mór gur chomhfhreagair thart ar na méideanna sin do tháirge atá difriúil leis an FOP ábhartha a áiríodh gan an cód CC céanna a bheith ann, chinn an Coimisiún na cainníochtaí atá i gceist a eisiamh. Mar thoradh air sin, bhí an praghas tagarmhairc bunaithe ar bhreis agus 91 % de mhéid na n-allmhairí isteach sa Bhrasaíl le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Maidir leis an togra chun an Tuirc a úsáid mar fhoinse mhalartach, thug an Coimisiún dá aire nár coinníodh an Tuirc mar thír ionadaíoch iomchuí san imscrúdú seo toisc nach raibh an táirge faoi imscrúdú á tháirgeadh inti. Dá bhrí sin, níorbh fhéidir sonraí allmhairiúcháin na Tuirce a úsáid chun praghsanna tagarmhairc a chinneadh, agus diúltaíodh don mhaíomh.

(156) In éagmais staitisticí allmhairiúcháin a bheith ar fáil sa Bhrasaíl le haghaidh 'Slaig, luaith agus iarmhair' lenar léiríodh an seachtháirge sonrach a gineadh i bpróiseas táirgthe an táirge faoi imscrúdú ag táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch amháin, bhí ar an gCoimisiún brath ar mhodh malartach chun an praghas neamhshaofa le haghaidh 'Slaig, luaith agus iarmhair' a shuí. Maidir leis sin, ríomh an Coimisiún cóimheas idir praghas díola intíre an tseachtháirge sin i nDaon-Phoblacht na Síne agus an costas ábhartha iomlán. Cuireadh an cóimheas sin i bhfeidhm ansin ar an gcostas ábhar neamhshaofa iomlán a ríomhadh agus roinneadh an méid a tháinig as sin ar an gcainníocht iarbhír a díoladh chun teacht ar an bpraghas aonaid neamhshaofa. Ar chúiseanna rúndachta, tuairiscítear an tagarmharc ríofa i raonta i dTábla 1. Mar sin féin, nochtadh don táirgeoir onnmhairiúcháin lena mbaineann é ina nochtadh sonrach.

(157) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, mar a fhoráiltear le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na dleachtanna allmhairiúcháin ábhartha leis an luach CAL arna thaifeadadh i staitisticí allmhairiúcháin na tíre ionadaíche, mar atá ar fáil in GTA.

(158) Shloinn an Coimisiún an costas iompair arna thabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chun amhábhair den sórt sin a sholáthar mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe seo, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

3.2.6.3. Saothar

(159) Foilsíonn Insitituto Brasileiro de Geografia e Estatística (IBGE) faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha eacnamaíocha éagsúla sa Bhrasaíl. D'úsáid an Coimisiún na staitisticí ba dhéanaí a bhí ar fáil lena gcumhdaítear 2022 le haghaidh meánchostas saothair i ndáil leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch 23.91 "Fabricação de produtos cerâmicos refratários" de réir aicmiú CNAE 2.0 na Brasaíle. Le staidreamh IBGE soláthraítear faisnéis maidir leis an bpá bliantúil iomlán agus na muirir ghaolmhara agus maidir leis an líon fostaithe in aghaidh na hearnála gníomhaíochta eacnamaíche don bhliain 2022. Níor breithníodh ach faisnéis a bhaineann le foireann atá nasctha le táirgeadh. Rinneadh luachanna a innéacsú leis an tréimhse imscrúdúcháin trí úsáid a bhaint as an bpraghasinnéacs tomhaltóirí náisiúnta ([70]).

3.2.6.4. Leictreachas agus gás

(160) Foilsíonn Aireacht Mianach agus Fuinnimh na Brasaíle ([71]) praghas an leictreachais agus an gháis do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Bhrasaíl don tréimhse imscrúdúcháin. Áiríodh sna rátaí a fhoilsítear san fheasachán míosúil an 'Imposto sobre Circulação de Mercadorias e Serviços' ('ICMS'), cáin a thoibhíonn stáit na Brasaíle ar chúrsaíocht earraí agus ar sholáthar seirbhísí iompair agus cumarsáide idirstáit agus idirbhardasacha. D'fhéadfadh na húsáideoirí tionsclaíocha an cháin sin a éileamh ar ais agus baineadh as an tagarmharc bunaithe í. Ós rud é gur bhailigh stáit na Brasaíle ICMS ag ráta idir 17 % agus 18 % ag brath ar an stát, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rinne an Coimisiún na tagarmharcanna leictreachais agus gáis a athríomh, agus 17,5 % ICMS ar an meán á asbhaint aige. Is meántaraif thionsclaíoch don tréimhse imscrúdúcháin é an tagarmharc leictreachais athríofa agus is é atá ann 0,98 CNY/kWh agus is é 4,32 CNY/m^3 an tagarmharc gáis.

3.2.6.5. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabúis

(161) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'ní mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus i gcomhair brabús a bheith san áireamh sa ghnáthluach comhdhéanta'. Ina theannta sin, ní mór luach le haghaidh na bhforchostas monaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(162) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú iarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa na monaraíochta.

(163) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais le haghaidh na mblianta 2023 nó 2024, de réir infhaighteacht sonraí cuideachtaí, i gcás trí chuideachta Bhrasaíleacha a oibríonn faoi Chód NACE 23.9. Is iad na cuideachtaí sin Bozel Brasil S.A., Trevo Industrial de Acartonados S/A agus Technosulfur Sistema de tratamento de metais liquidos Ltda mar a bhaintear as Orbis. Tugadh neamhaird ar Greca Distribuidora de Asflatos Ltda, a shainaithnítear freisin i gCód NACE 23.9, ós rud é go raibh na ráitis airgeadais ba dhéanaí a sainaithníodh go héasca ag dul siar go 2022, atá lasmuigh den tréimhse imscrúdúcháin.

([70]) https://www.ibge.gov.br/en/statistics/economic/prices-and-costs/17136-national-consumer-pricce-index.html?edicao=36055&t=downloads.
([71]) https://www.gov.br/mme/pt-br/assuntos/secretarias/sntep/publicacoes/boletins-mensais-de-energia/boletins/2023-1/ingles/brazilian-monthly-energy-bulletin-january-2023.pdf/view.

3.2.6.6. Ríomh

(164) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(165) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca táirgeachta aonair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch. Fíoraíodh na rátaí tomhaltais sin, a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, le linn an fhíorúcháin. D'iolraigh an Coimisiún na tosca úsáide faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a chonacthas sa tír ionadaíoch, mar a thuairiscítear in aithrisí 144 go 146.

(166) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta leis mar a mhínítear in aithris 162.

(167) Na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús a cinneadh ar bhonn ráitis airgeadais trí chuideachta mar a mhínítear in aithris 163, cuireadh i bhfeidhm iad maidir le suim na gcostas monaraíochta agus na bhforchostas monaraíochta neamhshaofa; i.e. na costais táirgthe.

(168) Ba é 13,25 % méid na gcostas SGA arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe. Ba é 19,68 % an brabús arna shloinneadh mar chéatadán de chostais na n-earraí a díoladh agus arna chur i bhfeidhm ar chostais neamhshaofa an táirgthe.

(169) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.3. **An praghas onnmhairiúcháin**

(170) Rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte earraí a onnmhairiú chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí chuideachta ghaolmhar a bhí ag gníomhú mar allmhaireoir.

(171) I gcás an táirgeora onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha san Aontas, ba é an praghas onnmhairiúcháin an praghas a íocadh iarbhír nó a bhí iníoctha le haghaidh an táirge lena mbaineann nuair a díoladh é lena onnmhairiú chuig an Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(172) I gcás na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh an táirge lena mbaineann chuig an Aontas trí chuideachta ghaolmhar a ghníomhaíonn mar allmhaireoir atá lonnaithe san Aontas, suíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn an phraghais ar ar athdhíoladh an táirge allmhairithe den chéad uair le custaiméirí neamhspleácha san Aontas, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán. Sa chás sin, rinneadh coigeartuithe ar an bpraghas le haghaidh na gcostas uile a tabhaíodh idir allmhairiú agus athdhíol, lena n-áirítear costais díola, ghinearálta agus riaracháin a thabhaigh an t-allmhaireoir gaolmhar iarbhír, agus brabús ([4-6) ([72]) %) a fuarthas ón dá allmhaireoir shampláilte neamhghaolmhara san Aontas.

3.4. **Comparáid**

(173) Ceanglaítear le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán ar an gCoimisiún comparáid chóir a dhéanamh idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin ar an leibhéal trádála céanna agus lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna. Sa chás i dtrácht, roghnaigh an Coimisiún comparáid a dhéanamh idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha. Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, i gcás inarb iomchuí, rinneadh an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin a choigeartú chun: (i) iad a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha; agus (ii) lamháltas a dhéanamh i leith difríochtaí i dtosca a maíodh agus a léiríodh go ndearna siad difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna.

3.4.1. *Coigeartuithe arna ndéanamh ar an ngnáthluach*

(174) Mar a mhínítear in aithris 169, suíodh an gnáthluach ar leibhéal na trádála díreach ón monarcha trí úsáid a bhaint as costais táirgthe mar aon le méideanna le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis, a measadh a bheith réasúnta don leibhéal trádála sin. Dá bhrí sin, ní raibh gá le coigeartuithe chun an gnáthluach a ghlanluacháil ar ais go dtí an leibhéal díreach ón monarcha.

([72]) Ós rud é gur bhain na sonraí a úsáideadh le líon teoranta páirtithe, b'éigean faisnéis maidir le brabús a leagan amach ina raon.

(175) Maidir le lamháltais, chinn an Coimisiún go bhfuil an cód CC faoina n-aicmítear an táirge faoi imscrúdú le haghaidh onnmhairí i nDaon-Phoblacht na Síne faoi réir CBL neamh-inaisíoctha 13 %, cé gur ríomhadh an gnáthluach glan ó CBL. Dá bhrí sin, chun comparáid chothrom a áirithiú, rinneadh coigeartú suas ar an ngnáthluach i gcomhréir le hAirteagal 2(10)(k) den bhun-Rialachán le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin faoi réir CBL seo. Níor aimsigh an Coimisiún aon chúis le haon lamháltas a dhéanamh i leith an ghnáthluacha, ná níor éiligh aon cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte lamháltas den sórt sin.

3.4.2. *Coigeartuithe a rinneadh ar an bpraghas onnmhairiúcháin*

(176) Chun an praghas onnmhairiúcháin a ghlanluacháil ar ais go dtí leibhéal na trádála díreach ón monarcha, rinneadh coigeartuithe i leith na nithe seo a leanas: dleacht chustaim, muirir allmhairithe eile, lastas, árachas, láimhseáil, luchtú agus costais choimhdeacha.

(177) Rinneadh lamháltais i leith na dtosca seo a leanas a rinne difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna: iompar, árachas, láimhseáil agus luchtú, costais phacála, costais chreidmheasa agus muirir bhainc. Rinneadh coigeartú freisin maidir le coimisiúin faoi Airteagal 2(10)(i) den bhun-Rialachán do thrádálaí gaolmhar Runbao trí choimisiún ríofa a asbhaint (bunaithe ar chostais chostais díola, ghinearálta agus riaracháin an trádálaí ghaolmhair agus brabús barúlach [4-6 %] a úsáidtear de réir analaí maidir le ceann a cuireadh i bhfeidhm ar allmhaireoirí gaolmhara, mar a mhínítear in aithris 172 thuas.

3.5. **Corrlaigh dhumpála**

(178) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte, rinne an Coimisiún comparáid idir meánghnáthluach ualaithe gach cineáil den táirge comhchosúil agus an meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe a bhaineann le cineál comhfhreagrach an táirge ábhartha, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

(179) Ar an mbonn sin, is iad seo a leanas na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe shealadacha arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorann an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Chongqing Saite Corundum Co., Ltd.	125,23
Luoyang Runbao Abrasives Co., Ltd.	111,95

(180) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla, ríomh an Coimisiún an meánchorrlach dumpála ualaithe, i gcomhréir le hAirteagal 9(6) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bunaíodh an corrlach sin ar bhonn chorrlaigh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, ar bhonn meán ualaithe.

(181) Ar an mbonn sin, is é 118,88 % corrlach dumpála sealadach na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha lasmuigh den sampla.

(182) Maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin eile i nDaon-Phoblacht na Síne, bhunaigh an Coimisiún an corrlach dumpála ar na fíorais a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Chuige sin, chinn an Coimisiún leibhéal comhair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Is éard atá sa leibhéal comhair méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas arna shloinneadh ina chion den mhéid allmhairí iomlán ón tír lena mbaineann chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin, a suíodh ar bhonn Eurostat. Mar a luaitear in aithris 20, tá an leibhéal comhair sa chás seo an-íseal toisc gur lú onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha ná 20 % d'iomlán na n-allmhairí isteach san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(183) Mheabhraigh an Coimisiún gur cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas i roinn 10 den Fhógra Tionscnaimh ([73]) go bhféadfadh torthaí bunaithe ar fhíorais a bhí ar fáil faoi Airteagal 18 den bhun-Rialachán a bheith mar thoradh ar mhainneachtain comhoibriú, nó comhar páirteach amháin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le torthaí nach mbeadh chomh fabhrach céanna do na páirtithe sin. Ós rud é gur tugadh rabhadh soiléir do na páirtithe leasmhara maidir le hiarmhairtí an neamh-chomhoibrithe, agus go raibh leibhéal an chomhair sa chás seo an-íseal, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí an dleacht dumpála iarmharach a chinneadh bunaithe ar an iompraíocht dumpála a

([73]) Féach aithris (1) thuas.

tugadh faoi deara i ndáil le fothacar díolachán Saite — an táirgeoir onnmhairiúcháin sampláilte ag a bhfuil an corrlach dumpála is airde — arb ionann é agus 7 % de mhéid onnmhairiúcháin iomlán na gcuideachtaí sampláilte uile chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Measadh gur athróg ionadaíoch réasúnta iad na díolacháin sin maidir le hiompraíocht dumpála na n-onnmhaireoirí neamh-chomhoibríocha.

(184) Socraíodh an corrlach dumpála iarmharach ag 136,36 %, dá bhrí sin.

(185) Is iad seo a leanas na corrlaigh dhumpála shealadacha, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc:

Cuideachta	Corrlach dumpála sealadach (%)
Chongqing Saite Corundum Co., Ltd.	125,23
Luoyang Runbao Abrasives Co., Ltd.	111,95
Cuideachtaí comhoibríocha eile	118,88
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	136,36

4. DÍOBHÁIL

4.1. Sainiú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais

(186) Rinne naoi dtáirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Is iad atá i gceist le 'tionscal an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(187) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin ag thart ar 131 810 tona ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail sonraí a bhí i bhfreagra an ghearánaigh ar an gceistneoir maidir le táirgeoirí uile an Aontais agus na freagraí ar an gceistneoir a fuarthas ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Mar a léirítear in aithris 14, is ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais a tháinig níos mó ná 44 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

4.2. Tomhaltas an Aontais

(188) Bhunaigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn (a) sonraí a chuir an gearánach isteach maidir le díolacháin thionscal an Aontais den táirge comhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas, mar atá cros-seiceáilte leis na méideanna díolachán a thuairiscigh na táirgeoirí ón Aontas a sampláladh; agus (b) allmhairí den táirge faoi imscrúdú ó gach tríú tír mar a tuairiscíodh in Eurostat.

(189) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Tomhaltas iomlán an Aontais	379 436	367 672	294 891	305 360
Innéacs	*100*	*97*	*78*	*80*

Foinse: An gearánach, táirgeoirí ón Aontas a sampláladh agus Eurostat.

(190) Tháinig laghdú 20 % ar thomhaltas san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 3 % ar thomhaltas an Aontais idir 2021 agus 2022, agus tháinig laghdú suntasach 19 bpointe céatadáin air ina dhiaidh sin in 2023. Idir 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 2 phointe céatadáin ar an tomhaltas ach d'fhan sé 20 % faoi bhun thús na tréimhse faoi bhreathnú.

4.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

4.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(191) Shuigh an Coimisiún an méid allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí trí mhéid na n-allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais.

(192) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 3

An méid allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	140 372	175 343	151 650	160 549
Innéacs	*100*	*125*	*108*	*114*
Sciar den mhargadh (%)	37	48	51	53
Innéacs	*100*	*129*	*139*	*142*

Foinse: Eurostat.

(193) Tháinig méadú ar allmhairí ón tír lena mbaineann, ó 140 372 thona go 160 549 dtona, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, sin méadú 14 %. Tar éis ardú suntasach 25 % in 2022, nuair a bhain allmhairí buaicphointe 175 343 thona amach, tháinig laghdú ar na méideanna in 2023 go 151 650 tona sular tháinig téarnamh páirteach orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ba é 14 % an méadú foriomlán le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(194) Tháinig méadú ar an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí sin, ó 37 % go 53 %, le linn na tréimhse faoi bhreathnú, sin méadú 42 % le linn tréimhse ina raibh laghdú leanúnach ag teacht ar thomhaltas an Aontais.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(195) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríochaarbh ionann iad agus 4 % d'allmhairí na Síne chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(196) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
an tSín	809	1 169	865	878
Innéacs	*100*	*144*	*107*	*108*

Foinse: Eurostat.

(197) Tháinig méadú 8 % ar an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú thart ar 44 % ar phraghsanna ar dtús, agus baineadh EUR 1 169/tona amach in 2022. Tháinig laghdú 37 bpointe céatadáin ina dhiaidh sin in 2023, agus thit praghsanna go EUR 865/tona, sular tháinig ardú beag go EUR 878/tona orthu le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí tionchar ag luaineachtaí i gcostas na n-amhábhar ar an luaineacht praghsanna den chuid is mó.

(198) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn na tréimhse imscrúdúcháin trí chomparáid a dhéanamh idir na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge tháirgeoirí sampláilte an Aontais a gearradh ar chustaiméirí neamhchomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú go leibhéal díreach ón monarcha, agus na meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge i gcás na n-allmhairí ó tháirgeoirí sampláilte na Síne arna ngearradh ar an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, arna suí ar bhonn chostais, árachais agus last-táille (CAL), mar aon le coigeartuithe iomchuí de réir dleachtanna custaim agus costais iar-allmhairiúcháin.

(199) Rinneadh an chomparáid praghsanna de réir cineáil le haghaidh idirbheart ar an leibhéal céanna trádála, arna coigeartú go cuí nuair ba ghá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Bhí gá le coigeartú ar an PCN i bhfianaise neamhréireacht shainaitheanta sa tuairisc PCN maidir le halúmana comhleáite donn, mar a shonraítear in aithris 11. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas teoiriciúil na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh sé go raibh meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 42,94 % agus 61,37 % i gceist leis na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Fuarthas amach go raibh thart ar 99,9 % de mhéideanna na n-allmhairí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte ag gearradh faoi phraghsanna thionscal an Aontais.

(200) Chomh maith le sladghearradh praghais, bhí sochtadh mór praghsanna ann freisin de réir bhrí Airteagal 3(3) den bhun-Rialachán. Mar gheall ar an mbrú mór praghsanna arb iad na hallmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne ba chúis leis, ní raibh tionscal an Aontais in ann na praghsanna a ardú le linn na tréimhse imscrúdúcháin i gcomhréir le forbairt na gcostas táirgeachta agus chun leibhéal réasúnta brabúis a bhaint amach, mar a leagtar amach i dTábla 8 thíos. Deimhnítear an sochtadh praghsanna nach beag leis na sonraí i dTáblaí 4 agus 8 chomh maith leis an ngearrdhíol praghais a fuarthas ar bhonn na sonraí a sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte.

4.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(201) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar thionscadal an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(202) Mar a luaitear i roinn 1.5, baineadh úsáid as sampláil chun a chinneadh ar bhain aon díobháil do thionscal an Aontais.

(203) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí i bhfreagra ceistneora an ghearánaigh a bhain le táirgeoirí uile an Aontais, arna gcros-seiceáil i gcás inar ghá le freagraí tháirgeoirí sampláilte an Aontais ar an gceistneoir. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn na sonraí sna freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar an gceistneoir. Fuarthas go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(204) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(205) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

4.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

4.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(206) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid táirgeachta (tonaí)	210 321	187 988	139 354	131 810
Innéacs	*100*	*89*	*66*	*63*
Acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	305 500	305 500	305 500	305 500
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*100*
Úsáid acmhainneachta (%)	69	62	46	43
Innéacs	*100*	*89*	*66*	*63*

Foinse: Gearánach agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(207) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú comhsheasmhach suntasach 37 % ar mhéid táirgeachta thionscal an Aontais. Tháinig laghdú 11 % ar an táirgeacht idir 2021 agus 2022. Tháinig dlús leis an treocht anuas sin in 2023, agus tháinig laghdú 34 % ar an táirgeacht i gcomparáid le 2021. Lean an laghdú ar aghaidh le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus shroich sé leibhéal íseal 131 810 tona, laghdú 37 % ar an méid tosaigh.

(208) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais cobhsaí ar leibhéal 305 500 tona. I bhfianaise an laghdaithe ar an méid táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú géar ar an úsáid acmhainneachta ó 69 % in 2021 go 43 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(209) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid díolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	155 270	138 751	103 994	98 005
Innéacs	*100*	*89*	*67*	*63*
Sciar den mhargadh (%)	41	38	35	32
Innéacs	*100*	*92*	*86*	*78*

Foinse: An gearánach, táirgeoirí ón Aontas a sampláladh agus Eurostat.

(210) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú suntasach 37 % ar mhéid díolachán thionscal an Aontais agus tháinig laghdú 22 % ar a sciar den mhargadh, rud a laghdaigh a sciar den mhargadh ó 41 % in 2021 go 32 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

4.4.2.3. Fás

(211) I gcomhthéacs tomhaltas an Aontais a bheith ag laghdú, bhain laghduithe suntasacha ar tháirgeacht, ar mhéid díolachán agus ar sciar den mhargadh do thionscal an Aontais, a bhí ní ba mhó ná crapadh foriomlán mhargadh an Aontais. Tháinig meath ní ba ghéire ar fheidhmíocht thionscal an Aontais ná mar a tháinig ar an margadh, rud a chuir i dtábhacht staid an-leochaileach an tionscail le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus fás diúltach.

4.4.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(212) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar fhostaíocht agus táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 7

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An líon fostaithe	1 145	1 085	1 049	962
Innéacs	*100*	*95*	*92*	*84*
Táirgiúlacht (tona/fostaí)	184	173	133	137
Innéacs	*100*	*94*	*72*	*75*

Foinse: Gearánach agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(213) Tháinig laghdú 16 % ar fhostaíocht thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus thit an líon iomlán fostaithe ó 1 145 in 2021 go 962 le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(214) I bhfianaise an laghdaithe ar tháirgeacht agus ar fhostaíocht, tháinig laghdú 25 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú ar táirgiúlacht lucht saothair thionscal an Aontais, arna tomhas de réir tonaí in aghaidh an fhostaí a táirgtear in aghaidh na bliana. Tháinig méadú 3 % ar tháirgiúlacht ó 2023 go dtí an tréimhse imscrúdúcháin, ní téarnamh ar aschur ba chúis leis an bhfeabhsú imeallach sin ach laghdú breise ar an lucht saothair.

4.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil a tharla roimhe seo

(215) Bhí na corrlaigh dhumpála uile go mór os cionn an leibhéil de minimis. Ba mhór an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar thionscal an Aontais, i bhfianaise mhéid agus phraghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann.

(216) Is é seo an chéad imscrúdú frithdhumpála maidir leis an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní raibh aon sonraí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag dumpáil san am atá thart.

4.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

4.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(217) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An meánphraghas díola aonaid san Aontas ar an margadh iomlán (EUR/tona)	[1 310-1 536]	[1 780-2 093]	[1 630-1 914]	[1 446-1 692]
Innéacs	*100*	*139*	*126*	*109*
Costas aonaid na táirgeachta (EUR/tona)	[1 321-1 548]	[1 931-2 271]	[2 010-2 360]	[1 716-2 009]
Innéacs	*100*	*149*	*154*	*129*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais.

(218) Tháinig méadú 9 % ar phraghsanna díola ar mhargadh an Aontais le páirtithe neamhghaolmhara le linn na tréimhse faoi bhreathnú. In 2022, tháinig méadú 39 % ar an bpraghas, rud a léiríonn costais ionchuir a bhí ag ardú. Mar sin féin, níor leanadh leis sin. In 2023, tháinig laghdú ar an meánphraghas agus lean sé air ag titim le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus shroich EUR [1 446-1 692] in aghaidh an tona.

(219) Le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú 29 % ar chostas aonaid táirgthe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Bhí méadú suntasach 49 % ann idir 2021 agus 2022. Lean an treocht sin ar aghaidh in 2023 le méadú breise 5 phointe céatadáin, sular tháinig laghdú uirthi le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Ba é forbairt praghsanna amhábhar agus neamhábaltacht na gcuideachtaí leas iomlán a bhaint as barainneachtaí scála mar gheall ar laghdú ar dhíolacháin agus ar tháirgeacht ba chúis leis an ardú foriomlán ar phraghsanna an Aontais go príomha.

4.4.3.2. Costais saothair

(220) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	[73 334-85 951]	[77 354-90 954]	[75 976-89 190]	[85 504-100 058]
Innéacs	*100*	*108*	*105*	*115*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais.

(221) Tháinig méadú 15 % ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.4.3.3. Fardail

(222) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Fardail

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Stoic dheiridh (tonaí)	[14 355-16 824]	[14 828-17 435]	[12 148-14 260]	[12 999-15 212]
Innéacs	*100*	*106*	*86*	*90*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	[16-19]	[20-24]	[22-26]	[18-21]
Innéacs	*100*	*125*	*138*	*112*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais.

(223) I ndearbhthéarmaí, tháinig laghdú 10 % ar stoic tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá luaineachtaí suntasacha sa laghdú foriomlán sin laistigh den tréimhse, áfach. Go sonrach, tháinig méadú 6 % ar leibhéil stoic idir 2021 agus 2022, agus tháinig laghdú suntasach 20 pointe céatadáin orthu ina dhiaidh sin in 2023. Ina dhiaidh sin, idir 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 4 phointe céatadáin arís ar stoic.

(224) Nuair a chuirtear leibhéil táirgeachta san áireamh, tháinig méadú 12 % ar chéatadán na stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go sonrach, tháinig méadú 38 % ar an gcóimheas sin idir 2021 agus 2023, rud a léiríonn neamhréireacht shubstaintiúil idir táirgeacht agus imréiteach stoic. Cé gur éirigh le tionscal an Aontais leibhéil stoic a athailíniú go páirteach le táirgeacht idir 2023 agus an tréimhse imscrúdúcháin, d'fhan an cóimheas stoic deiridh 12 % ní b'airde ná mar a bhí in 2021.

(225) Tugann an treocht sin le fios, d'ainneoin iarrachtaí chun táirgeacht a ailíniú, go léiríonn carnadh stoic gan díol, go háirithe le linn tréimhsí ina bhfuil laghdú ag teacht ar tháirgeacht, deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais.

4.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí agus an cumas caipiteal a chruinniú

(226) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar an infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 11

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhchomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	[2-6]	[3-7]	[(– 17)-(– 13)]	[(– 14)-(– 10)]
Innéacs	*100*	*146*	*– 399*	*– 317*
Sreabhadh airgid (EUR)	[(– 1 566 629)-(– 1 336 665)]	[(– 7 115 748)-(– 6 051 711)]	[(– 12 241 286)-(– 10 427 762)]	[(– 8 766 054)-(– 7 490 992)]
Innéacs	*– 100*	*– 463*	*– 789*	*– 554*

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
Infheistíochtaí (EUR)	[2 289 616-2 683 529]	[6 081 027-7 150 218]	[3 560 302-4 179 484]	[2 999 817-3 510 425]
Innéacs	*100*	*271*	*157*	*130*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	[(– 10)-(– 8)]	[(– 11)-(– 9)]	[(– 75)-(– 63)]	[(– 41)-(– 35)]
Innéacs	*– 100*	*– 106*	*– 731*	*– 387*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais.

(227) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas trí ghlanbhrabús roimh cháin ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhchomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Tháinig laghdú suntasach ar bhrabúsacht na dtáirgeoirí sampláilte le linn na tréimhse faoi bhreathnú; thit sí ó bheagnach [2-6] % in 2021 go thart ar [(– 14)-(– 10)] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú ar an mbrabúsacht go sealadach in 2022 go [3-7] %, agus tháinig géarmheathlú ina dhiaidh sin go caillteanas [(– 17)-(– 13)] % in 2023. D'ainneoin téarnamh páirteach ina dhiaidh sin, bhí an bhrabúsacht fós diúltach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(228) Is ionann an glansreabhadh airgid agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Bhí an sreabhadh airgid diúltach le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus tháinig meath eile air mar gheall ar chaiteachas infheistíochta agus méadú ar chaillteanais oibriúcháin. Ba í tacaíocht airgeadais ó scairshealbhóirí deiridh tháirgeoirí an Aontais, a lean de thacaíocht a thabhairt do chláir infheistíochta na gcuideachtaí d'ainneoin na timpeallachta dúshlánaí airgeadais, a chothaigh an sreabhadh airgid diúltach leanúnach sin.

(229) Tháinig méadú 30 % ar leibhéal na n-infheistíochtaí bliantúla le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus, go suntasach, tháinig méadú 171 % air idir 2021 agus 2022, go dtí gur laghdaigh sé níos déanaí sa tréimhse ina dhiaidh sin go dtí an tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an méadú ar infheistíochtaí dírithe go príomha ar na hacmhainneachtaí atá ann cheana a choinneáil ar bun agus ar shócmhainní táirgthe riachtanacha a ionadú. Leanadh den infheistíocht d'ainneoin iomaíocht ghéar, cailleadh sciar den mhargadh agus staid a bhí deacair ó thaobh airgeadais de.

(230) Is éard atá sa toradh ar infheistíochtaí an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Tháinig laghdú 287 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú; thosaigh sé ag [(– 10)-(– 8)] % in 2021 go [(– 41)-(– 35)] % le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léirigh an fhorbairt dhiúltach, cé gur leanadh d'infheistíochtaí chun iomaíochas a choinneáil ar bun, gur tháinig laghdú suntasach ar na torthaí ar na hinfheistíochtaí sin le linn na tréimhse faoi bhreathnú

(231) Bhí cumas tháirgeoirí sampláilte an Aontais caipiteal a thiomsú, mar a mhínítear in aithris (227), bunaithe ar an tacaíocht airgeadais ó scairshealbhóirí deiridh tháirgeoirí an Aontais, a lean de thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí na gcuideachtaí.

4.5. **Conclúid maidir le díobháil**

(232) I gcomhthéacs laghdú suntasach ar thomhaltas an Aontais (– 20 %), tháinig méadú suntasach ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú (+ 14 %), ar phraghsanna lena ndearnadh sladghearradh suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais. D'fhág sin gur fhéad táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne sciar 53 % den mhargadh a bhaint amach le linn na tréimhse imscrúdúcháin (suas ó 37 % in 2021)

(233) Sna himthosca sin, chuaigh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais in olcas mar a léirigh na príomh-mhacratháscairí uile a léiríonn treocht dhiúltach: táirgeadh (– 37 %), díolacháin an Aontais (– 37 %) agus laghdú suntasach ar a sciar den mhargadh (ó 41 % go 32 %) le linn na tréimhse faoi bhreathnú

(234) Mar fhreagairt ar an mbrú a bhí ag praghsanna ísle allmhairiúcháin na Síne, rinne tionscal an Aontais iarracht costais a laghdú agus rinneadh coigeartuithe san fhostaíocht (– 16 %). Leanadh d'infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú chun iarracht a dhéanamh leanúint de bheith iomaíoch. Mar sin féin, mar thoradh ar an mbrú a chuir allmhairí dumpáilte ón tSín i dtéarmaí méideanna méadaithe agus praghsanna ísle, tháinig laghdú tapa ar dhíolacháin an Aontais, ar tháirgiúlacht agus ar an toradh ar infheistíochtaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(235) Tháinig ardú mór ar chostas táirgeachta thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú (+ 29 %) agus ba é an phríomhchúis leis sin méadú mór sna praghsanna amhábhar.

(236) Tháinig méadú ní ba mhó ar chostas thionscal an Aontais ná ar phraghsanna díola. Dá bhrí sin, thit an bhrabúsacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó staid mheasartha (+ [2-6] %) in 2021 go dtí cás neamhbhrabúsach neamh-inbhuanaithe ([(– 14)-(– 10)]%) le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(237) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim sin gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán.

5. CÚISÍOCHT

(238) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé go ndearna tosca aitheanta eile dochar do thionscal an Aontais san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na tosca sin: allmhairí ó thríú tíortha, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, crapadh thomhaltas an Aontais, méadú ar phraghsanna fuinnimh san Aontas, míbhuntáiste san iomaíocht maidir le húsáid an phríomh-amhábhair, easpa leibhéal leordhóthanach infheistíochta, féin-allmhairí alúmana chomhleáite na Síne.

5.1. Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte

(239) Tharla meath staid eacnamaíoch thionscal an Aontais san am céanna a bhí allmhairí dumpáilte ón tSín ag teacht isteach go mór agus go tréan ar an margadh, rud a ghearr faoi phraghsanna thionscal an Aontais go comhsheasmhach agus a raibh sochtadh praghsanna mar thoradh air. I ndáil leis sin, chuir treocht mhéideanna agus phraghsanna allmhairí na Síne, mar a léirítear i dtáblaí 3 agus 4, sochtadh ar leibhéil praghsanna thionscal an Aontais, rud a bhunaigh nasc cúisíoch idir an dá rud.

(240) Tháinig méadú 14 % ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó thart ar 140 372 thona in 2021, is é sin sciar 37 % den mhargadh, go 160 549 dtona le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is é sin sciar 53 % den mhargadh. Chuir na hallmhairí sin ar phraghas íseal, a raibh a líon ag dul i méid, cosc ar thionscal an Aontais a phraghsanna a mhéadú i gcomhréir leis an méadú ar an gcostas táirgthe. Ar an gcaoi chéanna, maidir leis an laghdú ar an sciar den mhargadh agus ar mhéid na ndíolachán, as ar tháinig laghdú ar an aschur táirgeachta, bhí éifeacht dhíobhálach aige sin ar chostais táirgthe aonaid an tionscail mar gheall ar bharainneachtaí scála laghdaithe.

(241) Bhí tionchar diúltach láidir aige sin ar thionscal an Aontais. I gcás ina raibh méadú ag teacht ar chostais agus ar bhrú praghsanna de thoradh allmhairí dumpáilte na Síne, cuireadh bac ar thionscal an Aontais praghsanna agus méideanna táirgeachta a shocrú ar leibhéil inbhuanaithe, rud a d'fhág gur tháinig laghdú an-láidir ar bhrabúsacht ó 4 % go caillteanais (– 13 %), agus gur tháinig meath ar a thascairí airgeadais dá bhrí sin.

(242) Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid, go sealadach, go ndearna allmhairí dumpáilte ón tSín díobháil ábhartha do thionscal an Aontais i dtéarmaí praghais agus méid.

5.2. Éifeachtaí tosca eile

5.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(243) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An Úcráin	Méid (tonaí)	21 662	14 275	11 958	16 705
	Innéacs	*100*	*66*	*55*	*77*
	Sciar den mhargadh (%)	6	4	4	5
	Meánphraghas (EUR/tona)	598	1 007	856	775

Tír		2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
	Innéacs	*100*	*168*	*143*	*130*
na Stáit Aontaithe	Méid (tonaí)	6 012	3 066	2 757	6 236
	Innéacs	*100*	*49*	*46*	*104*
	Sciar den mhargadh (%)	2	1	1	2
	Meánphraghas (EUR/tona)	4 500	9 226	8 763	4 339
	Innéacs	*100*	*205*	*195*	*96*
an Bhrasaíl	Méid (tonaí)	7 587	10 641	5 729	6 473
	Innéacs	*100*	*140*	*76*	*85*
	Sciar den mhargadh (%)	2	3	2	2
	Meánphraghas (EUR/tona)	988	1 213	1 261	1 158
	Innéacs	*100*	*123*	*128*	*117*
Bairéin	Méid (tonaí)	3 995	5 951	8 234	5 059
	Innéacs	*100*	*149*	*206*	*127*
	Sciar den mhargadh (%)	1	2	3	2
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 064	1 116	896	840
	Innéacs	*100*	*105*	*84*	*79*
Iomlán na dtríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann	Méid (tonaí)	83 793	53 577	39 244	46 804
	Innéacs	*100*	*64*	*47*	*56*
	Sciar den mhargadh (%)	22	15	13	15
	Meánphraghas (EUR/tona)	943	1 255	999	979
	Innéacs	*100*	*133*	*106*	*104*

Foinse: Eurostat.

(244) I gcomparáid leis an tSín, bhí láithreacht theoranta ag na tríú tíortha eile i margadh an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, d'fhan an sciar den mhargadh a bhí ag na tríú tíortha eile is mó, an Úcráin, na Stáit Aontaithe, an Bhrasaíl agus Bairéin, cobhsaí, gan mórán éagsúlachtaí nó gan aon éagsúlacht, ar leibhéal 5 %, 2 %, 2 % agus 2 % faoi seach le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig laghdú ar an sciar comhcheangailte den mhargadh a bhí ag allmhairí ó na tríú tíortha uile seachas an tSín, ó 22 % in 2021 go 15 % le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(245) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, dhíol an Úcráin ar phraghsanna a bhí ní b'ísle ná praghsanna na Síne. Dhíol Bairéin ar phraghsanna a bhí beagán faoi bhun phraghsanna na Síne le linn 2022 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin amháin, agus choinnigh na tíortha uile eile leibhéil praghsanna ní b'airde le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'ainneoin na praghsála a bhí ní b'ísle, níor bhain ach 5 % den mhargadh leis an Úcráin, céatadán a bhí i bhfad ní ba lú ná céatadán ceannasach 53 % na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Bhí an sciar den mhargadh a bhí ag Bairéin ní ba lú fós, 2 % a bhí aici. Maidir le láithreacht theoranta tríú tíortha eile sa mhargadh, cé gur thairg an Úcráin agus Bairéin praghsanna ní b'ísle tráth, léirítear nár leor a dtionchar foriomlán chun an nasc cúisíoch, idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais, a mhaolú.

(246) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, go sealadach, nach maolaíonn tionchar na n-allmhairí ó thíortha eile an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

5.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(247) Is é seo a leanas an fhorbairt a tháinig ar an méid onnmhairí ó na táirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais

	2021	2022	2023	An tréimhse imscrúdúcháin
An méid onnmhairí (tonaí)	26 049	20 031	13 849	15 649
Innéacs	*100*	*77*	*53*	*60*
Meánphraghas (EUR/tona)	1 526	2 128	2 071	1 864
Innéacs	*100*	*139*	*136*	*122*

Foinse: Táirgeoirí sampláilte an Aontais.

(248) Tháinig laghdú 40 % ar mhéideanna onnmhairí ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ó 26 049 dtona in 2021 go 15 649 dtona le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Tháinig méadú 22 % ar mheánphraghsanna onnmhairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú

(249) Mar a mhínigh tionscal an Aontais, is é is cúis leis an laghdú ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais an brú a chuir táirgeoirí de chuid na Síne ar mhargaí tríú tíortha eile, rud is cúis l#e laghdú ar onnmhairí na dtáirgeoirí de chuid an Aontais. Tá caillteanas mhéid na ndíolachán onnmhairí i ndearbhthéarmaí i bhfad níos ísle ná caillteanas na ndíolachán san Aontas. Thairis sin, bhí an meánphraghas onnmhairiúcháin le haghaidh díolacháin chuig tríú tíortha i bhfad ní b'airde, faoi 21 %, ná mar a bhí i gcás dhíolacháin an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(250) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach maolaíonn tionchar na feidhmíochta onnmhairiúcháin an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí de chuid an Aontais.

5.2.3. *Crapadh suntasach ar Thomhaltas an Aontais*

(251) Mhaígh roinnt páirtithe go raibh an laghdú ar thomhaltas an Aontais ina fhoinse dhíobhála.

(252) Cé gur tháinig laghdú ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, is amhlaidh a treisíodh leis sin tionchar na n-allmhairí dumpáilte ón tSín. Tháinig laghdú ní ba ghéire ar dhíolacháin na dtáirgeoirí de chuid an Aontais i gcomparáid le tomhaltas an Aontais. Tháinig laghdú 20 % ar thomhaltas, agus tháinig laghdú 37 % ar dhíolacháin na dtáirgeoirí de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar an gcaoi chéanna, tháinig laghdú suntasach ar allmhairí ó na tríú tíortha uile eile freisin. Os a choinne sin, le linn na tréimhse céanna, tháinig méadú ar sciar na Síne den mhargadh, ó 37 % go 53 %, mar thoradh ar a hallmhairí ar phraghas íseal.

(253) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach maolaíonn tionchar an chraptha ar thomhaltas an Aontais an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí de chuid an Aontais.

5.2.4. *Méadú ar phraghsanna fuinnimh san Aontas*

(254) Mhaígh roinnt páirtithe gurbh é an méadú ar phraghsanna fuinnimh san Aontas ba chúis leis an díobháil.

(255) Tá fuinneamh ar cheann de na príomh-chomhchodanna den chostas i dtáirgeadh alúmana chomhleáite. Mar sin féin, léiríodh leis an imscrúdú in 2022, tráth a bhí praghsanna fuinnimh i bhfad ní b'airde ná mar a bhí sa chuid eile den tréimhse faoi bhreathnú, go raibh táirgeoirí de chuid an Aontais fós in ann brabúis a dhéanamh agus gur chuir siad feabhas ar a mbrabúsacht i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin fiú. Bhíothas in ann é sin a dhéanamh toisc go bhféadfaí cuid de na costais fuinnimh mhéadaithe a chur ar aghaidh ar na húsáideoirí.

(256) Go sonrach, in 2023 agus le linn na tréimhse imscrúdúcháin, nuair a thit praghsanna fuinnimh go leibhéil a bhí i bhfad ní b'ísle i gcomparáid le 2022, ní raibh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a choigeartú dá réir a thuilleadh, agus thit an bhrabúsacht. Léirítear leis sin, cé go mbíonn tionchar ag praghsanna fuinnimh ar chostais táirgthe, gur tháinig an phríomh-shaincheist chun cinn nuair a cuireadh cosc ar tháirgeoirí de chuid an Aontais a bpraghsanna a ailíniú le forbairtí costais mar gheall ar iomaíocht éagórach ó allmhairí dumpáilte de thionscnamh na Síne.

(257) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach maolaíonn tionchar na bpraghsanna fuinnimh san Aontas an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí de chuid an Aontais.

5.2.5. *Míbhuntáiste san iomaíocht maidir le húsáid an phríomh-amhábhair*

(258) Mhaígh roinnt páirtithe gur bhain foinse na díobhála le difríochtaí i dtionscnamh agus i gcostas na n-amhábhar a d'úsáid táirgeoirí de chuid na hEorpa agus na Síne, agus idirdhealú á dhéanamh go sonrach idir báicsít agus alúmana.

(259) Maidir leis an míbhuntáiste líomhnaithe a bhaineann le hamhábhair, cinneadh san imscrúdú nach bhfuil aon difríocht shuntasach sna próisis táirgthe agus sna hamhábhair a úsáideann táirgeoirí de chuid na Síne agus an Aontais. Maidir le costais amhábhar, mar a shonraítear i Roinn 3.2.1 thuas, fuarthas amach go raibh margadh amhábhar na Síne saofa.

5.2.6. *Easpa leibhéal leordhóthanach infheistíochta*

(260) Mhaígh roinnt páirtithe gur fhulaing tionscal an Aontais de dheasca easpa infheistíochta agus saoráidí táirgthe as dáta, agus go raibh sé sin ina fhoinse dhíobhála.

(261) Léiríodh leis an imscrúdú, áfach, gur infheistigh táirgeoirí de chuid an Aontais i saoráidí úrnua le blianta beaga anuas. Thairis sin, mar a léirítear i dtábla 11, tháinig méadú 30 % ar na leibhéil infheistíochta bhliantúla le linn na tréimhse faoi bhreathnú, rud a léiríonn gur leanadh den ghníomhaíocht infheistíochta d'ainneoin na timpeallachta dúshlánaí airgeadais.

(262) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach bhfreagraíonn an easpa infheistíochta líomhnaithe don fhírinne agus nach maolaítear léi sin an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí de chuid an Aontais

5.2.7. *Allmhairí alúmana chomhleáite na Síne ag tionscal an Aontais*

(263) Mhaígh roinnt páirtithe gur allmhairigh tionscal an Aontais alúmana comhleáite na Síne iad féin, agus go raibh sé sin ina fhoinse dhíobhála.

(264) Thángthas ar an gconclúid san imscrúdú gur allmhairigh tionscal an Aontais cainníochtaí áirithe den táirge i gceist ón tSín. Mar sin féin, bhí méid na n-allmhairí sin teoranta, eadhon [2 800-3 800] tona, arb ionann é agus thart ar 1 % de thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Thángthas ar an gconclúid san imscrúdú freisin gur athdhíol tionscal an Aontais na táirgí allmhairithe ní hamháin, ach gur phróiseáil sé iad sular athdhíol sé iad. Chuir sé sin breisluach ar fáil. Níor ghearr díolacháin na n-allmhairí sin faoi tháirgeacht an táirgeora féin de chuid an Aontais, agus bhí siad neamhshuntasach ó thaobh méide de.

(265) Thairis sin, ós rud é gur tháinig méadú ar allmhairí na Síne gan beann ar threocht fhéin-allmhairí an táirgeora de chuid an Aontais, léirítear go dtiocfadh méadú ar allmhairí ón tSín agus go nglacfaidís sciar an Aontais den mhargadh, fiú in éagmais na bhféin-allmhairí ón tSín arna bhfáil ag an táirgeoir de chuid an Aontais.

(266) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid shealadach nach maolaíonn tionchar na bhféin-allmhairí ón tSín, arna bhfáil ag táirgeoirí de chuid an Aontais, an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do tháirgeoirí de chuid an Aontais.

5.3. **Conclúid maidir le cúisíocht**

(267) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, shuigh an Coimisiún nasc cúisíoch go sealadach idir an díobháil a bhain do thionscal an Aontais agus na hallmhairí dumpáilte ón tSín lenar cuireadh cosc ar phraghas margaidh an Aontais. Mar thoradh ar an méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín, cuireadh cosc ar thionscal an Aontais praghsanna agus méideanna táirgeachta a shocrú ar leibhéil inbhuanaithe, rud a d'fhág gur tháinig meath mór ar a staid eacnamaíoch.

(268) Tharla meath eacnamaíoch thionscal an Aontais i gcomhthráth le méadú géar ar allmhairí dumpáilte ar phraghas íseal ón tSín. Ghearr na hallmhairí sin faoi phraghsanna an Aontais go comhsheasmhach, rud a chuir brú mór anuas ar phraghsanna an mhargaidh, rud ba chúis le sochtadh praghsanna. Mar thoradh air sin, ní raibh tionscal an Aontais in ann praghsanna a ardú i gcomhréir le costais táirgthe a bhí ag dul i méid. Dá thoradh sin, tháinig laghdú ar dhíolacháin, bhí aschur laghdaithe ann agus tháinig laghdú suntasach ar bhrabúsacht. Bunaítear le huainiú agus scála na bhforbairtí sin nasc cúisíoch soiléir idir allmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha.

(269) Scrúdaigh an Coimisiún tosca malartacha a d'fhéadfadh cur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Áiríodh orthu sin allmhairí ó thríú tíortha eile, feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais, crapadh ar thomhaltas an Aontais, costais fuinnimh a bhí ag ardú, foinsiú agus costas amhábhar, easpa infheistíochta líomhnaithe agus féin-allmhairiú alúmana chomhleáite na Síne. Mar sin féin, ní bhfuarthas amach gur mhaolaigh aon cheann díobh sin an nasc cúisíoch idir allmhairí dumpáilte ón tSín agus an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais.

(270) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid ag an gcéim seo go raibh na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann ina gcúis le díobháil ábhartha do thionscal an Aontais agus nár maolaíodh an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha de thoradh na dtosca eile, arna meas ar bhonn aonair nó go comhpháirteach.

6. LEIBHÉAL NA mBEART

(271) Sa chás seo, mhaígh na gearánaigh gur ann do shaobhadh amhábhar i gcás báicsíte agus alúmana de réir bhrí Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chun an measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomchuí na mbeart, shuigh an Coimisiún ar dtús an méid dleachta ba ghá chun go gcuirfí deireadh leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais in éagmais saobhadh faoi Airteagal 7(2a) den bhun-Rialachán. Scrúdaigh sé ansin cé acu a bheadh nó nach mbeadh corrlach dumpála na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte níos airde ná a gcorrlach díobhála, féach aithrisí 280 go 282.

6.1. Corrlach díobhála

(272) Thiocfadh deireadh leis an díobháil dá bhféadfadh tionscal an Aontais spriocbhrabús a bhaint amach trí dhíol ar spriocphraghas de réir bhrí Airteagal 7(2c) agus Airteagal 7(2d) den bhun-Rialachán.

(273) I gcomhréir le hAirteagal 7(2c) den bhun-Rialachán, chun an spriocbhrabús a shocrú, chuir an Coimisiún na tosca seo a leanas san áireamh: leibhéal na brabúsachta roimh an méadú ar allmhairí ón tír atá faoi imscrúdú, leibhéal na brabúsachta is gá chun costais agus infheistíochtaí iomlána a chumhdach, taighde agus forbairt (T&F) agus nuálaíocht, agus leibhéal na brabúsachta a mbeifí ag súil léi faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. Níor cheart an corrlach brabúis sin a bheith níos ísle ná 6 %.

(274) I dtús báire, bhunaigh an Coimisiún bunbhrabús a chumhdaigh na costais iomlána sna gnáthdhálaí iomaíochta. Suíodh an bunbhrabús bunaithe ar bhrabúsacht stairiúil thionscal sampláilte an Aontais idir 2014 agus 2020, sular chuir paindéim COVID-19 isteach ar chúrsaí. Socraíodh an corrlach brabúis sin ag 7 %.

(275) Sholáthair ceann amháin den dá tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais fianaise go mbeadh a leibhéal infheistíochtaí, taighde agus forbartha (T&F) agus nuálaíochta le linn na tréimhse faoi bhreathnú ní b'airde faoi ghnáthdhálaí iomaíochta. D'fhíoraigh an Coimisiún taifid inmheánacha na cuideachta a bhaineann le pleananna infheistíochta, cinntí bainistíochta agus ráitis airgeadais agus chinn sé go raibh údar leis na maímh. Chun é sin a léiriú sa spriocbhrabús, ríomh an Coimisiún an difríocht idir costais infheistíochtaí, agus costais T&F agus nuálaíochta ('IRI') sa tréimhse imscrúdúcháin agus an leibhéal a d'fhéadfadh sé a bhaint amach faoi ghnáthdhálaí iomaíochta arna soláthar ag Tionscal an Aontais agus arna bhfíorú ag an gCoimisiún le costais IRI iarbhír le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Bhí an difríocht sin, a sloinneadh mar chéatadán den láimhdeachas, idir 1 % agus 3,06 % i gcás gach ceann de na cuideachtaí sampláilte.

(276) Cuireadh an céatadán sin leis an mbunbhrabús 7 % a luaitear in aithris 273, rud a d'fhág go raibh spriocbhrabús 7 % agus 10,06 % ann ag brath ar chás tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(277) I gcomhréir le hAirteagal 7(2d) den bhun-Rialachán, mar chéim chríochnaitheach, rinne an Coimisiún measúnú ar na costais amach anseo a eascróidh as Comhaontuithe Comhshaoil Iltaobhacha, agus prótacail fúthu, ar páirtí iontu an tAontas, agus Coinbhinsiúin EIS a liostaítear in Iarscríbhinn Ia den bhun-Rialachán, costais a thabhóidh tionscal an Aontais le linn thréimhse chur i bhfeidhm an bhirt de bhun Airteagal 11(2). Bunaithe ar an bhfianaise a bhí ar fáil, shuigh an Coimisiún costas breise EUR 89,34 in aghaidh an tona, as ar bhain sé costas iarbhír chomhlíonadh na gcoinbhinsiún sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is é sin EUR 72,26 in aghaidh an tona, as ar tháinig toradh EUR 17,08 in aghaidh an tona. Cuireadh an difríocht sin leis an bpraghas neamhdhíobhála.

(278) Ar an mbonn sin, ríomh an Coimisiún meánphraghas neamhdhíobhálach EUR 1 880 in aghaidh an tona i gcás tháirgí comhchosúla thionscal an Aontais nuair a chuir sé an corrlach spriocbhrabúis thuasluaite (féach aithris 275) i bhfeidhm ar chostas táirgthe tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus ansin nuair a chuir sé na coigeartuithe faoi Airteagal 7(2d) leis ar bhonn cineál ar chineál.

(279) Ansin chinn an Coimisiún leibhéal an chorrlaigh díobhála ar bhonn comparáid idir an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe atá ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha sampláilte sa tír lena mbaineann, mar a suíodh i leith ríomhanna sladghearrtha praghais, agus meánphraghas ualaithe neamhdhíobhálach an táirge chomhchosúil arna dhíol ag na táirgeoirí sampláilte san Aontas ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríodh aon difríocht a d'eascair ón gcomparáid sin mar chéatadán den mheánluach ualaithe CAL ar allmhairiú.

(280) Sainítear an leibhéal díothaithe díobhála le haghaidh 'cuideachtaí comhoibríocha eile' agus le haghaidh 'allmhairí uile eile de thionscnamh na tíre lena mbaineann' ar an mbealach céanna agus a shainítear an corrlach dumpála le haghaidh na gcuideachtaí sin.

Cuideachta	Corrlach dumpála (%)	Corrlach díobhála (%)
Chongqing Saite Corundum Co., Ltd.	125,23	233,91
Luoyang Runbao Abrasives Co., Ltd.	111,95	116,90
Cuideachtaí comhoibríocha eile	118,88	178,48
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	136,36	259

6.2. **Scrúdú ar an gcorrlach a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais**

(281) Mar a mhínítear san fhógra tionscnaimh chuir an gearánach fianaise leordhóthanach ar fáil don Choimisiún go raibh saobhadh amhábhar sa tír lena mbaineann maidir leis an táirge faoi imscrúdú. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 7(2a) den bhun-Rialachán, san imscrúdú seo scrúdaíodh an saobhadh líomhainte chun a mheas, más ábhartha, ar leor dleacht is lú ná an corrlach dumpála chun deireadh a chur leis an díobháil.

(282) Mar sin féin, ós rud é go raibh na corrlaigh a bheadh leordhóthanach chun deireadh a chur leis an díobháil níos airde ná na corrlaigh dhumpála, mheas an Coimisiún, ag an bpointe sin, nach raibh sé riachtanach aghaidh a thabhairt ar an ngné sin. Tar éis an mheasúnaithe thuas, chinn an Coimisiún gurb iomchuí méid na ndleachtanna sealadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán.

6.3. **Conclúid maidir le leibhéal na mbeart**

(283) De réir an mheasúnaithe thuas, is mar a leanas ba cheart dleachtanna frithdhumpála sealadacha a shocrú i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
Chongqing Saite Corundum Co., Ltd.	125,2
Luoyang Runbao Abrasives Co., Ltd.	111,9
Cuideachtaí comhoibríocha eile	118,8
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	136,3

7. **LEAS AN AONTAIS**

(284) Tar éis dó a chinneadh Airteagal 7(2) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm, scrúdaigh an Coimisiún an bhféadfadh sé a chinneadh go soiléir nach raibh sé chun leas an Aontais bearta a ghlacadh sa chás seo, d'ainneoin an chinnidh maidir le dumpáil dhíobhálach, i gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí agus úsáideoirí.

7.1. **Leas thionscal an Aontais**

(285) Tá naoi gcuideachta i dtionscal an Aontais, atá suite ar fud na hEorpa agus a fhostaíonn thart ar 962 oibrí go díreach. Chuir formhór na dtáirgeoirí sin de chuid an Aontais in iúl go dtacaíonn siad leis an ngearán, agus níor chuir aon cheann acu i gcoinne thionscnamh an imscrúdaithe

(286) Tá na leibhéil bhrabúsachta atá ann faoi láthair neamh-inbhuanaithe. Tá coinne leis go gcuirfidh forchur na mbeart ar chumas thionscal an Aontais codanna den sciar den mhargadh a cailleadh a aisghabháil, agus praghsanna a shocrú ar leibhéil lena gcumhdaítear an costas ar a laghad.

(287) Is dócha go mbeidh tionchar diúltach suntasach ag an easpa beart ar thionscal an Aontais ó thaobh tuilleadh sochtadh praghsanna agus laghdú breise ar dhíolacháin, rud a d'fhágfadh go mbeadh níos mó caillteanas ann agus gur dócha go ndúnfaí saoráidí táirgthe, go mbrisfí daoine as a bpoist agus, ar deireadh, go ndúnfaí gnólachtaí iomlána. D'fhéadfadh briseadh sa táirgeadh Eorpach a bheith mar thoradh ar fhorbairtí den sórt sin, rud a mbeadh impleachtaí fadtéarmacha aige d'athléimneacht thionsclaíoch agus neamhspleáchas an Aontais, go háirithe ós rud é gur measadh go stairiúil gur táirge íogair é alúmana comhleáite, atá fíor-riachtanach chun cruach, miotail eile, gloine agus ábhair ghaolmhara a tháirgeadh.

(288) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil forchur beart sealadach chun leas thionscal an Aontais.

7.2. **Leas na n-allmhaireoirí agus na dtrádálaithe neamhchomhlachaithe**

(289) Chuir dhá allmhaireoir déag neamhghaolmhara iad féin in aithne, agus cuireadh dhá fhreagra díobh sin isteach i ndiaidh an sprioc-ama. Fuarthas roinnt aighneachtaí agus barúlacha freisin. Mar a luaitear i roinn 1.5, roghnaigh an Coimisiún sampla de dhá allmhaireoir, a chuir freagraí ar cheistneoirí isteach.

(290) D'áitigh roinnt allmhaireoirí go méadófaí na costais ábhar a bheadh orthu féin agus dá gcuid custaiméirí dá ndéanfaí dleachtanna frithdhumpála a fhorchur. Ba dheacair na costais bhreise sin a chumhdach agus dá bhrí sin bheadh a mbrabúsacht agus a n-iomaíochas i mbaol. Rinneadh maímh bhreise maidir leis an easpa acmhainneachta atá ag tionscal an Aontais freastal ar an éileamh san Aontas, agus líomhnaíodh, dá bhrí sin, go gcruthódh bearta ganntanas sa mhargadh. Ina theannta sin, rinneadh maímh maidir leis an easpa spéise atá ag táirgeoirí de chuid an Aontais ábhair áirithe a sholáthar.

(291) Thug an Coimisiún dá aire nár cheart go gcuirfí deireadh leis na hallmhairí uile ó Dhaon-Phoblacht na Síne mar thoradh ar fhorchur dleachtanna. Tá sé i gceist le forchur na mbeart cothrom na Féinne a bhaint amach agus ina dhiaidh sin is féidir le táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne leanúint de bheith ag onnmhairiú chuig an Aontas ar phraghsanna córa. Ar an dara dul síos, cé go bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ag forchur na mbeart ar na hallmhaireoirí a allmhairíonn ó Dhaon-Phoblacht na Síne amháin, i bhfianaise an mhéadaithe is dócha a thiocfaidh ar allmhairí ó thríú tíortha eile, dá dtagraítear i roinn 7.4 thíos, ba cheart go mbeadh na hallmhaireoirí in ann a bhfoinsí soláthair a aistriú.

(292) Maidir leis an easpa spéise líomhnaithe atá ag táirgeoirí de chuid an Aontais maidir le hábhair áirithe a sholáthar, thug an Coimisiún dá aire gur tháirg tionscal an Aontais raon leathan táirgí alúmana chomhleáite. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, agus sna blianta roimhe sin, sholáthair tionscal an Aontais alúmana comhleáite go comhsheasmhach i raon leathan grád agus cáilíochtaí, a cuireadh in oiriúint chun ceanglais shonracha tionscal éagsúil úsáideoirí a chomhlíonadh.

(293) Maidir le heaspa acmhainneachta thionscal an Aontais, tugann an Coimisiún aghaidh ar an maíomh sin i roinn 7.4 thíos.

(294) Ar bhonn a bhfuil thuas, shuigh an Coimisiún go sealadach go bhfuil coinne leis go mbeidh aon tionchar diúltach a bheadh ag na bearta ar allmhaireoirí neamhghaolmhara ina n-iomláine teoranta agus nach mó é ná éifeacht dhearfach na mbeart ar tháirgeoirí de chuid an Aontais.

7.3. **Leas úsáideoirí, tomhaltóirí nó soláthróirí**

(295) Chuir thart ar 50 úsáideoir agus comhlachas úsáideoirí iad féin in aithne. Chuir 18 n-úsáideoir freagraí ar an gceistneoir agus chuir roinnt mhaith eile ach barúlacha isteach.

(296) Rinneadh maímh inar áitíodh go méadódh forchur dleachtanna frithdhumpála na costais d'úsáideoirí, agus go mbeadh sé deacair iad a chur ar aghaidh ar na custaiméirí agus, dá bhrí sin, go gcuirfí a mbrabúsacht agus a n-iomaíochas i mbaol.Mhaígh roinnt úsáideoirí go bhféadfadh an méadú ar chostas, a bhaineann le forchur dleachtanna, a n-inbhuanaitheacht oibríochtúil a chur i mbaol. D'áitigh roinnt úsáideoirí go bhféadfadh inmharthanacht leanúnach gníomhaíochtaí táirgthe áirithe laistigh den Aontas a bheith i mbaol, rud a d'fhéadfadh laghdú, athlonnú lasmuigh den Aontas agus/nó dúnadh gnólachtaí a bheith mar thoradh air.

(297) Thug an Coimisiún dá aire go bhfuil úsáideoirí gníomhach go príomha i dtáirgeadh ábhar scríobach agus teasfhulangach, ar príomhábhar ionchuir é alúmana comhleáite ina leith. De réir na faisnéise a chuir na comhlachais ar fáil, i dtéarmaí tomhaltais, ceannaíonn tionscal na n-ábhar teasfhulangach thart ar 80 000 tona in aghaidh na bliana. Meastar go bhfuil tomhaltas an tionscail scríobach idir 200 000 agus 250 000 tona in aghaidh na bliana. Is ionann an earnáil sin agus thart ar 60 % go 70 % d'éileamh iomlán ar alúmana comhleáite an Aontais. Ó thaobh na fostaíochta de, fostaíonn tionscal na n-ábhar teasfhulangach thart ar 20 000 duine san Eoraip, agus tá thart ar 8 400 post sa tionscal scríobach sa Ghearmáin agus san Iodáil amháin. Maidir le láimhdeachas, meastar go ngineann tionscal na n-ábhar teasfhulangach ioncam bliantúil measta EUR 4 bhilliún san Eoraip. Gineann tionscal na scríobach thart ar EUR 2,3 billiún in ioncam bliantúil sa Ghearmáin agus san Iodáil amháin.

(298) Bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh i gceistneoirí na n-úsáideoirí, suíodh, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, gur athraigh an ghníomhaíocht a bhain leis an táirge faoi imscrúdú i gcomhréir lena ngníomhaíocht iomlán agus gur idir 5 % agus 30 % den láimhdeachas iomlán do thionscal na n-ábhar teasfhulangach agus idir 25 % agus 85 % den láimhdeachas iomlán do thionscal na scríobach a bhí i gceist. Ar an meán, le linn na tréimhse imscrúdúcháin, thart ar 15 % de ghníomhaíocht iomlán na n-úsáideoirí comhoibríocha laistigh de thionscail na n-ábhar teasfhulangach agus thart ar 53 % d'úsáideoirí comhoibríocha laistigh de thionscal na scríobach a bhí i gceist leis an ngníomhaíocht a bhain leis an táirge lena mbaineann.

(299) Na húsáideoirí a d'fhreagair an ceistneoir, b'ionann iad agus thart ar 20 % de thomhaltas iomlán alúmana comhleáite san Aontas agus thart ar 25 % d'allmhairí an Aontais ón tSín. I measc na bhfreagairtí sin, is ón tSín a tháinig thart ar 50 % den alúmana comhleáite a úsáideadh sa tionscal scríobach, agus bhí an sciar de thionscnamh na Síne thart ar 65 %-69 % i dtionscal na n-ábhar teasfhulangach.

(300) Mheas an Coimisiún, dá bhforchuirfí dleachtanna ar an leibhéal atá beartaithe agus dá bhfanfadh na tosca uile eile seasmhach, go bhféadfadh méadú idir 10 % agus 30 % teacht ar an gcostas táirgthe d'úsáideoirí, ag brath ar an gcuideachta shonrach. Go sonrach, maidir le tionscal na n-ábhar teasfhulangach, bheadh an méadú measta ar chostais táirgthe idir 10 % agus 30 %, agus i gcás thionscal na scríobach, meastar go mbeadh an méadú idir 10 % agus 23 %. Mar sin féin, tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil na measta cháin sin bunaithe ar an toimhde gur de thionscnamh na Síne é an t-alúmana comhleáite go léir. I ndáiríre, tá an soláthar do thionscail iartheachtacha níos éagsúla. Maidir leo siúd a d'fhreagair an ceistneoir, is ón tSín a tháinig thart ar 50 % den alúmana comhleáite a úsáideadh sa tionscal scríobach agus thart ar 65 % i dtionscal na n-ábhar teasfhulangach. Tugann sé sin le fios go dtagann sciar suntasach den soláthar ó fhoinsí seachas an tSín, rud a mhaolódh tionchar costais foriomlán na ndleachtanna. Ina theannta sin, beidh an éifeacht iarbhír ar chostais táirgthe éagsúil ag brath ar mheascán sonrach foinsí soláthair gach cuideachta. Is dócha go mbeidh méadú costais níos teoranta orthu siúd a bhfuil spleáchas níos ísle acu ar fhoinsí Síneacha, agus d'fhéadfadh sé go ndéanfaí difear níos mó dóibh siúd a bhfuil spleáchas níos airde acu. Dá bhrí sin, ba cheart measúnú a dhéanamh ar thionchar na ndualgas atá beartaithe i bhfianaise na straitéisí éagsúla foinsithe sin.

(301) Maidir leis an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith ag na bearta ar an mbrabúsacht, tá an cás casta mar gheall ar éagsúlacht na gcuideachtaí lena mbaineann. Bhí éagsúlacht sa bhrabúsacht i measc úsáideoirí ar fud na n-earnálacha agus na gcuideachtaí aonair araon, agus thuairiscigh roinnt acu corrlaigh dhearfacha, agus bhí caillteanais ag cuid eile acu.

(302) Mheas an Coimisiún go mbeadh an tionchar ar bhrabúsacht úsáideoirí ag brath den chuid is mó ar dhá phríomhthoisc: cumas na n-úsáideoirí méaduithe costais a chur ar aghaidh chuig a gcustaiméirí, agus an acmhainneacht chun soláthróirí malartacha a chur in ionad ionchuir a fhaightear ón tSín faoi láthair, ar choinníoll go bhféadfadh praghsanna na soláthairtí sin, tar éis na dleachtanna ar allmhairí ón tSín a fhorchur, tionchar an phraghais a mhaolú.

(303) Maidir leis an gcumas méaduithe costais a chur ar aghaidh, tá gá le measúnú breise. Aithníonn an Coimisiún, áfach, gur dóchúla go mbeidh cuideachtaí a oibríonn i ndeighleoga corrlaigh níos airde agus a tháirgeann táirgí níos speisialaithe in ann costais bhreise a aistriú chuig a gcustaiméirí. Os a choinne sin, táthar ag súil go mbeidh deacrachtaí níos mó ag cuideachtaí a mhonaraíonn táirgí nach bhfuil chomh speisialaithe céanna agus atá faoi réir iomaíocht níos leithne. Tá sé sin ábhartha go háirithe do ghnólachtaí atá ag feidhmiú faoi chaillteanas cheana féin, rud a thugann le fios nach raibh siad in ann praghsanna a ardú cheana féin fiú sular forchuireadh aon bheart.

(304) Maidir le hinfhaighteacht foinsí eile soláthair, suíodh leis an imscrúdú, mar a mhínítear a thuilleadh i roinn 7.4, go raibh tionscal an Aontais fós ina fhoinse iontaofa soláthair le haghaidh alúmana comhleáite agus go raibh acmhainneacht leordhóthanach ann chun freastal ar éileamh úsáideoirí an Aontais. Suíodh leis freisin nach bhfuil úsáideoirí san Aontas ag brath go hiomlán ar allmhairí ón tSín. Tá tríú tíortha eile, amhail Bairéin, an Bhrasaíl, na Stáit Aontaithe, agus an Úcráin, mar a thugtar le fios i roinn 5.2.1, i margadh an Aontais cheana féin agus is dócha go méadóidh siad a n-onnmhairí chuig an Aontas, rud a laghdóidh a thuilleadh an spleáchas ar allmhairí ón tSín.

(305) Thairis sin, mar a shuitear in aithris 244, bhí allmhairí ó Bhairéin agus ón Úcráin ar phraghas ní b'ísle ná allmhairí na Síne le linn na tréimhse imscrúdúcháin, rud a chuir roghanna malartacha iomaíocha ar fáil d'úsáideoirí an Aontais. Le hinfhaighteacht allmhairí ar phraghas níos ísle ó na tíortha sin, méadaítear éagsúlacht an tsoláthair agus cuirtear leis an iarracht an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta ar allmhairí na Síne a mhaolú freisin, lena n-áirithítear go mbeidh rochtain ag úsáideoirí an Aontais ar fhoinsí alúmana chomhleáite atá inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de fós.

(306) Tugann na torthaí sin le fios nach mbeadh ganntanais soláthair mar thoradh ar bhearta a fhorchur, agus go maolódh infhaighteacht an tsoláthair ó thríú tíortha agus ón Aontas, ar phraghsanna córa, go pointe áirithe, an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ar úsáideoirí. Mar sin féin, d'fhéadfadh na hiarmhairtí eacnamaíocha do thionscail úsáideoirí a bheith an-éagsúil, ag brath ar a suíomh sonrach ar an margadh, ar a struchtúir chostais, agus ar a gcumas méaduithe costais a ionsú nó a chur ar aghaidh. Déanfaidh an Coimisiún imscrúdú breise ar an tionchar sin.

7.4. **Tosca eile: Infhaighteacht an tsoláthair agus comhdhlúthacht an mhargaidh**

(307) Mhaígh roinnt páirtithe nach bhfuil tionscal an Aontais in ann na cainníochtaí atá ag teastáil a sholáthar do mhargadh an Aontais agus, dá bhrí sin, má fhorchuirtear dleachtanna frithdhumpála, tá riosca suntasach ann go mbeadh ganntanas ann san Aontas, lena n-áirítear i gcás cineálacha áirithe den táirge lena mbaineann.

(308) Fuarthas amach san imscrúdú nach raibh údar leis an argóint sin. Bhí tearcúsáid á baint ag tionscal an Aontais as a acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, is éard a bhí i ráta úsáide acmhainneacht táirgeachta an Aontais 43 % agus bhí acmhainneacht bhreise de thart ar 180 000 tona ann freisin. Suíodh san imscrúdú go bhfuil formhór na hacmhainneachta breise ar fáil láithreach nó go bhféadfadh sí a bheith ar obair laistigh de thréimhse an-ghearr ama gan mórán infheistíochta. Suíodh san imscrúdú freisin gur féidir, mar gheall ar acmhainneacht bhreise thionscal an Aontais, gach príomhchineál den táirge lena mbaineann a tháirgeadh. Comhfhreagraíonn acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais do thomhaltas an Aontais a bheag nó a mhór, agus 305 360 tona a bhí i gceist leis an tomhaltas sin le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(309) Ina theannta sin, léiríodh san imscrúdú, cé go bhfuil táirgeadh alúmana chomhleáite lonnaithe i roinnt príomhréigiún ar domhan den chuid is mó, gur féidir le hacmhainneacht reatha na táirgeachta, nach táirgeacht de chuid na Síne í, atá lasmuigh den Aontas an acmhainneacht táirgeachta, atá sách mór cheana féin, laistigh den Aontas a chomhlánú. Mar a shonraítear i dtábla 12, tá allmhairí ó thríú tíortha ar mhargadh an Aontais cheana féin. Mheas an Coimisiún gur dócha go dtiocfaidh méadú ar na hallmhairí sin, dá dtiocfadh laghdú ar na hallmhairí dumpáilte ón tSín. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid gur leor acmhainneacht bhreise iomlán an Aontais agus táirgeoirí tríú tíortha lasmuigh den Aontas chun tomhaltas an Aontais a chomhlíonadh.

(310) Chomh maith leis sin, d'áitigh roinnt páirtithe go gcruthófar riosca maidir le comhdhlúthacht an mhargaidh le forchur dleachtanna frithdhumpála ar an táirge lena mbaineann, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le méadú breise ar phraghsanna an táirge lena mbaineann.

(311) Thug an Coimisiún dá aire, cé gur fíor go bhforchuirtear le rialacha iomaíochta an Aontais caighdeáin iompraíochta níos déine ar chuideachta a bhfuil sciar suntasach den mhargadh aici, gur faoi na húdaráis iomaíochta atá sé sa deireadh a chinneadh an bhfuil ceannasacht ann agus an bhfuil mí-úsáid á baint as. In imeachtaí frithdhumpála, scrúdaíonn an Coimisiún ábhair imní maidir le hiomaíocht chun a shuí, ar an iomlán, an mbeadh sé soiléir go mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais bearta frithdhumpála a fhorchur. Ní féidir le hanailís den sórt sin measúnú iomaíochta a chuimsiú sa chiall dhlíthiúil dhocht, rud nach féidir ach le húdarás iomaíochta inniúil a dhéanamh. In

aon chás, níor soláthraíodh aon fhianaise láidir a thabharfadh le fios go rachadh an gearánach i mbun iompraíocht fhrithiomaíoch dá bhforchuirfí bearta frithdhumpála, seachas a sheasamh láidir ar an margadh cheana féin agus a rannpháirtíocht i gcleachtais tráchtála a mheastar a bheith caighdeánach go ginearálta, amhail praghsáil dhifreáilte atá nasctha le méideanna ceannaigh agus cineál na ngaolmhaireachtaí gnó atá ann cheana. Meabhraítear gurb é is cuspóir d'fhorchur beart frithdhumpála cothrom na Féinne a athbhunú, rud atá saofa ag cleachtais éagóracha trádála táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne. Ní hé is aidhm do na bearta frithdhumpála iallach a chur ar tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne imeacht as margadh an Aontais ach, ina ionad sin, dálaí a chruthú ina mbeadh táirgeoirí de chuid an Aontais agus táirgeoirí tríú tíortha in iomaíocht faoi dhálaí cothroma.

(312) Mhaígh roinnt páirtithe go bhfuil an próiseas deimhniúcháin, maidir leis na hábhair a úsáidtear ina gcuid táirgthe, go hinmheánach agus ag a gcliaint araon, fada agus casta. Is éard atá i gceist leis nósanna imeachta diana tástála agus formheasa chun comhlíonadh cheanglais an chustaiméara a áirithiú. Má fhorchuirtear bearta, d'fhéadfadh sé sin a thabhairt le tuiscint gur gá soláthróirí nó ábhair a athrú, rud a d'fhéadfadh próiseas athdheimhniúcháin a éileamh agus moill a chur ar tháirgeadh, rud a d'fhéadfadh cur isteach ar oibleagáidí conarthacha.

(313) Thug an Coimisiún dá aire roinnt tosca maolaitheacha a laghdaíonn an riosca sin go mór. Is táirgeoirí seanbhunaithe alúmana chomhleáite iad tionscal an Aontais agus roinnt soláthróirí ó thríú tíortha. Tá blianta fada taithí ag na soláthróirí sin sa mhargadh, agus iad ag soláthar ábhair a chomhlíonann caighdeáin tionscail. Ar an gcaoi chéanna, aithnítear gur táirgeoir ar ardchaighdeán é tionscal an Aontais, a bhfuil sé d'acmhainn aige diancheanglais deimhniúcháin a chomhlíonadh. Is minic gurb iad a tháirgí na chéad táirgí a dheimhnítear san Aontas, agus is ina dhiaidh sin a bhreithnítear foinsí eile. Thairis sin, tionscnaíodh an t-imscrúdú roinnt míonna ó shin, rud a thug am d'úsáideoirí ullmhú d'athruithe a d'fhéadfadh tarlú, measúnú a dhéanamh ar sholáthróirí eile, agus próisis deimhniúcháin a thionscnamh i gcás inar gá.

7.5. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(314) Aithníonn an Coimisiún na hábhair imní dhlisteanacha a chuir tionscail úsáideoirí in iúl, go háirithe maidir lena gcumas na méaduithe costais a ionsú nó a chur ar aghaidh agus brabúsacht a choinneáil ar bun. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí scrúdú níos doimhne a dhéanamh ar na saincheisteanna sin. Chuige sin, le linn chéim chinntitheach an imscrúdaithe, déanfaidh an Coimisiún measúnú breise ar mhéid agus ar thionchar na n-ábhar imní sin lena n-áiritheofar go mbeidh aon bhearta cinntitheacha a ghlacfar bunaithe ar thuiscint chuimsitheach ar na himpleachtaí eacnamaíocha níos leithne.

(315) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go sealadach, in ainneoin na n-ábhar imní dlisteanach atá ag tionscail na n-úsáideoirí, nár ann d'aon chúis láidir nach mbeadh sé le leas an Aontais bearta a fhorchur ar allmhairí alúmana chomhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, le linn na céime sin den imscrúdú. Meastar go bhfuil údar dlíthiúil leis na bearta agus go bhfuil siad comhréireach, ós rud é go bhfuil gá leo chun tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais a chosc, chun inmharthanacht tháirgeacht an Aontais a chaomhnú, agus chun iomaíocht chóir a áirithiú san Aontas. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí bearta sealadacha a fhorchur ag an gcéim seo den imscrúdú, agus gealltanas á thabhairt aige ag an am céanna measúnú breise a dhéanamh ar an tionchar ar thionscail úsáideoirí.

8. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA SEALADACHA**

(316) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir le dumpáil, díobháil, cúisíocht, leibhéal na mbeart agus leas an Aontais, ba cheart bearta sealadacha a fhorchur chun cosc a chur le tuilleadh díobhála do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte.

(317) Ba cheart bearta frithdhumpála sealadacha a fhorchur ar allmhairí táirgí de thionscnamh na tíre lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den bhun-Rialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithrisí 280 agus 281 gur cheart an corrlach dumpála a bheith sa leibhéal iomchuí chun deireadh a chur leis an díobháil.

(318) I bhfianaise a bhfuil thuas ba cheart na dleachtrátaí frithdhumpála sealadacha, arna sloinneadh ar phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh an dleacht chustaim a íoc, a bheith mar a leanas:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)
Chongqing Saite Corundum Co., Ltd.	125,2
Luoyang Runbao Abrasives Co., Ltd.	111,9
Cuideachtaí comhoibríocha eile	118,8
Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	136,3

(319) Na dleachtrátaí frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, bunaíodh iad ar bhonn thorthaí an imscrúdaithe seo. Dá bhrí sin, is léiriú iad ar an staid mar a suíodh le linn an imscrúdaithe seo maidir leis na cuideachtaí sin. Tá na rátaí dleachta sin infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na tíre lena mbaineann é agus arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge lena mbaineann arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach i gcuid oibríochtúil an Rialacháin seo, lena n-áirítear eintitis atá comhlachaithe leo siúd a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an dleachtráta is infheidhme maidir le 'gach allmhaire eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na dleachtrátaí frithdhumpála aonair.

(320) Chun na rioscaí maidir le himchéimniú a íoslaghdú de bharr na difríochta i ndleachtrátaí, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna frithdhumpála aonair a áirithiú. Níl cur i bhfeidhm dleachtanna frithdhumpála aonair infheidhme ach amháin nuair a chuirtear sonrasc tráchtála bailí i láthair údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, ba cheart allmhairí a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir leis na 'allmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne'.

(321) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc sin a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na dleachtrátaí frithdhumpála aonair a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(322) Má thagann méadú suntasach ar an méid onnmhairí a dhéanann ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na dleachtrátaí aonair is ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gurb éard atá i méadú den sórt sin ann féin athrú ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur na mbeart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí scrúdú san imscrúdú seo, inter alia, ar an ngá atá le ráta(í) dleachta aonair a bhaint agus forchur dleachta ar fud na tíre ina dhiaidh sin.

9. **CLÁRÚ**

(323) Mar a luaitear in aithris 3, chuir an Coimisiún allmhairí an táirge lena mbaineann faoi réir a gcláraithe. Rinneadh an clárú chun go mbeadh an fhéidearthacht ann dleachtanna a bhailiú go cúlghabhálach faoi Airteagal 10(4) den bhun-Rialachán.

(324) I bhfianaise na dtorthaí ag an gcéim shealadach, ba cheart scor de chlárú na n-allmhairí nó deireadh a chur leis an gclárú.

(325) Ní dhearnadh aon chinneadh nó ní féidir cinneadh a dhéanamh ag an gcéim seo den nós imeachta maidir le cur i bhfeidhm cúlghabhálach féideartha i ndáil le bearta frithdhumpála.

10. **FÁISNÉIS AG AN gCÉIM SHEALADACH**

(326) I gcomhréir le hAirteagal 19a den bhun-Rialachán, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoi fhorchur beartaithe na ndleachtanna sealadacha. Cuireadh an fhaisnéis sin ar fáil don phobal i gcoitinne freisin trí shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála. Tugadh 3 lá oibre do na páirtithe leasmhara chun barúlacha a thabhairt maidir le cruinneas na ríomhanna a nochtadh go sonrach dóibh.

(327) Ní bhfuarthas aon bharúil maidir le cruinneas na ríomhanna.

11. **FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**

(328) Ar mhaithe leis an dea-riarachán, iarrfaidh an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach i scríbhinn agus/nó éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála laistigh de sprioc-am seasta.

(329) Is torthaí sealadacha iad na torthaí maidir le forchur na ndleachtanna sealadacha, agus féadfar iad a leasú ag céim chinntitheach an imscrúdaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí alúmana chomhleáite, atá faoi láthair faoi chóid AC 2818 10 11, 2818 10 19, ex 2818 10 91, agus 2818 10 99 (cóid TARIC 2818 10 91 20, 2818 10 91 90) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh an dleachtráta frithdhumpála sealadach is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, atá ar an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

An tír thionscnaimh	Cuideachta	Dleacht frithdhumpála shealadach (%)	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Chongqing Saite Corundum Co., Ltd.	125,2	89RI
Daon-Phoblacht na Síne	Luoyang Runbao Abrasives Co., Ltd.	111,9	89RJ
Daon-Phoblacht na Síne	Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn I	118,8	Féach an Iarscríbhinn
Daon-Phoblacht na Síne	Na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne	136,3	8999

3. Beidh cur i bhfeidhm na ndleachtrátaí aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: '*Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid san aonad atáimid a úsáid) den (táirge lena mbaineann), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa tír seo: [an tír lena mbaineann]. Dearbhaím gur iomlán agus gur ceart an fhaisnéis sa sonrasc seo*.' Go dtí go gcuirfear an sonrasc sin i láthair, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir leis na hallmhairí uile eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

4. An táirge dá dtagraítear i mír 1, beidh a scaoileadh chun saorchúrsaíochta san Aontas faoi réir taisce ráthaíochta a sholáthar a bheidh comhionann le méid na dleachta sealadaí.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

1. Cuirfidh páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha i scríbhinn maidir leis an Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin laistigh de 15 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

2. Maidir leis na páirtithe leasmhara ar mian leo éisteacht leis an gCoimisiún a iarraidh, déanfaidh siad amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

3. Más mian le páirtithe leasmhara éisteacht a iarraidh leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála, iarrtar orthu déanamh amhlaidh laistigh de 5 lá féilire tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú a dhéanamh ar iarrataí a chuirtear isteach lasmuigh den teorainn ama sin agus cinneadh a dhéanamh ar cheart glacadh leis na hiarrataí sin más iomchuí.

Airteagal 3

1. Ordaítear leis seo do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí mar a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/260.

2. Maidir le sonraí arna mbailiú i ndáil le táirgí a tháinig isteach san Aontas Eorpach lena dtomhailt tráth nach faide ná 90 lá roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfar iad a choimeád go dtí go dtiocfaidh aon bheart cinntitheach i bhfeidhm, sin nó go dtí go bhfoirceannfar na himeachtaí seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne nár sampláladh

Tír	Ainm	Cód breise TARIC
Daon-Phoblacht na Síne	Art Abrasives (Guizhou) Co., Ltd.	89RK
Daon-Phoblacht na Síne	Bedrock Corundum Co., Ltd.	89RL
Daon-Phoblacht na Síne	Binzhou Qinai New Materials Co., Ltd.	89RM
Daon-Phoblacht na Síne	Guizhou Guxin New Materials Co., Ltd.	89RN
Daon-Phoblacht na Síne	Guizhou Kaicheng Fused Minerals Co., Ltd.	89RO
Daon-Phoblacht na Síne	Henan Ant Advanced Materials Co., Ltd.	89RP
Daon-Phoblacht na Síne	Henan Haochen Advanced Materials Co., Ltd.	89RQ
Daon-Phoblacht na Síne	Henan Hengxin Industrial & Mineral Products Co., Ltd	89SI
Daon-Phoblacht na Síne	Henan Jinfeng New Material Technology Co., Ltd.	89RR
Daon-Phoblacht na Síne	Imerys Fused Minerals (Guizhou) Co., Ltd.	89RS
Daon-Phoblacht na Síne	Qinai (Shandong) New Material Co., Ltd.	89RT
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Reckel Advanced Materials Co., Ltd.	89RU
Daon-Phoblacht na Síne	Qingdao Sisa Abrasives Co., Ltd.	89RV
Daon-Phoblacht na Síne	Saint-Gobain Ceramic Materials (Zhengzhou) Co Ltd	89RW
Daon-Phoblacht na Síne	Shandong Imerys Mount Tai Co., Ltd.	89RX
Daon-Phoblacht na Síne	Shanxi Lvliangshan Mineral Co., Ltd.	89RY
Daon-Phoblacht na Síne	Yichuan Kingsino Refractories Co., Ltd	89RZ
Daon-Phoblacht na Síne	Zhengzhou Sinabuddy Mineral Co., Ltd.	89SA
Daon-Phoblacht na Síne	Zhengzhou Yufa High-Tech Material Co., Ltd.	89SB
Daon-Phoblacht na Síne	Zibo Jin Chun Tai Abrasives Co., Ltd.	89SD
Daon-Phoblacht na Síne	Zibo Jinjiyuan Abrasives Co., Ltd.	89SC